Tuiscint ar Litriú na Gaeilge

Lámhleabhar do Mhúinteoirí agus d'Fhoghlaimeoirí

Nancy Stenson agus **Tina Hickey**

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Tuiscint ar Litriú na Gaeilge
Lámhleabhar
do Mhúinteoirí agus
d'Fhoghlaimeoirí

Nancy Stenson agus Tina Hickey

Tiomnaithe do Chaitríona Olson agus do Chaitríona Callan.

© Stenson agus Hickey 2019

Aistritheoir / Eagarthóir: Pól Ó Cainín
Dearthóir: Denis M-Baker – The Unlimited Design Co.
Clódóir – Walsh Colour Print

Buíochas

Thacaigh deontas ón gComhairle um Oideachas Gaeltacht agus Gaelscolaíochta (COGG) le hullmhúchán an fhoilseacháin seo, agus is mian linn ár mbuíochas speisialta a ghabháil le COGG, agus le Muireann Ní Mhóráin agus le Pól Ó Cainín ach go háirithe. Táimid an-bhuíoch de thacaíocht scéim chomhaltachta Marie Skłodowska-Curie Fellowship chun an comhoibriú seo a chumasú mar gheall ar an maoiniú óna Chomhaltacht Idirnáisiúnta Nua a cuireadh ar fáil don chéad údar. Agus táimid an-bhuíoch freisin de Scoil na Síceolaíochta COBÁC as an údar sin a ostáil mar chomhalta nua agus níos moille mar Ollamh Taca. Is mian linn buíochas a ghabháil freisin leis an bhFondúireacht Fulbright as an gComhalta a bhronn siad ar an Ollamh Stenson sula bhfuair sí comhaltacht Marie Curie. Thar aon ní eile, gabhaimid buíochas leis na hoideachasóirí ag an gcéad leibhéal, an dara leibhéal agus an tríú leibhéal a roinn a dtaithí agus a saineolas linn sa taighde as ar tharraingaíomar san fhoilseachán seo.

Bhaineamar tairbhe mhór as ionchur óna lán foinsí, roinnt díobh nach féidir linn a ainmniú anseo. Ar dtús, is mian linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil leis na daoine uile a ghlac páirt inár n-agallaimh chailíochtúla sa stáidéar, a roinn a gcuid ama agus a saineolas linn go fial, agus gabhaimid ár mbuíochas leis na daoine a chuir fáilte romhainn chuig a seomraí ranga agus a rinne an bhreathnóireacht agus na hagallaimh níos éasca dúinn. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na rannpháirtithe ag a lán comhdhálacha, seimineár agus cur i láthair, go háirithe iad siúd in Bangor, Beirlín, Brighton, Hamilton agus Ottawa, chomh maith leis na daoine i roinnt institiúidí oideachasúla in Éirinn a thug tuairimí agus moltaí dúinn. I measc daoine eile a roinn a gcuid léargas (ach nach bhfuil freagrach as na torthaí) tá Benedetta Bassetti, Will Kenny, Wesley Koster, Ann Mulkern, Mary Roguski (buíochas speisialta as an bhfotheideal ar Chaibidil 7), Diarmuid Ó Sé, Regina Ní Chollatáin, Méidhbhín Ní Úrdail, Máire Ní Bhaoill, Aisling Ní Dhiorbháin, Pádraig Ó Duibhir, Noel Ó Murchadha agus Monica Ward. Is mian linn ár mbuíochas speisialta a ghabháil le Clár Ní Bhuachalla, Oifigeach Gaeilge COBÁC, a comhghleacaithe, agus na mic léinn in *Teach na Gaeilge COBÁC*, as a dtacaíocht i rith an tionscadail seo. Gabhaimid buíochas leis an Ollamh Alan Carr agus leis an Ollamh Éilis Hennessy as a dtacaíocht i rith an chláir chomhaltachtaigh, agus as an Ollamh Aidan Moran, Helen O'Shea, Claire O'Rourke agus Conal Ó Dufaigh as a dtacaíocht ag tréimhsí éagsúla le linn bhailiú agus anailís na sonraí.

Clár

1.	**Réamhrá: Cad chuige ar chóir léitheoireacht na Gaeilge a mhúineadh?**	**1**
	Cé a léann Gaeilge?	*3*
	Faillí á déanamh i léitheoireacht na Gaeilge	*4*
	Cad chuige ar chóir léitheoireacht na Gaeilge a mhúineadh?	*5*
	Conas an leabhar seo a úsáid	*7*
2.	**Taithí múinteoirí ar Mhúineadh Léitheoireacht na Gaeilge**	**9**
	An Ghaeilge agus an curaclam	*9*
	Léitheoireacht na Gaeilge: Faillí á déanamh i ndíchódú na Gaeilge	*11*
	Ullmhú agus scileanna teanga	*13*
	Ábhair agus áiseanna	*15*
3.	**Cad chuige ar chóir díchódú a mhúineadh?**	**21**
	Torthaí i ngnóthachtáil na Gaeilge	*23*
	Tacaíochtaí taighde do theagasc díchódaithe soiléir	*24*
4.	**Eolas maith ar an téarmaíocht**	**35**
	Sainmhíniú ar roinnt téarmaí	*35*
	An Aibítir Idirnáisiúnta Foghraíochta	*39*
5.	**Ó fhuaim go litriú: Consain sa Ghaeilge**	**43**
	Consain sa Ghaeilge agus sa Bhéarla	*43*
	Athruithe tosaigh	*43*
	Cáilíocht chonsain: Caol agus Leathan	*46*
	Caol le caol, leathan le leathan sa litriú	*47*
	Rialacha 1: Rialacha litrithe le haghaidh consain chaola	*50*
	Rialacha 2: Rialacha litrithe le haghaidh consain leathana	*54*
	Carn consan agus péirí íosdifríochtaí	*55*
6	**Ó fhuaim go litriú: Gutaí sa Ghaeilge**	**59**
	Fad guta	*59*
	Fóinéimí agus graiféimí gutaí	*60*
	Rialacha 3: Rialacha litrithe le haghaidh gutaí caola	*62*
	Rialacha 4: Rialacha litrithe le haghaidh gutaí leathana	*64*
	Gutaí tosaigh nach bhfuaimnítear	*64*
	Défhoghair	*65*
7.	**Ó fhuaim go litriú: Fáinne Rúnda an Díchódóra**	**67**
	Conas a déileálann tú le focail nua sa Ghaeilge?	*67*
	Treoirline 1: Múineadh litriú gutaí	*68*
	Treoirline 2: Múineadh litriú consan	*69*
	Cad atá rialta?	*70*
	An tslí le déileáil le leaganacha difriúla i gcanúintí	*71*
	Díchódú litriú na Gaeilge	*71*
	Achoimre 1: Fuaimniú rialta ar litriú na ngutaí fada	*72*
	Achoimre 2: Fuaimniú rialta ar litrithe na ngutaí gairide	*73*
	Díchódú ar Ghutaí na Gaeilge: Achoimre	*74*
	Achoimre 3: Achoimre ar ghutaí	*74*
	Achoimre 4: Rialacha breise ar fhuaimniú	*75*
8	**Eisceachtaí agus malairtí**	**79**
	Neamhrialtachtaí a bhfuil patrúin leo	*79*
	Neamhrialtachtaí nach bhfuil patrúin leo	*82*
	Éagsúlachtaí sna canúintí	*86*
9	**Ceachtanna 1-30**	**89**
	Áiseanna	**123**
	Leabharliosta	**127**

Caibidil 1 Réamhrá: Cad chuige ar chóir léitheoireacht na Gaeilge a mhúineadh?

> *C: What would you most like help with in teaching Irish reading?*
>
> *F: You mean the most help for teachers? I think, maybe to be taught how to teach [Irish] reading, rather than making it up yourself!*

Tá an sliocht thuas ar cheann de na freagraí a thug múinteoirí dúinn i sraith agallamh ina ndearnamar iarracht teacht ar an tuiscint a bhí ag múinteoirí ar conas a mhúintear léitheoireacht na Gaeilge agus ar an dúshlán atá roimh na múinteoirí sin ag cabhrú le páistí scoile a scileanna litearthachta a fhorbairt sa dara teanga s'acu. Cé nach bhfuil an sliocht chomh pointeáilte agus atá freagraí eile, léiríonn an ceann seo go soiléir an frustrachas atá ar mhúinteoirí a chreideann nach bhfuil siad ullamh don tasc chun litearthacht na Gaeilge a fhorbairt, agus nach bhfuil siad cinnte faoi na chéad chéimeanna eile sa phróiseas. Cé gur cuid de ghnáth-theagasc é teagasc na fónaice i dteagasc léitheoireacht an Bhéarla, deir múinteoirí go gcreideann siad nach féidir an méid a fhoghlaimíonn siad faoin teagasc sin a aistriú go teagasc léitheoireacht na Gaeilge. Aontaímid leo, agus is í sin an phríomhchúis ar fhorbraíomar an lámhleabhar seo.

Faoi láthair tá faillí á déanamh ar léitheoireacht na Gaeilge i scoileanna ar a lán leibhéal, agus mar thúsphointe, tá easpa ullmhúcháin ann chun léitheoireacht na Gaeilge a mhúineadh mar ábhar atá scartha ó léitheoireacht an Bhéarla. I mblianta tosaigh na bunscolaíochta, is furasta a thuiscint go bhfuil an bhéim ar theanga bhéil agus foghlaimeoirí an dara teanga á dteagasc. Ach nuair a thosaíonn múinteoirí ar theagasc na Gaeilge scríofa, bíonn siad ag streachailt chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí sa tasc sin agus is minic a bhraitheann siad nach bhfuil aon tacaíocht acu ina gcuid oibre. I scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla, is minic go mbíonn easpa ábhair léitheoireachta acu sa Ghaeilge. I gcás múinteoirí nár fhoghlaim riamh conas a oibríonn córas litriú na Gaeilge, deir siad go bhfuil éiginnteacht ann faoi conas is féidir leo cabhrú lena ndaltaí é a thuiscint. Lena chois sin, mar gheall ar shriantachtaí an churaclaim is deacair am a chur i leataobh do léitheoireacht na Gaeilge ar bhonn rialta ina lán ranganna nuair is gá tús áite a thabhairt d'fhorbairt na cainte sa teanga. Sa lámhleabhar seo díreoimid ar an mbearna atá san ullmhúchán agus sa tacaíocht a luann múinteoirí agus oideóirí múinteoirí, agus atá le feiceáil i bhfocail an mhúinteora sa sliocht thuas.

Léirigh tuilleadh iniúchta ar na sonraí faoi léitheoireacht na Gaeilge nach raibh na múinteoirí leo féin ina dtuairim go bhfuil rud éigin ar lár i dteagasc na Gaeilge. Léirigh tuarascálacha na Cigireachta agus staidéir eile de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna gur thug cigirí agus taighdeoirí laigí faoi deara i dteagasc léitheoireacht na Gaeilge; bhí easpa ullmhúcháin ann do mhúinteoirí agus bhí siad ag brath go mór ar théacsleabhair Ghaeilge, agus dá bharr sin, bhí orthu ábhair fhiúntacha léitheoireachta a fhágáil i leataobh. Ní hiad na hábhair theoranta i léitheoireacht na Gaeilge an t-aon fhadhb: léiríonn taighde idirnáisiúnta gur gá feasacht teanga a bheith ag múinteoirí chun litearthacht teanga na ndaltaí a fhorbairt. Fuair Moats (1994) laigí móra i bhfeasacht teanga i measc mhúinteoirí na n-ealaíon léitheoireachta agus teanga sna Stáit Aontaithe. In 2009 d'fhoilsigh sí alt ar an téama céanna a rinne an cás go

raibh tábhacht le forbairt a leithéid d'fheasacht teanga i múinteoirí réamhsheirbhíse, agus rinne sí mionchur síos ar an eolas bunúsach atá riachtanach le haghaidh teagasc éifeachtach léitheoireachta. Bhain anailís Moat le suímh oideachasúla áit a bhfuil múinteoirí ag tacú le alitearthacht i máthairtheanga an pháiste. Is léir go bhfuil gá le tacaíocht dóibh siúd atá ag teagasc litearthachta sa dara teanga do pháistí a bhfuil cumas teoranta acu sa teanga sin, nó fiú do pháistí atá ina gcainteoirí dúchais i dteanga mhionlaigh atá i mbaol, an Ghaeilge, mar shampla.

Sa lámhleabhar seo táimid ag díriú ar phatrúin chórasacha litrithe i nGaeilge is féidir a mhúineadh go soiléir chun cabhrú le daltaí an nasc a dhéanamh idir focail scríofa i nGaeilge agus an t-eolas atá acu cheana féin ar an teanga labhartha. Ach, is é ár sprioc deiridh léitheoireacht na Gaeilge a éascú agus a spreagadh mar ghné bhreise den taithí ranga a bheidh ag páistí ar an nGaeilge labhartha, chun a dteagmháil a mhéadú leis an teanga agus chun eolas stór focal agus gramadaí a fhorbairt. Ní cúrsa cuimsitheach ar theagasc na léitheoireachta é an lámhleabhar seo, ach tá súil againn go mbeidh sé ina chabhair chun roinnt smaointe a sholáthar do mhúinteoirí faoi conas aghaidh a thabhairt ar an ngaol idir litriú agus fuaimniú na Gaeilge, agus faoi conas cabhrú leis na múinteoirí feabhas a chur ar a dtuiscint féin ar chóras ortagrafaíochta na Gaeilge. Má tá aon léitheoirí in amhras faoi luach a leithéid de theagasc, pléimid sin freisin sna chéad chaibidlí eile.

Tuigimid go han-mhaith nach páistí scoile amháin a mbíonn deacrachtaí acu le litriú na Gaeilge. Tá foghlaimeoirí fásta ann freisin agus deir siadsan gur cúis frustrachais dóibh beith ag iarraidh dul i ngleic le litriú na Gaeilge. Go bhfios dúinn, ach amháin ar shlí an-lom, níl aon ábhair ann d'fhoglaimeoirí fásta ar chomhfhreagairt litreacha agus fuaimeanna sa Ghaeilge agus ar an tslí a bhfuil siad éagsúil leis an mBéarla. D'fhorbair duine dínn roinnt ceachtanna córasacha le haghaidh foghlaimeoirí mar gheall ar an taithí a bhí aici ar mhúineadh daoine fásta, agus dúirt a lán mic léinn go bhfacthas dóibh go raibh na ceachtanna sin cabhrach. Spreag na ceachtanna sin roinnt den ábhar sa leabhar seo. Cé go ndearnamar leathnú mór agus oiriúnú mór ar na ceachtanna le haghaidh lucht léite níos leithne (agus níos óige), tá súil againn go mbeidh siad úsáideach freisin le haghaidh daoine fásta atá ag déanamh staidéir ar an nGaeilge, go háirithe daoine atá ag obair go neamhspleách gan aon mhúinteoir líofa le cabhrú leo. Creidimid go mbeidh an leabhar ina áis úsáideach le haghaidh múinteoirí faoi oiliúint agus le haghaidh múinteoirí inseirbhíse ar mian leo feabhas a chur ar a dtuiscint féin ar an tslí a n-oibríonn litriú na Gaeilge, chun go gcabhróidh sé leo i múineadh daltaí bunscoile.

Is beag plé atá i litríocht na litearthachta dátheangaí ar chás uathúil sochtheangeolaíoch na Gaeilge, áit a ndéanann cainteoirí dúchais theanga an tromlaigh staidéar i suímh éagsúla scoileanna ar theanga mhionlaigh atá i mbaol. Sa chuid is mó den phlé a bhaineann le sealbhú litearthacht dhátheangach tá an plé sin leabaithe i gcomhthéacsanna ina bhfuil cainteoirí dúchais mionlacha ag foghlaim teanga mhórlach sochaí (suímh inimirce) nó ina bhfuil cainteoirí theanga an tromlaigh ag déanamh staidéir ar theanga mhionlaigh i gcomthéacsanna tumoideachais, mar shampla, staidéar na Fraincise i gCeanada, staidéar na Spáinnise (i measc teangacha eile) sna Stáit Aontaithe, nó staidéar na Gaeilge i nGaelscoileanna in Éirinn. Ach sna cásanna seo ní féidir comparáid a dhéanamh idir iad agus cás fhoghlaimeoirí na Gaeilge i scoileanna a mhuineann trí mheán an Bhéarla. Is iad seo roinnt de na difríochtaí atá le feiceáil i gcomhthéacs na Gaeilge:

- tá teorainn leis an méid Gaeilge a chloiseann, a labhraíonn agus a fheiceann an chuid is mó de na daltaí lasmuigh agus laistigh dá seomraí ranga,

- tá teorainneacha níos mó ar na háiseanna atá ar fáil le haghaidh mhúineadh agus fhoghlaim na teanga i gcomparáid le teangacha eile, an Béarla, an Fhraincis agus an Spáinnis, mar shampla, a mhúintear ar leibhéal níos leithne, agus
- an chuid is mó de mhúinteoirí na Gaeilge labhraíonn siad í mar dhara teanga (L2).

Dá bharr seo, na rudaí a bhfuilimid ag súil leo maidir le Sealbhú an Dara Teanga (SLA) a éiríonn as taighde i suímh idirnáisiúnta, seans go mbeidh siad sin rud beag neamhréadúil i gcomhthéacs na hEireann. Mar sin féin, sna torthaí taighde a bhaineann le SLA agus lena n-impleachtaí teagaisc, is féidir leis na torthaí sin bonn eolais a chur faoi chleachtaí teagaisc, má úsáidimid agus má oiriúnaímid na torthaí sin go cúramach sa chomhthéacs ina múinimid Gaeilge. Léiríonn an lámhleabhar seo modh maidir le gné amháin de theagasc na Gaeilge: múineadh agus foghlaim na léitheoireachta agus an litrithe.

I mbunscoileanna na hÉireann, múineann na múinteoirí uile an Ghaeilge mar chuid den ghnáthchuraclam. In os cionn 90% de scoileanna, is ábhar aonair í i measc dhá ábhar déag sa churaclam, agus is cúis mhór imní i measc múinteoirí agus oifigigh oideachais í ceist róphlódú an churaclaim (Comhairle na hEorpa, 2007). Mar gheall ar an laghdú ama a thugtar do mhúineadh na Gaeilge, is gá an t-am atá fágtha a úsáid chomh héifeachtach agus is féidir, agus cuirfimid an cás chun tosaigh thíos má tá aird níos fearr ar theagasc na léitheoireachta go gcuirfidh sin le héifeachtúlacht foghlama sa Ghaeilge.

Cúis imní eile atá pléite ag Comhairle na hEorpa (2007) Profile for Ireland agus ag Stenson agus Hickey (2014) is ea an easpa ama a bhíonn i gcláir oideachais múinteoirí le haghaidh

- riachtanais shonracha i múineadh na Gaeilge
- forbairt ar chumas teanga na múinteoirí
- forbairt ar mhuinín na múinteoirí ina scileanna féin sa Ghaeilge.

I bproifíl Chomhairle na hEorpa (2007) creideann os cionn 20% de mhúinteoirí nach bhfuil dóthain Gaeilge acu chun í a mhúineadh go maith. Tá súil againn go gcuirfidh na ceachtanna ag deireadh an lámhleabhair seo le feabhas ar thuiscint na múinteoirí seo ar litriú agus ortagrafaíocht na Gaeilge, agus déanfaimid an cás thíos go gcabhróidh sin leo feabhas a chur le scileanna béil chomh maith le scileanna litearthachta.

Cé a Léann an Ghaeilge?

Is cainteoirí dúchais Béarla iad an chuid is mo de pháistí i Poblacht na hÉireann agus cuireann siad tús le foghlaim na Gaeilge mar dhara teanga (T2) agus iad ag tosú ar scoil. I scoileanna Béarla, áit a bhfuil an Ghaeilge ina hábhar aonair, cuireann daltaí tús leis an litearthacht sa Bhéarla, agus díríonn múinteoirí na ceachtanna Gaeilge ar scileanna béil go dtí Rang a Dó, nuair a thosaíonn na daltaí ar léitheoireacht na Gaeilge mar T2. A mhalairt ar fad atá i gceist i scoileanna Gaeltachta, is í an Ghaeilge an chéad teanga (T1) a labhraíonn roinnt de na daltaí (ach ní gach dalta), agus is í an Ghaeilge an chéad teanga do líon níos lú páistí i scoileanna lán-Ghaeilge freisin. Is í an Ghaeilge meán teagaisc na scoileanna lán-Ghaeilge, agus is í an méan teagaisc í i gcuid mhaith de na scoileanna Gaeltachta, ach is í an Ghaeilge an T2 i gcás cuid mhaith de na páistí atá ag freastal ar na scoileanna seo. I scoileanna lán-Ghaeilge de ghnáth foghlaimíonn páistí a litearthacht i nGaeilge ar dtús agus ansin tosaíonn siad ar léitheoireacht an Bhéarla níos moille (ní hionann an uair a thosaíonn siad uirthi seo). Tá grúpa foghlaimeoirí eile i measc na bpáistí a fhreastalaíonn ar scoil in Éirinn agus is iad sin na páistí thagann ó chúlraí eile teanga agus a fhoghlaimíonn an Ghaeilge mar thríú (nó mar cheathrú) teanga. Sa

deireadh, taobh amuigh d'Éirinn, freastalaíonn roinnt de dhiaspóra na hÉireann ar ranganna teanga pobail, go háirithe sa Ríocht Aontaithe, agus go leibhéal níos ísle i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus san Astráil.

Tá fás ag teacht freisin ar líon na ndaoine fásta atá ag foghlaim na Gaeilge, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Tá a lán cúrsaí ar fáil in Éirinn do dhaoine fásta ar mian leo feabhas a chur ar an nGaeilge a d'fhoghlaim siad ar scoil agus tá cúrsaí ar fáil do chuairteoirí ón gcoigríoch chomh maith. Thar na blianta deiridh ar fud an domhain tá cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta faoi bhláth, cúrsaí a bhfuil creidiúintí ag dul leo ag leibhéal na hollscoile agus tá an Ghaeilge á foghlaim i ngrúpaí staidéir neamhfhoirmeálta. Cé go ndéanann daoine staidéar ar an nGaeilge i dtíortha ina labhraítear Béarla den chuid is mó, is féidir teacht ar fhoghlaimeoirí na Gaeilge sa Ghearmáin, sa Rúis, san Fhionlainn, san Iorua, sa tSualainn, sa Fhrainc, sa Pholainn, i bPoblacht na Seice, in Iosrael, sa tSeapáin, agus i dtíortha eile. Cé go mbíonn leibhéal ard líofachta ag na daoine seo de ghnáth i léitheoireacht T1 agus go mbíonn eolas maith ag a lán díobh ar theangacha eile chomh maith, bíonn leibhéil éagsúla cumais acu sa Ghaeilge agus i bhfoghlaim teanga agus iad ag díriú a n-airde ar léitheoireacht na Gaeilge.

Is dócha go mbeidh dúshláin den chineál céanna ag na grúpaí seo uile ina n-iarrachtaí i léitheoireacht na Gaeilge, go háirithe na daoine sin a d'fhoghlaim nó atá ag foghlaim na léitheoireachta sa Bhéarla. Tá tuiscint acu ar conas a oibríonn cló ar an leathanach, ar conas is gá léamh ó chlé go deas, ar conas na litreacha a ainmniú, ar conas a sheasann litir nó sraith litreacha d'fhuaimeanna na teanga labhartha, agus is féidir an tuiscint sin a aistriú ó léitheoireacht an Bhéarla go léitheoireacht na Gaeilge. Ach tá tuiscint acu ar an ngaol díreach idir na litreacha agus fuaimeanna an Bhéarla agus ní bheidh an tuiscint sin ina cabhair i léitheoireacht na Gaeilge, agus seans go mbeidh sí ina bac, toisc nach ionann an tslí a seasann na litreacha d'fhuaimeanna sa dá theanga, agus ní hionann na fuaimeanna ach an oiread.

Faillí á déanamh ar léitheoireacht na Gaeilge

I sraith agallamh ar mhúineadh na Gaeilge le múinteoirí bunscoile agus le daoine eile sa ghairm chéanna (Hickey agus Stenson, 2016, agallaimh atá pléite ar shlí níos míne sa chéad chaibidil eile) nochtann siad dearcadh láidir gurbh é an toradh a bhí leis an mbéim ar chumarsáid i gCuraclam na Gaeilge gur dhírigh múinteoirí níos mó ar Ghaeilge labhartha ná ar mhodhanna eile, agus léirigh siad gur beag aird a tugadh do theagasc foirmeálta na léitheoireachta ina lán seomraí ranga i ngnáthbhunscoileanna. Cé go gcuireann Curaclam na Bunscoile 1999 (CNCM 1999) béim ar thús áite na cainte, mhol an Curaclam go han-soiléir modh na gceithre scil a chuir béim ar an tábhacht mhór atá le litearthacht, taobh istigh de chreat an churaclaim chumarsáide. Cé gur rud dearfach é go bhfuil níos mó airde ar chaint in oideachas na Gaeilge i scoileanna na hÉireann seachas mar a bhí sna glúnta roimhe seo, ní aontaímid leis an mbarúil nach bhfuil an tábhacht chéanna le léitheoireacht ná le scríbhneoireacht agus creidimid go bhfuil an dá cheann tábhachtach agus go bhfuil siad ina n-úsáidí cumarsáideacha teanga. Bhain modh fánach leis an léitheoireacht ina lán seomraí ranga, agus sílimid nár fhreastail sin go han-mhaith ar fhoghlaimeoirí, agus feicfimid i gcaibidlí ina dhiaidh seo go bhfuil an dearcadh céanna ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), ag an gCigireacht, agus ag taighdeoirí eile i sealbhú an dara teanga. Creidimid gur cuid riachtanach d'fhorbairt teanga í an léitheoireacht agus sa rannóg seo cuirimid an cás gur chóir níos mó airde a dhíriú ar an léitheoireacht mar chuid de churaclam an dara teanga.

Cad chuige ar chóir léitheoireacht na Gaeilge a mhúineadh?

Is cuid thábhachtach de chlár an dara teanga é teagasc na léitheoireachta ar roinnt cúiseanna, cúiseanna a mbaineann le forbairt páistí agus le saol na scoile agus an phobail ar leibhéal níos praiticiúla. Tá roinnt de na ceisteanna faoi chaibidil sa rannóg seo.

Forbairt teanga bhéil: Tá roinnt fianaise ann go bhfuil nasc díreach idir litearthacht agus forbairt cainte. I staidéar a rinne Tarone, Bigelow agus Hansen (2007), mar shampla, fuair siad gur tháinig scileanna béil foghlaimeoirí Béarla lena leibhéil litearthachta sa chéad *agus* sa dara teanga s'acu. Agus múinteoirí ag cur béim shoiléir sa Ghaeilge ar chomhfhreagairtí litrithe go fuaim, díreoidh sin aird foghlaimeoirí ar ghnéithe d'fhoghraíocht na teanga atá deacair le hidirdhealú ag an tús. Nuair a dhéanann foghlaimeoirí cleachtadh le péirí íosdifríochta, *bád/báid* nó *bó/beo*, mar shampla, múineann an cleachtadh sin dhá rud dóibh - na difríochtaí eatarthu sa litriú agus an fuaimniú a bhaineann leo. Féach ar Chaibidil 4 le haghaidh níos mó plé agus féach ar Chaibidil 10 le haghaidh samplaí de cheachtanna.

Déanann teanga bhéil agus teanga scríofa treisiú ar a chéile má tá dea-shamplaí maithe d'ábhar léitheoireachta ar fáil a d'fhéadfadh páistí a chloisteáil agus iad ag léamh. I staidéar a rinne scrúdú ar cad a tharlódh dá mbeadh seans ag páistí leabhair thaifeadta Ghaeilge a thabhairt abhaile leo le héisteacht leo agus iad ag léamh na leabhar, fuair Hickey (1991) amach go raibh feabhas ar an sult a bhain na léitheoirí óga as a n-eispéireas léitheoireachta nuair a bhí siad ábalta éisteacht leis an leagan taifeadta agus iad ag léamh. Tar éis páirt a ghlacadh sa chlár, agus glacadh le luach na léitheoireachta agus na héisteachta mar ghníomhartha a thacaigh a chéile, dúirt múinteoir:

> *I think it's really important, again like, the way you learn language is listening to it, but you don't get very many opportunities to listen to it, so at least if you're reading and listening to it, someone who's reading with you, and you've got more opportunity to do that, so the reading kind of puts a structure, and adds kind of a structured listening element.*

Ról an teaghlaigh: Ina theannta sin, cé nach sílfeadh a lán tuismitheoirí, a labhraíonn Béarla, go mbeadh siad ábalta Gaeilge a labhairt lena bpáistí, seans go mbeadh siad níos compórdaí leis an léitheoireacht mar ghníomhaíocht. Mar a dúirt múinteoir eile:

> *Absolutely, yes [reading is an essential element of language learning]. Definitely, because it adds to their enjoyment of the language and you know it's something they take home to parents who don't have the language and they can share it with them and the child becomes the teacher and, you know, the parent becomes more interested in their child's education. So it is an essential part.*

Polasaí: Spreag forbairtí polasaí le gairid níos mó airde freisin ar an tslí a múintear scileanna litearthachta sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. Tá meascán de theangacha ina lán seomraí ranga, agus is gá curaclam gnóthach a dhéanamh níos éifeachtaí. Chuir na rudaí seo tús le forbairt agus tabhairt isteach Churaclam nua Teanga na Bunscoile ina chéimeanna, curaclam atá bunaithe ar chur chuige comhtháite do mhúineadh teangacha (féach ar Ó Duibhir agus Cummins, 2012). Sna curaclaim nua atá forbartha (CNCM, 2015) do scoileanna Béarla agus Gaeilge, tá leagan amach eile ar mhúineadh an Bhéarla agus na Gaeilge, agus luann na curaclaim go sonrach torthaí foghlama agus contanaim dul chun cinn le haghaidh mhúineadh comhtháite an Bhéarla agus na Gaeilge, agus is í an aidhm atá acu "tacú le múinteoirí le cabhrú le páistí dearcthaí dearfacha a fhorbairt i dtaobh teanga agus litearthachta" (CNCM, 2015:1). In éineacht le hathruithe curaclaim, ghlac an Stát go foirmeálta le '*Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-30*',

agus tá gealltanas inti chun cothú a dhéanamh go soiléir ar "chumas na ndaltaí an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh go cruinn" (Rialtas na hÉireann, 2010, lch. 4). Má tá na haidhmeanna sin le baint amach, beidh scileanna bunúsacha láidre litearthachta ina gcuid riachtanach de na haidhmeanna sin, agus is í ár sprioc anseo dialóg a oscailt faoi na slite chun tacú le múinteoiri sa tslí a dtugann siad faoin obair.

Riachtanais ag céim níos moille san oideachas: Seans go bhfuil an phríomhbhéim go deimhin ar theanga béil sa bhunscoil, agus cad chuige nach mbeadh, ach níl aon cheist ann faoi riachtanas na litearthachta ag leibhéal na hiar-bhunscoile san oideachas. In ainneoin athruithe ar Theastas na hArdteistiméireachta le gairid, tá cuid mhaith oibre ann fós le téacs, agus leanann an curaclam leis an litríocht agus leis an scríbhneoireacht ar feadh na hiar-bhunscolaíochta. Ní bheidh daltaí ábalta díriú ar na gnéithe seo mura bhfuil scileanna léitheoireachta acu cheana féin sa Ghaeilge, agus bheadh sé ina chabhair dá mbeadh taithí acu ar léitheoireacht na Gaeilge mar chaitheamh aimsire agus ar an sult a bhaineann léi, ach ní tharlóidh sin mura bhfuil na scileanna seo acu. Sa phroifíl teanga a rinne Comhairle na hEorpa ar Éirinn luaigh siad an fhadhb go raibh naisc laga idir curaclam na bunscoile agus curaclam na hiar-bhunscoile, agus sna hagallaimh a rinneamar le múinteoirí iar-bhunscoile deir siad gur i bhfad níos laige sa Ghaeilge atá na páistí atá ag teacht isteach ina ranganna ná ba chóir dóibh a bheith tar éis 8 mbliana bunscolaíochta. Tugann seo le fios go bhfuil gá le níos mó airde ar an léitheoireacht sula dtosóidh na páistí ar oideachas iar-bhunscoile. Má dhíríonn múinteoirí ar an léitheoireacht mar ghníomhaíocht chumarsáide – mar shlí eile chun eolas a bhailiú – cabhróidh sin le daltaí ullmhú le haghaidh an chuid chló-bhunaithe dá n-oideachas iar-bhunscoile, agus seans go mbeidh tionchair thairbheacha aici ar a sealbhú teanga ar an iomlán.

Teagmháil leis an teanga: 'Am ar thasc' - bunphrionsabal teoiric fhoghlama is ea an prionsabal sin agus dhírigh riail 10,000 uair an chloig Malcolm Gladwell aird an phobail air (*Outliers*, Penguin 2008). Is prionsabal ciallmhar é 'am ar thasc' ina lán gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt scileanna, mar shampla, seinm uirlisí ceoil, spóirt, agus foghlaim teanga. Dá mhéad ama a chaitheann duine ar ghníomh, is ea is fearr a éiríonn leis an duine sin. Cleachtadh a dhéanann máistreacht. Má chuireann múinteoirí an prionsabal i bhfeidhm ar fhoghlaim teanga, ciallaíonn sé gur mó an rath a bheidh ar fhoghlaimeoirí teanga, má chloiseann siad agus má fheiceann siad an teanga níos minice agus má tá níos mó teagmhála acu léi. Tá fadhb mhór le staidéar ar theanga sa seomra ranga agus is é sin go bhfuil teorainn leis an méid ama is féidir a chaitheamh ar an teanga ar scoil, go háirithe nuair a bhíonn líon mór daltaí sa rang agus nuair is gá freastal ar a lán ábhar agus gníomhaíochtaí eile sa scoil i rith an lae. Chun cumas feidhmiúil a fhorbairt, tá sé riachtanach go mbeidh teagmháil ann taobh amuigh den seomra ranga. Ach i gcás a lán daltaí, is beag seans a bhíonn acu le teagmháil a dhéanamh leis an nGaeilge taobh amuigh den seomra ranga. In ainneoin roinnt clár do pháistí ar an teilifís ó tháinig TG4 ar an saol, tá an Ghaeilge á bá ag tonn mhór an Bhéarla i mbeagnach gach cuid den tsochaí. Is féidir teacht ar an teanga labhartha, ach tá am agus obair i gceist leis sin, agus níl a lán teaghlach ábalta ná ullamh chun an t-am ná an obair sin a chur isteach. Ach is féidir le páistí teacht ar réimse teanga níos saibhre, i bhfoirm agus in ábhar, sa léitheoireacht ná sa teanga lábhartha léi féin. Cé nach bhfuil an méid céanna litríochta ar fáil sa Ghaeilge agus atá sa Bhéarla, tá i bhfad níos mó ann ná a fheictear atá ar fáil ina lán scoileanna ná a bhfuil múinteoirí eolach uirthi.

Stór focal: Is slí iontach í an léitheoireacht chun cur le stór focal, agus chomh luath agus a bhíonn daltaí ábalta téacsanna dílse a léamh ag a leibhéal scile, beidh teagmháil acu le réimse

níos leithne comhréire agus leaganacha cainte ná a bhíonn le cloisteáil sa ghnáthchomhrá. Nuair a dhéanann daltaí inmheánú air seo go léir, cuirfidh sé lena stór focal agus déanfaidh sé cainteoirí níos fearr díobh. I staidéir thrialacha ar fhoghlaimeoirí T2 i dteangacha eile fuair taighdeoirí amach go dtéann sealbhú foclóra le léitheoireacht le haghaidh tuisceana, agus i dtrialacha a dhíríonn go speisialta ar shealbhú foclóra fuair siad amach freisin go mbíonn tascanna léitheoireachta níos fearr ná tascanna giniúna teanga le haghaidh sealbhú stór focal agus an stór focal sin a choinneáil i gcuimhne.

Conas an leabhar seo a úsáid

Tá na caibidlí agus na ceachtanna sa leabhar seo á dtairiscint mar shlí le cur leis an tuiscint ar chóras ortagrafaíochta na Gaeilge agus le cabhrú leo siúd a bhfuil baint acu leis an teagasc nó ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge féin. Seans gur mhaith le roinnt léitheoirí dul go díreach chuig an anailís i g**Caibidil 4** agus chuig na ceachtanna ina dhiaidh sin, atá dírithe ar dhaoine fásta, ach d'fhéadfadh múinteoirí na ceachtanna a chur in oiriúint don seomra ranga tar éis dóibh dul tríothu roimh ré agus eolas a bheith acu ar riachtanais a ndaltaí féin. Tá roinnt molta tugtha don chineál sin oibre, ach beidh riachtanais ag an bhfoghlaimeoir aonair nach féidir linn bheith ag súil leo.

Do léitheoirí atá ag iarraidh an anailís a chur i gcomhthéacs ar conas atá léitheoireacht na Gaeilge á múineadh faoi láthair, agus ar cad iad na torthaí, cuireann na chéad trí chaibidil an cúlra cuí agus an teoiric chuí i láthair. I g**Caibidil 2** tá plé ann ar chleachtaí reatha teagaisc maidir le léitheoireacht na Gaeilge agus an cur síos orthu a rinne múinteoirí i scoileanna Béarla, cigirí scoile agus taighdeoirí eile, agus beidh suim faoi leith ag múinteoirí réamhsheirbhíse agus agus ag oideoiri múinteoirí sa chur síos síos sin. I g**Caibidil 3** tá achoimre ann ar thuarascálacha ar thorthaí foghlama sa Ghaeilge agus beidh cásanna á gcur chun tosaigh gur chóir comhfhreagairtí fuaimeanna agus siombailí a mhúineadh go soiléir.

I g**Caibidil 4** agus tús á chur le hanailís ar ortagrafaíocht na Gaeilge déanaimid achoimre ar roinnt eolas riachtanach cuí ar choincheapa a bhaineann le hanailís na gcóras fuaime sa teanga agus ar na téarmaí a bheidh in úsáid (a laghad agus is féidir) sna caibidlí atá le teacht. Sna trí chaibidil ina dhiaidh sin beidh plé ann (chomh simplí agus is féidir) ar chóras fuaime na Gaeilge agus ar an ngaol atá aige le litriú. Na samplaí atá sna caibidlí seo agus sna caibidilí ina ndiaidh fuaireamar iad i measc na 1,000 focal is airde minicíocht i gcorpas litríocht na Gaeilge do pháistí, mar sin, tá an chuid is mó de na samplaí in úsáid go coitianta i seomraí ranga na hÉireann. Tugaimid aghaidh ar fhadhb fuaime agus litrithe ó dhearcthaí éagsúla, agus clúdaímid an t-ábhar ar shlite éagsúla, toisc go n-aithnímid go bhfreagróidh léitheoirí éagsúla níos fearr do dhearcthaí áirithe ná do dhearcthaí eile. I g**Caibidil 5** tá cur síos ann ar chóras fuaime na gconsan, in éineacht leis an tslí ar leith a bhfuil gutaí in úsáid i litriú na Gaeilge chun cur leis an méid litreacha consan (níl go leor acu ann i gcóras fuaime na Gaeilge) atá ar fáil. I g**Caibidil 6** tá cur síos ann ar chóras na ngutaí, agus tá míniú ann, an uair seo ó thaobh na ngutaí de, ar conas a bhaineann litriú na Gaeilge úsáid ar shlí chruthaitheach as litreacha na ngutaí, ní hamháin chun fuaimeanna gutaí a láimhseáil ach chun difríochtaí consan a láimhseáil nach bhfuil sa Bhéarla. Léiríonn an dá chaibidil seo an fáth a bhfuil an oiread sin sraitheanna gutaí ina lán focal sa Ghaeilge. I g**Caibidil 7** tá an t-eolas céanna ann agus díríonn sé ar léitheoirí a fheiceann na siombailí agus ar mian leo a thuiscint conas a sheasann na siombailí do na focail labhartha. I g**Caibidil 8** tá cur síos ann ar roinnt eisceachtaí ar na patrúin rialta agus ar ghnéithe de mhalairtí leaganacha sna canúintí chomh maith. Mar fhocal scoir, i g**Caibidil 9** tá bailiúchán ceachtanna ann chun feasacht a ardú ar phatrúin litriú na Gaeilge agus ar na slite nach ionann

iad agus an Béarla. Ag deireadh gach caibidle cuirimid tagairtí agus áiseanna isteach le cabhrú leo siúd ar mian leo tuilleadh taighde/oibre a dhéanamh ar an ábhar sa chaibidil sin.

Caibidil 1 Tuilleadh léitheoireachta agus áiseanna

1. Pléann Nation (2007) an prionsabal 'am ar thasc' maidir leis an léitheoireacht, mar chuid dá achoimre ar theagasc na léitheoireachta, agus déanann sé cás gur chóir na scileanna uile a mhúineadh agus teacht ar chothromaíocht gníomhaíochtaí a dhíríonn ar chiall *agus* ar fhoirm. In Nation (2014) pléann sé an luach atá ar léitheoireacht leathan chun stór focal a fhoghlaim.

2. In Grabe (2009), i gCaibidil 13 tá plé maith ann ar na naisc idir forbairt léitheoireacha agus forbairt stór focal. In dhá thuarascáil ar staidéir thrialacha a rinne Day, Omura agus Hiramatsu (1991) agus Fraser (1999) léirigh siad go bhfoghlaimeoidh daltaí stór focal agus iad ag léamh chun an chiall a bhaint as téacs, go háirithe nuair a bhíonn an teagasc cuí ag na daltaí ar straitéisí ar conas focail choimhthíocha a aithint. Rinne Webb (2005) comparáid idir dhá thasc a dhírigh go sonrach ar fhoghlaim stór focal; tasc léitheoireachta agus tasc giniúint teanga. Fuair sé amach go raibh an tasc léitheoireachta níos éifeachtaí ar gach ceann de na deich dtomhas a bhaineann le sealbhú stór focal. Déanann Hickey (1991) cur síos ar an staidéar a bhain úsáid as clostéipeanna chun feabhas a chur ar an sult a bhain daltaí as an léitheoireacht.

3. Ó Duibhir and Cummins (2012), déanann siad plé ar an mbonn atá leis an gCuraclam nua Comhtháite Teanga agus is féidir an doiciméad a íoslódáil ó: https://www.ncca.ie/en/resources/towards_an_integrated_language_curriculum_in_early_childhood_and_primary_education

4. Is féidir teacht ar Churaclam Teanga na Bunscoile agus na hacmhainní a bhaineann leis ag: https://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Primary-Language?lang=ga-ie

5. Is féidir teacht ar ábhair thacaíochta do mhúinteoirí agus ar ábhair ar theagasc fónaice san áireamh ar: https://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Primary-Language/Resources/Support-Materials/Reading-PLC-Support-Materials.pdf

6. *An Siopa Leabhar* agus www.Litríocht.com - is foinsí maithe iad do litríocht do pháistí i nGaeilge, agus tá leabhair fhicsin agus neamhfhicsin ar fáil ag leibhéil éagsúla ann. *An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta* (COGG) www.cogg.ie – gach bliain foilsíonn COGG líostaí le haghaidh áiseanna teagaisc sa Ghaeilge; tá 59 leathanach d'ábhair ann in eagrán 2017.

Caibidil 2
Taithí múinteoirí ar Mhúineadh Léitheoireacht na Gaeilge

An Ghaeilge agus an Curaclam

Tá Curaclam Teanga na Bunscoile (CNCM, 2015) curtha i bhfeidhm sna bunscoileanna agus léiríonn sé go bhfuil cur chuige nua ann i múineadh na Gaeilge agus an Bhéarla. Ag eascairt as athbhreithniú thaighde Uí Dhuibhir agus Cummins (2012) ar mhúineadh comhtháite teanga, tarraingíonn an curaclam freisin ar pholasaithe reatha (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011), ar mheasúnachtaí na Cigireachta ar mhúineadh na Gaeilge sa bhunscoil (DES, 2007; Hislop, 2013) agus ar athbhreithnithe eile taighde ar fhorbairt teanga bhéil sna luathbhlianta (Kennedy et al. (2012) agus ar mhúineadh éifeachtach teanga (Harris & Ó Duibhir, 2011). Sa churaclam nua le haghaidh bunscoileanna Béarla tá torthaí foghlama agus contanaim dul chun cinn leagtha amach le haghaidh teanga bhéil agus le haghaidh léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge agus an Bhéarla freisin. Tá béim curtha ar cé chomh tábhachtach agus atá sé go n-úsáidfidh múinteoirí cur chuige córasach fónaice chun léitheoireacht a mhúineadh sa Ghaeilge, go bhforbróidh múinteoirí scileanna na bpáistí in conas focail aithint agus a thabhairt fúthu, agus go dtarraingeoidh múinteoiri ar fheasacht fóineolaíochta agus fhóinéimeach na bpáistí.

Tharla an ghluaiseacht chuig Curaclam Comhtháite Teanga na Bunscoile i dtréimhse nuair a d'fhás imní maidir le líon na n-ábhar i gclár ama na bunscoile. Tá ceisteanna ann fós maidir le Curaclam na Bunscoile 1999 agus is fada ó bheidh muid in ann measúnú a dhéanamh ar thionchar na méide a bhain an curaclam sin amach ó thaobh na Gaeilge de. Sa chur chuige nua seo tá rudaí áirithe lárnach, mar atá, forbairt ábhair tacaíochta agus sraith straitéisí le cabhrú le múinteoirí Curaclam Teanga na Bunscoile a chur i bhfeidhm. Tá gá práinneach le hoiliúint réamhsheirbhíse agus inseirbhíse le díriú ar na dúshláin a aithníonn múinteoirí maidir le múineadh scileanna béil agus litearthachta sa Ghaeilge. Is iad na dúshláin sin a bhaineann leis an léitheoireacht a phléimid anseo. Tá sé tábhachtach le cur san áireamh, mar chúlra, an tionchar a bhí ag an gCuraclam (Athbhreithnithe) Gaeilge roimhe seo ar na forbairtí atá ag tarlú anois, agus ar an tslí ar mhúnlaigh sé cur chuige teagascach glúin múinteoirí. Tá sé tábhachtach freisin le foghlaim ó na bearnaí idir mian agus cur i bhfeidhm an churaclaim roimhe seo chun gur féidir an Curaclam Comhtháite a sholáthar ar an tslí is éifeachtaí. Sa Churaclam (Athbhreithnithe) roimhe seo, mhol sé cur chuige cumarsáideach sa Ghaeilge, agus chlúdaigh sin labhairt, éisteacht, léitheoireacht agus scríbhneoireacht, ach tá roinnt fianaise ann nár baineadh an chiall cheart as an bhfocal "cumarsáideach" agus gur minic a shíl múinteoirí go ndearna sé tagairt go sonrach do scileanna béil, agus dá bharr sin, is beag aird a thug siad ar theagasc na litearthachta sa Ghaeilge.

Sa chaibidil seo féachfaimid go tapa ar an ngnás agus ar an gcleachtadh i measc múinteoirí i scoileanna Béarla maidir le múineadh léitheoireacht na Gaeilge, ós rud é go nochtann siad dearcthaí agus creidimh a bhfuil an-bhaint acu leis na riachtanais atá ag múinteoirí chun an curaclam nua a chur ar fáil freisin. Tarraingeoidh an plé sa chaibidil seo (agus i gcaibidlí eile)

ar shonraí ó roinnt agallaimh leathstruchtúrtha a rinneamar in 2013-14 le múinteoirí bunscoile, oideoirí muinteoiri agus saineolaithe eile teanga (Féach ar Stenson agus Hickey, 2014). Chuireamar ceisteanna (i nGaeilge) ar na saineolaithe teanga agus ar na hoideoirí múinteoirí faoina dtaithí féin ag foghlaim na Gaeilge agus faoina ndearcthaí maidir leis na dúshláin atá roimh fhoghlaimeoirí agus roimh mhúinteoirí sna seomraí ranga. I gcás na múinteoirí, bhí na hagallaimh i mBéarla, agus d'fhiafraíomar díobh cén cur chuige a bhí acu le Gaeilge a mhúineadh, cén dearcadh a bhí acu faoi áit na léitheoireachta sa churaclam ina iomlán, agus cé na dúshláin agus na riachtanais a bhí ann, dar leo, le feabhas a chur ar theagasc na Gaeilge, go háirithe, i gcás fhorbairt na litearthachta.

Léirigh na hagallaimh gur tháinig bearnaí móra chun solais idir sprioc agus cur i bhfeidhm an Churaclaim Athbhreithnithe reatha maidir le múineadh na léitheoireachta. Tá sé tábhachtach scrúdú a dhéanamh ar an smaointeoireacht taobh thiar de na bearnaí sin má táimid chun difríochtaí den chineál céanna a sheachaint i gcur i bhfeidhm an churaclaim chomhtháite. Gach múinteoir a labhair linn, chomh maith le roinnt de na hoideoirí múinteoirí, luaigh siad béim ar scileanna béil agus is beag tagairt a rinne siad do scileanna eile:

> *Is <u>cúrsaí cumarsáide</u> go léir a bhíonn acu, agus cursaí comhrá agus mar sin ann.*
>
> *My priority has always been getting them to <u>speak</u> it. I really don't care too much about any other aspect of it.*
>
> *What I want for them to do is to be able to <u>speak Irish,</u> to hear it spoken with different accents, to hear it spoken as a real language, and I am much more concerned about that than about teaching them reading…*

I gcás mhúinteoirí na ranganna sinsearacha, fiú amháin, dúirt siad go raibh cur chuige béil chun tosaigh sa teanga, agus luaigh siad go bhfacthas dóibh gur rud tánaisteach nó sa bhreis í an léitheoireacht. Sna freagraí seo, in éineacht leis na hábhair a bhí in úsáid, léirigh siad go raibh faillí á déanamh ar theagasc córasach na léitheoireachta, i roinnt scoileanna ar a laghad.

> *I don't know if teachers explicitly teach reading as much as we probably should.*
>
> *…once a fortnight we would do a reading lesson...*

Nuair a d'iarramar ar rannpháirtithe moltaí a dhéanamh le feabhas a chur ar churaclam na Gaeilge, mhol roinnt díobh béim níos mó ar theagasc na léitheoireachta, mar is léir thíos:

> *Caithfidh na múinteoirí tacú leis an léitheoireacht. Ach ní dhéanann siad é…*
>
> *Chuirfinn níos mó béime leis an léitheoireacht féin agus spreagadh chun léitheoireachta.*
>
> *I don't think there's enough emphasis on teaching reading…it's all about the phrases - and them speaking Irish and them understanding Irish.*
>
> *It's neglected…Irish in general, but Irish reading [in particular].*

An tuairim go mbaineann an cur chuige cumarsáideach le cumarsáid bhéil go príomha, agus nach bhfuil ach ról beag ag an léitheoireacht, tháinig an tuairim sin chun tosaigh sa chlaonadh a bhí ag roinnt múinteoirí (nuair a d'fhiafraíomar díobh conas a mhúin siad *léitheoireacht* na Gaeilge) béim a chur ar conas a d'úsáid siad cluichí, drámaí, amhráin agus araile chun Gaeilge ó bhéal a mhúineadh. Bhí béim ar mhúineadh na teanga labhartha chun tosaigh, agus ba ghá brú a chur ar a lán múinteoirí chun aon tagairt a dhéanamh do léitheoireacht na Gaeilge. Cé gur léirigh roinnt múinteoirí go raibh tuiscint acu ar thábhacht na léitheoireachta in oideachas teanga, bhí cuma ar an scéal gur beag córas a bhí in úsáid chun í a mhúineadh, rud a léiríonn gur gá díriú ar na scileanna seo go soiléir san oiliúint don churaclam nua.

Léitheoireacht na Gaeilge: Faillí á déanamh i ndíchódú

Sa Churaclam Athbhreithnithe bhí treoirlínte ann a léirigh do mhúinteoirí conas scéalaíocht agus léamh leabhar do pháistí a úsáid chun forbairt a dhéanamh ar scileanna éisteachta agus ar eolas ar chló. Mhol na treoirlínte do mhúinteoirí aird shoiléir a thabhairt ar fheasacht teanga, chun forbairt a dhéanamh ar thuiscint na bpáistí ar dhíchódú (is é sin, ar conas litriú a aistriú go foghraíocht cheart an fhocail scríofa) agus ar an nasc idir fuaim agus siombail sa Ghaeilge. Moladh dóibh idirdhealú a dhéanamh go soiléir idir gnásanna scríbhneoireachta na Gaeilge agus an Bhéarla, ar shlí réasúnta comhtháite, agus comhtháthú a dhéanamh ar scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, labhartha agus éisteachta i ngníomhaíochtaí ranga. Cé go ndúirt roinnt de na múinteoirí a bhí faoi agallamh gur bhain siad úsáid as roinnt de na moltaí seo i múineadh léitheoireacht na Gaeilge, léirigh roinnt eile díobh gur beag úsáid a bhain siad astu. Nuair a d'iarramar ar rannpháirithe insint dúinn faoi conas a d'fhorbair siad scileanna **léitheoireachta** na Gaeilge go sonrach, dúirt an formhór díobh gur bhain siad úsáid as modhanna réasúnta traidisiúnta; go minic bhraith siad ar mhodhanna teagaisc na múinteoirí a bhí acu féin mar dhaltaí. Dúirt siad linn gur léigh daltaí os ard, go ndearna siad aithris ar an méid a léigh an múinteoir, go ndearna siad léitheoireacht chiúin agus iad ag éisteacht, agus gur bhain na múinteoirí úsáid as an léitheoireacht chun stór focal nua a neartú, as trialacha litrithe, agus as ceisteanna tuisceana.

Is é an rud is mó atá ar lár agus atá le tabhairt faoi deara sna freagraí nach bhfuil aon tagairt ann d'aon chineál teagasc córasach i ndíchódú phatrúin fuaimeanna agus siombailí léitheoireacht na Gaeilge; ní labhraíonn na múinteoirí faoi fhorbairt feasacht teanga sa Ghaeilge, ná faoi phlé a dhéanamh ar na difríochtaí idir an Ghaeilge agus an Béarla. I múineadh léitheoireacht an Bhéarla úsáidtear go forleathan clár fónaice nó córas den chineál sin chun an léitheoireacht a mhúineadh, ach is annamh a rinne múinteoirí tagairt dá leithéid i múineadh léitheoireacht na Gaeilge. Ar ndóigh, luaigh an chuid is mó acu go raibh siad ag brath ar mhodh na bhfocal iomlán chun focail a aithint:

> *It was more whole word, definitely, yeah.*
>
> *We focus in on words.*
>
> *In English, I think they're very good at sounding out a word. So they look at, they come to something and they can sound it out. In Irish, they find it much more difficult, they don't even try sometimes, because they're so used to words sounding very different to how they're spelt [in English], -- they haven't been taught.*
>
> *That [decoding] is definitely a part that I neglect a bit.*
>
> *I think it's just an assumption that we have made that there's no, you know that you teach English reading using phonics, and I think that … we don't do it formally [in Irish] and there are posters and there are things to help you, but that actually, we just give them 'ordóg' and we write up o-r-d-ó-g and we say 'ordóg' and we expect--and you know we sort of show them that it's a thumb, but we don't…make them say it out o-r-d-ó-g, you know…. And I think that it's madness that we expect them to just kind of, that they will grasp this without any explanations really.*

Dúirt roinnt múinteoirí eile rud éigin faoi mhúineadh litriú agus léamh focail aonair agus labhair roinnt eile faoi iarrachtaí chun comhfhreagairtí fuaimeanna agus litrithe aonair a mhúineadh (is é an patrún <bh> = /v/ an ceann is mó a luaigh siad, ach aisteach go leor, níor luaigh aon duine gur mhúin siad go raibh an luach céanna foghraíochta ag <mh>), ach ní léir go bhfuil aon rud córasach ar fáil i gcuid mhaith de na seomraí ranga. Dúirt múinteoir amháin

gur úsáid sí sraith leabhair shaothair ar litriú na Gaeilge chun comhfhreagairtí fuaimeanna agus siombailí a chlúdach, ach dúirt sí gurbh annamh a bhain comhghleacaithe úsáid as ábhair struchtúrtha i múineadh léitheoireacht na Gaeilge, taobh istigh agus taobh amuigh dá scoil.

> *We were working from a book called [Title], which is, I just found ...it was just learning spellings randomly in a topic, under a heading like, you know, 'An Scoil' or something, but [Title of different book] gave me a structure...last week we spoke about <aoi > words and all the words like 'Aoife,' and all that, and there are activities based on <aoi> for that week.*

Thug roinnt múinteoirí le fios go bhfeictear dóibh go mbeadh fiúntas i múineadh soiléir a dhéanamh ar litriú agus ar dhíchódú sa Ghaeilge.

> *And there's no step-by-step—like with Jolly Phonics, or your English...levels. They just are launched into reading...in First Class, where they're supposed to see words for the first time. It's supposed to be all oral until then. But, I mean, then just to launch straight into reading full sentences is asking a lot.*

> *People just kind of assume that they're going to learn. And yet you would never do that if you were teaching Spanish or French or any other language, you know, you don't just assume that people know a Spanish <j>is a 'jota', you know... And when I make them say it out, <m-i-s-e>= mi-se, actually you can hear them going 'ooohhh', because we don't formally teach it.*

Cé go n-úsáideann roinnt múinteoirí an téarma 'fónaic' chun tagairt a dhéanamh d'aon teagasc i gcomhfhreagairtí fuaimeanna agus litrithe, ní dúirt ach beirt mhúinteoirí a bhí faoi agallamh gur úsáid siad clár foirmeálta fónaice chun léitheoireacht na Gaeilge a mhúineadh. Bhí duine de na múinteoirí seo ag múineadh i gclár speisialta píolótach Gaeilge taobh istigh den scoil agus fuair an múinteoir eile ábhair fónaice agus í ag múineadh thar sáile ar feadh bliana. Ach dúirt siad gur beag fonn a bhí ar a gcomhghleacaithe tabhairt faoina leithéid de theagasc mar chuid rialta de churaclam na scoile, agus feictear nach bhfuil eolas ag formhór na múinteoirí ar na háiseanna teagasic seo. Na múinteoirí a rinne iarracht fónaic nó modhanna foirmeálta eile a mhúineadh chun rialacha litrithe a chur i láthair, feictear gur cheap siad go raibh siad leo féin i measc a gcomhghleacaithe.

> *We're not using it officially across the school…but we do use it in the classroom here, there's a programme called Fónaic na Gaeilge. I would love to see it being used across the board, across the school in every Irish class.*

Bhí tuairim ann gur ghá saineolas a bheith ann chun úsáid a bhaint as a leithéid d'ábhair agus nach raibh an saineolas sin ar fáil ach i measc múinteoirí a bhfuil suim áirithe acu i dteangacha, rud a léiríonn gur gá tuiscint níos soiléire a chur chun cinn i measc múinteoirí faoi conas a oibríonn litriú na Gaeilge.

> *No, I don't [think colleagues teach decoding]. No I would say they don't. I would believe you would have to have a certain passion for languages to...And I think, do they even do it? I often wonder, are they just learning spellings every week for the test on Friday?*

Agus Dónal Ó Faoláin (2006) ag déanamh an cháis gur gá teagasc fónaice a chur ar fáil i ranganna Gaeilge, deimhníonn sé fréamhacha stairiúla an phatrúin seo:

> *The teaching of reading in Irish has had a tradition of using primarily the 'look and say' method with a large portion of contextual reading thrown in for good measure …[Until recently] in Irish a new word had to be heard before it could be read…This gave rise to a lack of clarity of structure which left the weaker pupil struggling with word identification*

> *and the more advanced pupil with difficulties in reading outside a very narrow curriculum.* (Ó Faoláin, 2006: 67)

Dheimhnigh stáidéir roimhe seo go raibh drogall ar mhúinteoirí clár fónaice nó modhanna eile a úsaid chun comhfhreagairtí fuaimeanna agus siombailí sa Ghaeilge a mhúineadh. Rinne cigirí na Roinne (DES, 2007) stáidéar ar mhúineadh na Gaeilge bunaithe ar bhreathnóireacht ar 40 scoil. I gcás a lán seomraí ranga, go háirithe i ranganna sóisearacha, fuair siad amach nach raibh léitheoireacht na Gaeilge á múineadh ar chor ar bith. Ba bheag aird a bhí ar scileanna chun anailís a dhéanamh ar fhocail in aon seomra ranga ar bhreathnaigh siad air, agus dá bharr sin, ba dheacair dá lán daltaí focail choitianta a léamh. Thug siad faoi deara nach raibh daltaí in ann focail a aithint a d'fhoghlaim siad cheana féin ó bhéal. Is ar easpa ginearálta scileanna díchódaithe na ndaltaí a leag na cigirí an teip fhairsing seo chun stór focal coitianta sa léitheoireacht a aithint. I dtuairisc ón gCigireacht in 2013 fuair siad amach gur lú i bhfad a bhí na torthaí dearfacha i nGaeilge ó bhéal agus i léitheoireacht na Gaeilge ná sa Bhéarla agus sa mhatamaitic, rud a dheimhníonn gur gá an cur chuige a athrú.

San fhaillí fhairsing ar theagasc córasach díchódaithe feictear gur léargas díreach í ar an tslí ar cuimhin le múinteoirí gur fhoghlaim siad féin an léitheoireacht sa ghlúin roimhe sin.

> *I'm very confident speaking Irish in the class…. But written Irish on the board, I'm always afraid of making mistakes, and that is where I'm not confident….and you know I never learned fadas, I never learned about the fuaimeanna myself. I never learned. Nobody ever explained it to me. I never got clarification on how to spell in Irish, so how am I expected to give clarification to my students?*

Agus tacaíochtaí á ndearadh le haghaidh múinteoirí i gCuraclam Teanga na Bunscoile, is gá a aithint conas a d'fhoghlaim na múinteoirí sin córas ortagrafaíochta na Gaeilge ar dtús agus conas a chuaigh sé i bhfeidhm orthu, ós rud é gurb í seo an áit ar thosaigh a ndeacrachtaí le míniú litriú na Gaeilge.

> *We were taught by look-say all the way up, which is fine when you have a good enough memory, and children who have good enough working memory can cope with that, but those who don't then are overloaded, and it's just very confusing for them....*
>
> *... the spelling rules in Irish, I don't think I was ever taught them. So I would find that very hard to teach... look-say was the big emphasis, so I suppose [in] Irish, I tended to replicate that, whereas in English I would've moved more with research recommendations and trying to use a balanced approach, but, that didn't come into my Irish.*
>
> *You see, I don't ever remember learning rules [for Irish spelling], it's just instinctive, so it's hard to teach somebody when it's instinctive in you.*

Ullmhú agus scileanna teanga

A lán de na múinteoirí a bhí faoi agallamh, dúirt siad gur mhothaigh siad nach raibh siad ullamh do mhúineadh léitheoireacht na Gaeilge, ná do scileanna díchódaithe go háirithe, toisc nach snáithe dá n-oiliúint réamhsheirbhíse í de ghnáth:

> *I would have a background in literacy teaching, English, teaching reading and have done a lot of research myself in that area, but when it comes—I don't automatically transfer that knowledge to teaching Irish reading, that link has never...up until this point there were two separate curriculums as such, and ... I didn't really think of teaching Irish in the same way [as English].*

Sa chur chuige comhtháite i gCuraclam Teanga na Bunscoile táthar ag súil go gcabhróidh sé le múinteoirí a saineolas i múineadh léitheoireacht an Bhéarla a leathnú go dtí an Ghaeilge. Ach is gá do mhúinteoirí tuiscint shainiúil don ábhar a bheith acu ar conas a oibíonn litriú na Gaeilge chun an curaclam a chur i bhfeidhm go hiomlán. Nuair a d'fhiafraíomar de mhúinteoiri cén rud is mó atá riachtanach chun cabhrú le múinteoirí feabhas a chur ar scileanna léitheoireachta páistí sa Ghaeilge, dúirt múinteoir amháin:

> *..The most help for teachers - maybe to be taught how to teach [Irish] reading, rather than making it up yourself.*

Agus iad ag déanamh machnaimh ar an oiliúint réamhsheirbhíse atá ar fáil, dheimhnigh na hoideoirí múinteoirí a bhí faoi agallamh gur beag aird sna coláistí oideachais a bhí ar theagasc léitheoireacht na Gaeilge ná ar conas a oibríonn ortagrafaíocht na Gaeilge.

> *Ní chaithim féin mórán ama ag ullmhú múinteoirí don léitheoireacht.*

> *Nuair a bhí mé ag múineadh Gaeilge do na múinteoirí sin, ní raibh aird dírithe ar litriú ar chor ar bith.*

Dúirt oideoirí go gcuirtear teagasc ar fáil do mhúineadh léitheoireacht an Bhéarla agus go nglactar leis gur féidir leis na múinteoirí é seo a chur i bhfeidhm i múineadh na Gaeilge. Ar ndóigh, agus 'litearthacht' á plé i dtéarmaí polasaí, feictear nach mbaineann sí ach le litearthacht an Bhéarla. Níl sé soiléir, áfach, gur féidir teicnicí a bhaineann le múineadh an Bhéarla a aistriú go héasca go Gaeilge, mar gheall ar na difríochtaí sna córais ortagrafaíochta. Ó tharla go bhfuil easpa ullmhúchán foirmeálta i múineadh léitheoireacht na Gaeilge, ní hiontas ar bith é nach bhfuil a fhios ag múinteoirí cad é ba chóir dóibh a dhéanamh agus go socraíonn siad go ndíreoidh siad a gcuid ama, atá teoranta cheana féin, ar scileanna béil, ar ghramadach, nó ar cibé rud eile is fearr leo a dhéanamh.

Feictear go bhfuil cúis eile ann go bhfuil aird theoranta ar dhíchódú ghnásanna ortagrafaíocht na Gaeilge, agus is é sin nach bhfuil mórán muiníne ag múinteoirí ina gcuid scileanna Gaeilge go ginearálta, ná ina gcuid scileanna léitheoireachta/scríbhneoireachta go háirithe. An chuid is mó de na múinteoirí a bhí faoi agallamh, luaigh siad éiginnteacht ina dtuiscint féin faoi chóras litriú na Gaeilge agus faoi na patrúin a bhí sa chóras sin. Na múinteoirí sin a raibh níos mó muiníne acu, dúirt siad go bhfacthas dóibh go raibh siad as an ngnáth i measc a gcomhghleacaithe:

> *I think the biggest challenge is a lot of people are worried about their own levels, going "I'm not good enough," you know, "I'm too nervous. I'm gonna make a mistake," and teachers sometimes drop back into English maybe quicker than they should.*

> *…and I suppose some teachers aren't comfortable with the language, and I just think it would develop an overall base, to make them comfortable, you know, where they mightn't be comfortable in one area, that they could pull from the other areas.*

Níos mó ná uair amháin luaigh múinteoirí a labhraíonn an teanga le múinteoirí eile i scoil go bhfeidhmíonn labhairt na Gaeilge mar spreagadh do mhúinteoirí agus dhaltaí araon a chloiseann an teanga in úsáid mar fhíoruirlis chumarsáide. Sna scoileanna sin, áit nach bhfuil na tacaíochtaí seo ar fáil, ba mhaith leis na múinteoirí, uaireanta, go mbeadh na tacaíochtaí sin ar fáil agus creideann siad go gcabhródh a leithéid de chumarsáid leo feabhas a chur ar a scileanna agus ar a muinín:

> *I've lost it again [fluency, gained on a summer Gaeltacht course] because we don't speak Irish in the school. And it's not encouraged and teachers are afraid to show how poor they are with their Irish. And we'd all get better if we [spoke it more].*

Ábhair agus áiseanna

Dúirt a lán múinteoirí gur bhac í an easpa áiseanna teagaisc chun an cleachtas is fearr a chur i bhfeidhm i dteagasc na léitheoireachta (féach ar Hickey & Stenson, 2016 le haghaidh tuilleadh plé). I dtuarascálacha na Roinne (DES, 2007; agus Hislop, 2013) tá tagairtí ann do na heasnaimh maidir le húsáid na n-áiseanna agus leis na háiseanna atá ar fáil. Fuair siad amach go raibh nós láidir ann le bheith ag brath ar ghnáth-théacsleabhair Ghaeilge le haghaidh cuid mhaith de na gníomhaíochtaí a bhain le léitheoireacht na Gaeilge. Níl na téacsleabhair seo oiriúnach mar leabhair léitheoireachta, mar is gnáth-théacsanna teanga iad le haghaidh teagasc foclóra agus gramadaí. Is beag téacs leanúnach atá sna leabhair seo, agus an méid téacs atá leanúnach iontu, tacaíonn sé le téamaí an churaclaim, agus dá bhrí sin feictear go ndéanann sé neartú agus athbhreithniú ar cheacht ginearálta (de ghnáth ó bhéal) na Gaeilge. Is beag dúshlán do dhaltaí atá sna téacsleabhair seo, níl mórán sna téacsanna chun a suim a mhúscailt sa léitheoireacht, agus is beag seans a thugann siad do dhaltaí chun cleachtadh ceart léitheoireachta a dhéanamh, ar mhaithe le pléisiúr nó le heolas a bhailiú. I gcás páistí a bhíonn ag brath ar na téacsleabhair seo, luaigh na cigirí nach raibh ag na páistí ach rogha chúng léitheoireachta ina seomraí ranga, agus gur beag seans a bhí acu teacht ar fhíorleabhair ná ar éagsúlacht in ábhair léitheoireachta Ghaeilge. Fuair na cigirí amach go raibh cuid mhaith de na gníomhaíochtaí léitheoireachta Gaeilge bunaithe ar théacsanna a bhí ina "leabhair shaothair go bunúsach" agus i níos mó ná leath de na seomraí ranga (52%) mhol na cigirí gur ghá ábhar léitheoireachta níos dúshlánaí i nGaeilge a thabhairt do na daltaí, toisc gur bhreathnaigh siad nár fhoghlaim na daltaí mórán ó na gníomhaíochtaí léitheoireachta sna téacsleabhair sin. Deimhníonn múinteoirí a labhair linn gach rud a luadh thuas.

Nuair a d'fhiafraíomar de mhúinteoirí cad iad na hábhair a d'úsáid siad chun an léitheoireacht a mhúineadh, rinne an chuid is mó acu tagairt do na téacsleabhair Ghaeilge atá in úsáid ina scoileanna. Ach ina dhiaidh sin dúirt roinnt díobh go bhfacthas dóibh go raibh sé an-tábhachtach ábhair shuimiúla léitheoireachta chur ar fáil, agus nach raibh na gnáth-théacsleabhair chomh maith agus a d'fhéadfadh siad a bheith.

> *To teach reading you need good materials, and the Irish, for want of a better term the Irish books are very unsexy, you know? They're very, you know, a lot of Neasa and Rossa … I'd be dead [though] without it, to be honest. Because you could be a corpse and teach that stuff (laughter).*
>
> *We need … to supplement the texts that are available, and just to have more varied reading materials in Irish.*
>
> *So having different readers available to the children, where it keeps things fresh, it keeps it new, and yet you're seeing the same words all the time.*
>
> *I think that [in] the books that they have to read, there's a mismatch between what they are able to read and the level of interest.*
>
> *No, I wouldn't stick with the textbook; the textbook is boring for a start, so stay away from the textbook; that is rule number one.*
>
> *The class textbook is [Title]. There's lots of kind of cartoon stories, and again I just didn't feel that there's enough challenge ...or enough of an interest in those stories.*

Mar sin féin, a lán de na múinteoirí a bhí faoi agallamh, dúirt siad go raibh sé deacair leabhair a aimsiú i nGaeilge agus gníomhaíochtaí suimiúla dúshlánacha a chur ar fáil; bhain seo go pointe áirithe leis an easpa ama a bhí ar fáil le haghaidh ullmhúcháin. Is féidir glacadh leis faoi na múinteoirí a d'aontaigh agallamh a dhéanamh gur dócha go bhfuil siad i measc na

múinteoirí is díograisí agus is muiníní faoi mhúineadh na Gaeilge, agus cé gur léirigh roinnt díobh a lán cruthaitheachta ag teacht ar ábhar léitheoireachta dá ndaltaí, d'adhmhaigh siad cé chomh deacair agus a bhí sé leanúint den iarracht, agus dúirt siad nach raibh gach ceann dá gcomhghleacaithe toilteanach aon iarracht a dhéanamh.

> *Originally when I started teaching Irish, in primary school, I was using more a very active [approach], using puppets, and lots of different activities ... but it was taking an awful lot of my energy as a teacher. So gradually, as a teacher, I've had to space out my energies, so I have become more reliant on the books.*

Ní leor áiseanna agus ábhair níos fearr a chur ar fáil chun tacú leis an gcuraclam nua, mura gceapann múinteoirí go bhfuil siad oilte chun iad a úsáid:

> *There were all these books in the school in classrooms that had an Irish library, but no one was reading them...I just rounded up all the Irish books, there was a huge resource of Irish books, and I'd ask teachers if they used them and they were going "noo"—they were using the textbook.*
>
> *And then I think that a lot of teachers like to stick to, you know, where the whole class has one reader? Like I was saying, you know, working in older classes, that that's --you know, when you're teaching Irish through English, that sticking to the one reader.*

An méid a deir na múinteoirí faoi na heasnaimh sna hábhair theagaisc, tá sé roinnte idir an gá atá le soláthar níos fearr maidir le hábhar ginearálta léitheoireachta agus an gá atá le hábhair chun fónaic a mhúineadh sa Ghaeilge. Maidir le hábhair ghinearálta léitheoireachta, d'aontaigh múinteoirí gur ceann de na fadhbanna is mó í an neamhréir atá ann idir leibhéal suime na dtéacsanna atá ar fáil le haghaidh rang áirithe agus cumas Gaeilge na bpáistí ag an leibhéal sin.

> *I think there's a real dearth of novels with more - that would cater for children who, you know, have quite a low standard of Irish, really, but have more of a higher interest content.*
>
> *I'm working now with Sixth Class and some of the stories about the 'timpiste' you know, he fell and hurt his leg, and do you know, they're not stimulating for the class.*

Sna tionscnaimh chun níos mó ábhar a chur ar fáil faoi Churaclam na Bunscoile, is gá a chur san áireamh cé chomh deacair agus a bhí sé go dtí seo múinteoirí a chur ar an eolas faoi na hábhair atá ar fáil cheana féin. An líon beag múinteoirí a bhí ag baint úsáid as ábhar foirmeálta fónaice, mhol siad iad, agus dúirt go raibh siad éifeachtach, ach dúirt siad freisin nach bhfuil an chuid is mó dá gcomhghleacaithe ar an eolas faoina leithéid d'ábhar nó nach bhfuil aon suim acu in úsáid a bhaint astu.

> *[I'm] really really happy with it. It's just called Fónaic na Gaeilge and it's wonderful, because it's like pictures and stories that go along with the letters and, you know, it makes it easier for the child to identify the letter and the letter sound.*
>
> *I think the phonics programme that, you know that was made is very good, but I'm sure that only a handful of schools actually know that it exists, you know. No idea, you know!*
>
> *There are huge resources out there ... but I think sometimes finding the resources can be tricky for teachers, unless it's right there in front of them or on their shelf, they wouldn't use it ...Yeah, are they readily available is the question.*

An chuid is mó de na múinteoirí a bhí páirteach sa stáidéar, níor léirigh siad go raibh aon eolas acu ar a leithéid d'ábhair. Nuair a d'fhiafraíomar díobh faoi na riachtanais is mó chun feabhas

a chur ar theagasc na léitheoireachta, luaigh a lán díobh easpa ábhar den chineál sin, feictear nach raibh a fhios acu go raibh na hábhair sin in úsáid, uaireanta ina scoil féin.

> *If there was like a programme, like a phonics programme like there is for English, that would be helpful.*

Dúirt múinteoir amháin gur mhaith an rud é dá mbeadh leabhair léitheoireachta grádaithe ar fáil, rud a bhí luaite mar riachtanas práinneach i dtuarascálacha éagsúla ón gCigireacht le deich mbliana anuas. Tá an múinteoir seo ag iarraidh leabharlann grádaithe de leabhair Ghaeilge a chur le chéile ag baint úsáid as na leabhair atá ag an scoil cheana féin, ach deir an múinteoir seo nach bhfuil aon eagrú soiléir ar an stór focal i leabhair ó mheascán d'fhoilsitheoirí éagsúla:

> *I suppose resources would be kind of handy…like having a graded scheme where you could, like--'cause … there's bigger jumps than I would like [in the difficulty of the reading matter], and even kind of a build up of the words, like, if you, you know, like if you were focusing on the first 200 words, and you're using those and you're hitting the same words again.*

Is clár comhtháite le haghaidh mhúineadh na Gaeilge í an tsráith *Séideán Sí*, a bhfuil DVD agus tacaíocht ar líne ar fáil léi. Rinneadh forbairt uirthi le haghaidh scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Cé go bhfuil na hábhair seo ar fáil le húsáid i scoileanna Béarla, feictear dá lán múinteoirí sna scoileanna sin go bhfuil leibhéal na teanga ródhúshlánach do dhaltaí nach gcluineann an teanga ach ar feadh cúpla uair an chloig sa tseachtain. Bíonn na hábhair seo in úsáid i ranganna sinsearacha uaireanta, ach níl sráith den chineál céanna ar fáil le haghaidh páistí i scoileanna Béarla (fós ar aon nós). Bíonn an Chigireacht ag iarraidh arís is arís ina tuairiscí go ndéanfar forbairt ar a leithéid de shraith, agus tá dóchas ann go ndéanfar forbairt ar chlár le haghaidh Rang a Trí go Rang a Sé i bpáirt leis an gCuraclam Comhtháite Teanga do na ranganna sin. Ach, cé go bhfuil spreagadh nua ann chun ábhair a chruthú mar gheall ar leasú an churaclaim, tá sé an-tábhachtach go bhfuil eolas iomlán ag múinteoirí ar na rudaí atá ar fáil agus go gcreideann siad go bhfuil go leor tacaíochta acu chun iad a úsáid.

Tacaíocht Institiúideach

Agus curaclam nua ag teacht isteach, braitheann múinteoirí uaireanta go mbíonn barraíocht le déanamh acu dá bharr, agus iad ag iarraidh dul i dtaithí ar chleachtaí agus ábhair nua theagaisc. Múinteoirí a bhí faoi agallamh, dúirt siad go raibh roinnt éiginnteachta ann faoi éilimh nach raibh ag teacht le chéile: le tamall anuas bhí imní ann faoi conas is féidir feabhas a chur ar an léitheoireacht agus ar an uimhirtheacht sa Bhéarla, agus chonacthas do na múinteoirí go mbeadh torthaí diúltacha ann do theagasc na Gaeilge, agus bhí siad buartha go mbeadh laghdú níos mó ar an méid ama a bheadh ar fáil don Ghaeilge dá bharr sin:

> *Well, for example, in English, now, we, and this ...is to the detriment of Irish, now, there's a huge drive on numeracy and literacy in the classrooms, and so you hear other teachers going 'Oh so and so, they had a whole school evaluation and the inspector didn't care about the Irish, it was all about the English and the maths,' and you see, everyone's hearing that. You know, and I mean, you're going, 'Literacy, surely Irish is part of literacy.'*

Dúirt roinnt múinteoirí gur mhothaigh siad go raibh siad scoite amach óna gcomhghleacaithe maidir le múineadh na léitheoireachta sa Ghaeilge:

> *But it would be good if we got more training.... if the whole school was sort of on the same wavelength, because we all kind of go into the classroom and do our own thing, but I don't know what they do next door.*

> *Teaching is such an individual activity, and teachers don't always appreciate if you have a suggestion, they like to teach it their way. It kind of comes down to the culture of teaching and the culture of the school. It's a pity we don't share.*

Na rudaí seo a deir múinteoirí, díríonn siad aird ar an riachtanas an-tábhachtach le haghaidh oiliúint inseirbhíse i gCuraclam Teanga na Bunscoile agus léiríonn siad gurbh fhearr dá mbeadh comhroinnt dea-chleachtais agus comhordú ann i measc múinteoirí taobh istigh de scoil chun contanam dul chun cinn a chinntiú.

Focal scoir

Bhí na tuairimí a nocht na múinteoirí sna hagallaimh linn ag tacú leis na staidéir eile roimhe seo toisc gur nocht na hagallaimh go raibh easpa ullmhúcháin (ag leibhéal réamhsheirbhíse agus inseirbhíse) le haghaidh mhúineadh léitheoireacht na Gaeilge ar cheann de na rudaí ba chúis leis an bhfaillí leathan ar theagasc léitheoireacht na Gaeilge. Ba chúis imní í freisin an easpa muiníne a bhí ag múinteoirí as a dtuiscint féin ar ortagrafaíocht na Gaeilge. Is í aidhm an leabhair seo go dtabharfaidh sé roinnt tacaíochta do mhúinteoirí ar mian leo modh córasach a chruthú ina gcuid oibre le litearthacht na Gaeilge agus chun é seo a dhéanamh díreoidh teagasc an leabhair ar an ngaol idir fuaimeanna agus litriú, i.e., ar dhíchódú an fhocail scríofa.

Sna comhráite le múinteoirí agus le hoideoirí múinteoirí atá le léamh sa chaibidil seo tháinig tuairimí eile chun cinn faoi mhúineadh na Gaeilge. Ina measc, bhí an tuairim ann nuair a thosaíonn páistí ar léitheoireacht fhoirmeálta na Gaeilge go n-aistreoidh na páistí scileanna léitheoireachta Béarla go díreach go léitheoireacht na Gaeilge gan gá le tuilleadh cabhrach seachas gur gá dóibh a lán leabhar a léamh. Tá tuairim eile ann a bhfuil baint aici leis an tuairim seo, agus is tuairim í a chualamar sna hagallaimh agus a léimid go pointe áirithe sa litríocht taighde, agus is é sin go bhfuil litriú na Gaeilge níos rialta ná litriú an Bhéarla, agus dá bhrí sin go bhfuil sé níos fusa a fhoghlaim, agus dá bharr sin, nach gá é a mhíniú go soiléir agus é á mhúineadh. Níl ceachtar de na tuairimí seo fíor, agus rachaimid i ngleic leo sa chéad chaibidil eile, agus déanfaimid sin chun an cás a chur chun cinn gur chóir go mbeadh teagasc foirmeálta díchódaithe ann sna ceachtanna Gaeilge.

Tá Curaclam Teanga na Bunscoile curtha i bhfeidhm anois agus beidh tionchar mór aige ar an tslí a rachaidh múinteoirí agus oideoirí i ngleic le léitheoireacht na Gaeilge. Tá deiseanna suimiúla sa churaclam comhtháite le hathmhachnamh a dhéanamh ar oideachas léitheoireachta, agus seans go gcabhróidh sé chun roinnt de na hathruithe, a luaigh múinteoirí sna hagallaimh, a chur ar fáil, mar shampla, úsáid níos fearr a bhaint as modhanna teagaisc a oibríonn cheana féin i léitheoireacht an Bhéarla. Ach, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na modhanna seo curtha in oiriúint d'ortagrafaíocht, nó do chóras litrithe na Gaeilge, agus sna caibidlí ina dhiaidh seo sa lámhleabhar seo cuirfimid samplaí de na háiseanna atá ar fáil chun sin a dhéanamh.

Caibidil 2 Tuilleadh léitheoireachta agus áiseanna

1. Ó Duibhir agus Cummins (2012), tá plé ann ar an mbunús atá leis an gCuraclam Comhtháite, agus is féidir é a íoslódáil ó: https://www.ncca.ie/en/resources/towards_an_integrated_language_curriculum_in_early_childhood_and_primary_education

2. Is féidir teacht ar eolas faoi Churaclam Teanga na Bunscoile agus áiseanna a bhaineann leis ar: https://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Primary-Language

3. U.S. National Reading Panel (NICCHD, 2000) sa tuairisc seo tá suirbhé ar an taighde a bhaineann leis an díospóireacht ar mhodheolaíochtaí léitheoireachta agus léiríonn an tuairisc an fhianaise taobh thiar de na moltaí le haghaidh cur chuige a bhfuil straitéisí iolracha aige chun an léitheoireacht a mhúineadh agus tá teagasc díchódaithe san áireamh. Tá an tuairisc iomlán agus an achoimre fheidhmeach ar fáil ar líne ar: https://lincs.ed.gov/communications/NRP nó https://www.nichd.nih.gov/publications/pubs/nrp/documents/report.pdf

4. I staidéir eile tá plé ann ar chleachtaí teagaisc, agus ar an leisce a bhí ar mhúinteoirí scileanna díchódaithe a mhúineadh, mar atá, sna staidéir a rinne Hickey (2007), Ó Faoláin (2006), agus Harris *et al*. (2006). In Stenson agus Hickey (2014) agus Hickey agus Stenson (2016) déanaimid plé níos míne ar na tuairiscí ó mhúinteoirí agus ó speisialtóirí eile teanga.

Áiseanna le haghaidh teagasc fónaice

1. *Fónaic na Gaeilge*, sna hagallaimh luann roinnt de na múinteoirí clár fónaice an *Áisaonaid*, agus is féidir é íoslódáil ó http://www.stmarysbelfast.ac.uk/aisaonad/Fonaic/Fonaic_na_Gaeilge.html

2. Tá sraith leabhair shaothair ar fáil ó Mhuintearas

   http://www.muintearas.com/leabhar.htm

3. Tá a lán ábháir thacaíochta eile ann, mar shampla, pictiúir, póstaeir, agus cluichí in éineacht leis an gclár fónaice, chomh maith le clár fónaice eile a chuireann le *Fónaic na Gaeilge* agus tá siad ar fáil faoin nasc Gaeloideachas ag http://www.nicurriculum.org.uk/.

Caibidil 3
Cad chuige ar chóir díchódú a mhúineadh?

Mar is léir ón méid a bhí sa chaibidil roimhe seo, níl modh córasach ann chun léitheoireacht a mhúineadh, agus ar ndóigh, tá cuma ar an scéal go bhfuil faillí á déanamh ar an léitheoireacht ina lán ranganna, rud nach aon chabhair do mhúinteoirí ná d'fhoghlaimeoirí. Sna staidéir a rinne an Chigireacht agus taighdeoirí neamhspleácha ar fhoghlaim na Gaeilge, fuair siad roinnt fadhbanna i rátaí gnóthachtála daltaí i ngnáthscoileanna Béarla. Le fiche nó tríocha bliain anuas tá cuma ar an scéal go bhfuil laghdú ar rátaí gnóthachtála sa teanga scríofa agus sa teanga labhartha, ainneoin go bhfuil aird á díriú ar scileanna béil, rud atá inmholta, i ranganna i mbunscoileanna Béarla. I gcur chuige comhtháite ar mhúineadh teanga, mar a pléadh i gCaibidil 2, chuirfeadh aird ar an teanga scríofa le forbairt na teanga labhartha, toisc gur foinse í an teanga scríofa a chuirfidh le dul chun cinn foghlaimeorí nuair nach mbíonn mórán seansanna acu an teanga a labhairt ná a chloisteáil taobh amuigh den scoil.

Sa chaibidil seo cuirfimid cásanna chun tosaigh gur chabhair í níos mó airde a dhíriú ar ullmhúchán soiléir a thabhairt do pháistí ar chóras litriú na Gaeilge i mblianta tosaigh theagasc léitheoireacht na Gaeilge: ní hamháin go gcuirfidh sé le scileanna léitheoireachta na bpáistí, rud a chuirfidh feabhas ar stór focal agus ar ghramadach, ach ar deireadh cuirfidh sé feabhas ar scileanna cainte freisin agus beidh tuiscint níos fearr ag na páistí ar cé chomh fiúntach agus atá sé staidéar a dhéanamh ar theanga.

Le céad bliain nó níos mó anuas, tá díospóireacht bhríomhar ar siúl i léann na litearthachta faoin tslí ar chóir an léitheoireacht a mhúineadh. 'Cogaí na léitheoireachta' an t-ainm coitianta atá air seo, agus sa leagan gairid di déanann an díospóireacht idirdhealú idir modhanna atá bunaithe ar chiall agus modhanna atá bunaithe ar fhoirm i dteagasc na litearthachta. Tá na difríochtaí seo ceangailte le dearcthaí éagsúla ar an bpróiseas léitheoireachta idir próiseáil 'ón mbarr anuas' agus próiseáil 'ón mbun aníos'.

Sa dearcadh faoi phróiseáil 'ón mbarr anuas' sa litearthacht, creidtear go dtagann tuiscint ar an teanga scríofa chun cinn go nádúrtha as forbairt cainte, agus go mbraitheann sí go hiomlán ar na córais chognaíocha chéanna atá in úsáid le haghaidh cainte, má ghlactar leis go bhfuil tacaíocht shóisialta oideachsúil ann do litearthacht. Tá an dearcadh seo ceangailte le modhanna teanga iomláine le haghaidh na léitheoireachta, áit a bhfuil tús áite á thabhairt do chiall thar aon rud eile. De réir an dearcaidh seo, bíonn an léitheoir ag úsáid leideanna comhthéacsúla, cúlra faisnéise, agus aithint téacs ag leibhéal an fhocail chun an chiall a bhaint as an téacs.

Sa dearcadh faoi phróiseáil 'ón mbun aníos' creidtear go bhfuil díchódú na ngaol idir fuaim agus siombail san áireamh i bpróiseáil téacs, agus in éineacht leis sin de ghnáth bíonn cineál éigin teagasc fónaice ina chuid den churaclam. Sa lámhleabhar seo, is mar *dhíchódú* a thagraímid anseo don cheangal intinne atá ag litriú le fuaimeanna agus le próiséas na foghlama chun an ceangal sin a dhéanamh.

Sa lá atá inniu ann, tá níos mó daoine ag glacadh leis go bhfuil baint ag an dá chineál próiseála – 'ón mbarr anuas' (bunaithe ar chiall) agus 'ón mbun aníos' (bunaithe ar fhoirm) –

le léitheoireacht sciliúil, agus gur cuid riachtanach le haghaidh léitheoireacht líofa iad na scileanna agus na straitéisí atá forbartha sa dá chineál teagaisc. San Eoraip agus i SAM tá tuairiscí móra óna lán comhlachtaí taighde agus ó chomhlachais oideachais ag maíomh a) go bhfuil níos mó ná bealach amháin leis an léitheoireacht a mhúineadh; b) go bhféadfadh difear a bheith idir daoine sna bealaí is fearr a fhoghlaimíonn siad; agus c) gur dóchúla go mbeidh rath ar mhodh a chuireann san áireamh teagasc leibhéal léacsach (focal iomlán) *agus* teagasc díchódú (fuaime agus siombaile) araon.

Cuirfidh an chaibidil seo an cás chun tosaigh gur chóir teagasc i bpróiseáil ón mbun aníos a chur san áireamh (agus úsáidfimid an téarma ginearálta *díchódú* le cur síos air) mar chuid d'fhorbairt léitheoireachta léitheoirí óga na Gaeilge. Tar éis sainmhíniú a thabhairt ar roinnt téarmaí, tosóimid le suirbhé ar thorthaí gnóthachtála na Gaeilge atá déanta ag cigirí scoile agus ag taighdeoirí síctheangeolaíocha, agus cuirfimid an cás chun tosaigh go bhfuil baint ag cuid de na drochthorthaí le heasnaimh a bhaineann le modhanna teagaisc a bhí luaite sa chaibidil roimhe seo agus a bhíonn le feiceáil ina lán seomraí ranga in Éirinn, de réir dealraimh.

Fónaic: Sainmhíniú ar théarmaí éagsúla

Léiríonn sracfhéachaint ar an Idirlíon go bhfuil a lán sainmhínithe ar fhónaic, agus go bhfuil comhlínt ann idir roinnt díobh, agus go bhfuil trasnaíl áirithe eatarthu maidir le téarmaí atá in úsáid go forleathan agus atá níos beaichte. Léiríonn na sainmhínithe thíos an tslí a n-úsáidfimid an téarma 'fónaic', agus na téarmaí a bhfuil baint acu léi, sa lámhleabhar seo.

Díchódú – is téarma ginearálta é seo a chuireann síos ar aon chineál anailíse (atá comhfhiosach nó neamchomhfhiosach) a úsáideann daoine chun an gaol a aithint idir na haonaid atá in úsáid chun teanga áirithe a scríobh agus na haonaid sa teanga labhartha a léiríonn na haonaidh scríofa sin. I gcórais scríbhneoireachta a úsáideann aibítir, tugaimid an t-ainm *fóinéimí* ar na haonaid labhartha, agus pléifimid iad níos mó sa chéad chaibidil eile. I gcás na haonaid scríofa a bhfuil baint acusan leis na haonaid labhartha, is iad na haonaid sin litreacha na haibítre, nó uaireanta is sraith litreacha iad a thugaimid an t-ainm *graiféimí* orthusan. D'fhéadfadh baint a bheith ag díchódú le léitheoireacht córais scríbhneoireachta gan aibítir, ach ní gá dúinn bheith ag déileáil leis sin anseo.

Fónaic **–** is **modh** áirithe teagasc léitheoireachta í fónaic agus tá sí bunaithe ar na próisis díchódaithe a dhíríonn aird ar an ngaol idir fuaimeanna agus litreacha i gcórais scríbhneoireachta aibítre. Tá roinnt cláir éagsúla fónaice ar fáil, agus tá trasnaíl eatarthu ina lán bealaí, ach tá difríochtaí eatarthu freisin. Tá baint ag díchódú le gach ceann díobh, ach ní hionann sin agus a rá gur fónaic iad na gníomhaíochtaí díchódaithe uile.

Foghraíocht – seo an staidéar eolaíoch ar fhuaimeanna cainte, agus san áireamh anseo tá

- **Foghraíocht urlabhraíochta** (an staidéar ar an tslí a ndéanann orgáin cainte na fuaimeanna a bhfuil *foghair* mar ainm orthu);
- **Foghraíocht fuaime** (an staidéar ar airíonna fisiceacha tonnta fuaime a dhéanann daoine agus iad ag caint); agus
- **Foghraíocht éisteachta** (an staidéar ar an tslí a gcloiseann éisteoirí comhartha foghraíochta agus an chiall a bhaineann siad as).

Bíonn an téarma ***foghraíocht*** in úsáid freisin uaireanta chun tagairt a dhéanamh d'fhuaimniú (an téarma a úsáidfimid anseo) fhoghlaimeoirí T2. Agus sinn ag baint úsáid as an téarma 'foghraíocht' sa lámhleabhar seo, beimid ag tagairt d'fhoghraíocht urlabhraíochta an chuid is mó den am.

Ar dtús pléifimid torthaí gnóthachtála i nGaeilge ó na cleachtaí teagaisc a ndearnamar cur síos orthu sa chaibidil roimhe seo agus leanfaimid le hargóintí faoi na cúiseanna a bhféadfadh díchódú feabhas a chur orthu. Níl sé ar intinn againn foirmeacha eile teagasc léitheoireachta a chur in áit na gcleachtaí seo, ach is mian linn cur leo.

Torthaí i ngnóthachtála na Gaeilge

Is léir ó roinnt staidéar ar ghnóthachtáil na Gaeilge le deich mbliana anuas go bhfuil titim shuntasach ar chaighdeán na Gaeilge i gcomparáid le measúnuithe náisiúnta ó na 1980idí.

De réir staidéir Harris et al., a rinneadh in 2006, níor éirigh ach le trian de dhaltaí 12 bhliain d'aois a ndearnadh tástáil orthu i scoileanna Béarla máistreacht a bhaint amach sna spriocanna le haghaidh Gaeilge labhartha do leibhéal an ranga ina raibh siad, agus theip ar bheagnach leath díobh an dul chun cinn is lú a léiriú. Fuair na taighdeoirí amach freisin go raibh difríocht níos mó ann ar scóir léitheoireachta na Gaeilge sna scoileanna ná ar scóir léitheoireachta an Bhéarla ná ar scóir na matamaitice. Dheimhnigh na torthaí seo an méid a bhi tuismitheoirí a rá go raibh deacrachtaí níos mó ag a gcuid páistí le léitheoireacht na Gaeilge. Agus léirigh na torthaí go raibh difríochtaí níos mó i measc scoileanna Béarla i múineadh léitheoireacht na Gaeilge, ná i múineadh léitheoireacht an Bhéarla ná i múineadh na matamaitice.

I dtuairiscí na Cigireachta ó 2007 agus 2013, déanann siad déimhniú ar thorthaí Harris et al. faoi na heasnaimh maidir le húsáid acmhainní i 20% de sheomraí ranga, agus dá bharr sin deir siad "seans go mbeidh ar roinnt mhaith bunscoileanna a gcur chuige a athrú maidir le múineadh na léitheoireachta sa Ghaeilge." I dtuairisc 2013, is lú i bhfad a bhí na torthaí dearfacha sa Ghaeilge agus i léitheoireacht na Gaeilge ná sa Bhéarla agus sa mhatamaitic, agus dúirt na cigirí go raibh fadhbanna leis an múineadh i suas go 24% de na ceachtanna a chonaic siad agus dúirt siad arís go raibh gá le hathrú sa chur chuige.

Is é an dearcadh atá againn sa lámhleabhar seo dá mbeadh teagasc léitheoireacht na Gaeilge níos córasaí go mbeadh sé ina chabhair mhór chun forbairt léitheoireachta a chur chun cinn, taobh istigh de na ranganna agus trasna ranganna. I measc na riachtanas a aithnímid chun feabhas a chur ar ghnóthachtáil na léitheoireachta, molaimid:

1. Go mbeidh cur chuige córasach ann faoi spriocanna ag gach leibhéal ranga chun go mbeidh a fhios ag múinteoirí cad leis a mbeidh siad ag súil ó dhaltaí a bheidh ag teacht isteach ina rang. Chun go mbeidh dul chun cinn sna ceachtanna agus nach mbeidh athrá ann ar ábhar atá déanta i gceart roimhe sin agus nach n-éireoidh na ceachtanna leadránach, tá sé riachtanach go mbeidh cumarsáid ann faoin méid atá á mhúineadh ag gach leibhéal chun go mbeidh dul chun cinn i dtéamaí an churaclaim ó bhliain go bliain. Dá bhféadfadh múinteoirí aonair spriocanna cinnte le haghaidh gnóthachtáil léitheoireachta agus na modhanna agus na hábhair atá oiriúnach dóibh a roinnt le múinteoirí eile taobh isigh den scoil ba mhór an chabhair í chun leanúnachas sa chur chuige a chur ar fáil agus chuirfeadh sé le heolas na múinteoirí faoi na háiteanna a mbeadh fadhbanna ann. Dhéanfadh sé soiléir freisin riachtanais an tseomra ranga maidir le hábhair agus leis na cineálacha tacaíochta le haghaidh theagasc na léitheoireachta is gá do lucht riarachán na scoile agus don Roinn Oideachais agus Scileanna a chur ar fáil.

2. Nach mbeidh múinteoirí ag brath an iomarca ar ghníomhaíochtaí téacsleabhair agus bileoga oibre mar phríomhghníomhaíochtaí léitheoireachta.
3. Go spreagfaidh múinteoirí páistí le léamh ar mhaithe le pléisiúr.
4. Go mbeidh cabhair ann le haghaidh páistí agus úsáid á baint ag múinteoirí as léitheoireacht leathan chun go mbeidh na páistí ábalta a scileanna léitheoireachta agus stór focal a fhorbairt.

I múineadh léitheoireacht an Bhéarla tá scileanna díchódaithe ón mbun aníos in úsáid go forleathan, ach ar chúis éigin níl siad in úsáid chomh minic sin sa Ghaeilge, agus is gné amháin de theagasc léitheoireachta í seo a d'fhéadfadh a bheith cabhrach agus múinteoirí ag iarraidh feabhas a chur ar scileanna léitheoireachta páistí sa Ghaeilge. Déanaimid roinnt cásanna thíos ar son úsáid an mhodha seo i dteagasc na Gaeilge.

Taighde a thaispeánann fiúntas teagaisc díchódaithe

Tá a lán taighde ann a théann siar líon mór blianta agus léiríonn sé gur gnéithe riachtanacha de shealbhú na litearthachta iad cumas díchódaithe agus an fheasacht theangeolaíoch ar a bhfuil an cumas sin ag brath. Sa taighde tá staidéir shíceolaíocha agus shícitheangeolaíocha ann a bhaineann le próiseáil téacs agus le sealbhú na litearthachta, in éineacht le torthaí oideachais ar stáidéir litearthachta sa seomra ranga. Tá dhá leabhar cheannródaíocha ann a scríobh Chall (1967) agus Adams (1990) agus cuireann an dá cheann acu an cás chun tosaigh gur chóir teagasc fónaice a chur isteach i gcuraclaim léitheoireachta. A lán den taighde a tháinig ina ndiaidh, dhírigh sé ar gnéithe éagsúla den phróiseas léitheoireachta maidir le ról eolas fóineolaíoch i ndíchódú focal agus i bhforbairt líofachta. Luafaimid roinnt gnéithe den phróiseas anseo; dóibh siúd ar mian leo tuilleadh léitheoireachta a dhéanamh, tá liosta moltaí ag deireadh na caibidle, agus tá na tagairtí iomlána ann sa leabharliosta.

Ar dtús, tá fianaise shuntasach ann ó staidéir ar léitheoirí óga an Bhéarla gurb í an fheasacht fhóineolaíoch an rud is mó, tar éis eolas ar an aibítir, a dhéanfaidh tuar ar conas a éireoidh le páistí sa léitheoireacht. Is é sin, úsáideann páistí an fheasacht fhóineolaíoch chun sruth cainte i bhfocail a bhriseadh síos in aonaid níos lú, mar shampla, siollaí, codanna de shiollaí (túsfhoghar agus foghar deiridh) agus fuaimeanna cainte aonair. Aithníonn saineolaithe go forleathan gur gá do pháistí an fheasacht fhóineolaíoch a bheith acu roimh an gcumas díchódaithe; sular féidir le páistí na naisc idir fuaimeanna agus siombailí a aithint sa teanga scríofa; tá sé soiléir gur gá dóibh bheith ábalta na fuaimeanna a dhéanann na siombailí sin a athint sa teanga labhartha. Má fhorbraíonn páistí scileanna maithe díchódaithe, deir Stuart, Masterson agus Dixon (1999) gurb é sin an rud a dhéanann idirdhealú idir léitheoirí maithe agus léitheoirí laga toisc go mbraitheann na léitheoirí laga an iomarca ar stór focal súilaithne a d'fhoghlaim siad mar fhocail iomlána. Agus déanann Pikulski agus Chard (2005) an nasc seo soiléir idir díchódú agus líofacht léitheoireachta.

Chuir Linnea Ehri teoiric a raibh tionchar aici chun cinn go dtéann léitheoirí atá ag déileáil le hortagrafaíochtaí aibítreacha trí roinnt céimeanna i bhforbairt na léitheoireachta. Sa chreatlach a mhol sí braitheann na céimeanna forbartha, thar aon rud eile, ar conas a dhéanann léitheoirí próiseáil ar théacs scríofa maidir leis na fuaimeanna ar leith atá siad a fhoghlaim a léamh.

- Sa chéim is luaithe, *roimh an aibítir*, níl aon tuiscint ag na páistí ar an nasc idir fuaimeanna agus litreacha, agus braitheann siad go hiomlán ar na leideanna radhairc - pictiúir, mar shampla - chun focail a aithint.

- Sa chéad chéim eile, *an chéim pháirtaibítreach ina bhfuil eolas teoranta ag na páistí* maidir le péireáil litreacha agus fuaimeanna, braitheann na páistí go príomha ar an gcéad litir nó ar litreacha suntasacha eile i bhfocail.
- Sa *chéim iomlán aibítreach*, is féidir le páistí na litreacha uile a chur le fuaimeanna agus le míreanna focal isteach in aonaid fhóinéimeacha; i bhfocail eile, tá siad in ann an téacs a dhíchódú.
- Sa deireadh, *sa chéim a neartaíonn an chéim aibítreach* is féidir leis na páistí patrúin níos mó a bhaint as grúpálacha litreacha i bhfocail éagsúla (e.g., <adha> sa Ghaeilge, nó <ight> sa Bhéarla) agus stórálann siad iad mar aonaid, rud a chuireann ar a gcumas léamh níos tapúla agus cuimhneamh ar fhocail illsiollaí a bhfuil aithne súl acu orthu.

Maíonn Ehri gurb iad na comhfhreagairtí fuaimeanna le siombailí an "gliú" a chabhraíonn le léitheoirí óga focail a choinneáil i gcuimhne, ach gur lú éifeacht atá le bealach an fhocail iomláin chun foghlama, agus tacaíonn a lán lán staidéir leis an méid a mhaíonn sí agus léiríonn siad cé chomh luachmhar agus atá scileanna díchódaithe i gcur chun cinn cumas léitheoireachta.

Tar éis roinnt staidéir shícitheangeolaíocha ar fhoglaimeoirí i léitheoireacht na Gaeilge, léiríonn na torthaí gur bac lárnach í easpa scileanna díchódaithe i bhforbairt líofachta. Tagann cuid mhaith de na torthaí seo le chéile ar fhadhbanna atá ag léitheoirí óga le tuiscint ar fhóineolaíocht na Gaeilge, agus ar an tslí a dteipeann orthu téacs Gaeilge a dhíchódú sna slite ar fhoghlaim siad téacs Béarla a dhíchódú.

Rinne Parsons agus Lyddy (2009) scrúdú ar léitheoirí óga Gaeilge ocht mbliana d'aois i gcineálacha éagsúla scoileanna. Nuair nár aithin na páistí focail Ghaeilge, fuair Parsons agus Lyddy amach gur dhiúltaigh na páistí na focail a rá ar dtús agus gurbh í sin an straitéis is coitianta, agus ansin gur chuir siad focail Ghaeilge nó Bhéarla ina n-áit. A mhalairt a tharla leis na léitheoirí is cumasaí, sa chás s'acu, is annamh a dhiúltaigh siad triail a bhaint as focal Gaeilge a rá, agus is mó an seans go ndéanfadh siad earráidí le neamhfhocail, i.e., go ndéarfadh siad focal gan bhrí agus iad ag iarraidh é a fhuaimniú os ard as an tuiscint a bhí acu ar phatrún litrithe. Ós rud é go ndiúltaíonn páistí chomh minic sin triail a bhaint as focal a rá, tá cuma ar an scéal go bhfuil siad ag brath ar aithint focail iomlána agus go bhfuil easpa straitéisí díchódaithe acu, ach i gcás earráidí neamhfhocail na léitheoirí atá níos rathúla, léiríonn na hearráidí sin go bhfuil na léitheoirí sin ag baint níos mó úsáide as straitéisí díchódaithe litreacha go fuaimeanna.

Na hearráidí a chonacthas i malartú focal Béarla in áit focal Gaeilge, léiríonn siad cur isteach ón mBéarla. Bhí an cur isteach seo an-choitianta i measc na léitheoirí is laige Gaeilge, agus luann Hickey é freisin ina taighde, áit ar chuala sí míléamh páistí ar an bhfocal *ann* /a:n/ mar *Ann* /æn/ an t-ainm Béarla nó *siad* /sˈiəd/ mar *said* an Bhéarla. I gcás focail ardmhinicíochta a bhfuil comhfhreagairtí iomlána rialta acu, fuair Hickey amach freisin gur minic a rinne páistí míléamh orthu seo i scoileanna Béarla, agus cuireann sí an cás chun tosaigh go raibh na páistí seo ag tomhas agus nach raibh díchódú ar siúl acu. Is deacair an chonclúid sin a sheachaint: braitheann líofacht léitheoireachta ar scileanna díchódaithe, agus is gá na scileanna seo a fhorbairt ó na céimeanna is luaithe sa léitheoireacht.

Maidir le himpleachtaí an taighde seo don seomra ranga, gach eagraíocht oifigiúil a bhfuil suim aici sa litearthacht d'éisigh siad ráiteas seasaimh ar an ábhar a aontaíonn gur chóir a lán modhanna éagsúla a úsáid i múineadh na léitheoireachta. I measc na n-eagraíochtaí sin, tá:

Cumann Idirnáisiúnta na Litearthachta, an Coimisiún Eorpach, Páinéal Léitheoireachta Náisiúnta S.A.M., Cumann na Litearthachta R.A., agus an Chomhairle Náisiúnta Curacalaim agus Measúnachta (CNCM) in Éirinn.

Cuid mhaith den taighde ar fhorbairt na litearthachta atá luaite thuas rinneadh é ar pháistí atá ag foghlaim na léitheoireachta ina dteanga dhúchais, agus tosaíonn na páistí seo ar scoil le leibhéal ard scileanna cainte. A mhalairt atá i gceist le cuid mhaith de na páistí scoile in Éirinn atá díreach tar éis tosú ar shealbhú Gaeilge labhartha nuair a thosaíonn siad ar fhoghlaim fhoirmeálta léitheoireacht na Gaeilge. Maidir le stór focal agus gramadach, tá a gcuid scileanna T2 an-teoranta fós i gcomparáid leis an méid eolais atá ag cainteoirí dúchais faoina gcéad teanga ag an aois chéanna. Ciallaíonn na teorainneacha seo gur gá gach cabhair a chur ar fáil do na foghlaimeoiri seo chun nach bhforbróidh siad straitéisí léitheoireachta neamhéifeachtúla.

Cheap Verhoeven (2000) go gcuireann an stór focal níos lú a bhíonn ag foghlaimeoirí an T2 bac mór orthu agus iad ag léamh sa T2. D'fhéadfadh cumas teoranta T2 próiseas léitheoireachta T2 a chur ó mhaith agus seans go bhfillfidh léitheoirí maithe T1 ar straitéisí nach bhfuil chomh héifeachtach sa T2. Cuireann cumas teoranta bac freisin ar phróiseáil léitheoireachta i slite eile. Má tá eolas teoranta ag léitheoirí óga ar rialacha comhfhreagairtí fóinéme do ghraiféim agus ar shrianta ortagrafaíochta an T2, ciallaíonn sin go dtógfaidh leibhéal íseal díchódaithe níos mó am próiseála ná a thógfaidh sé agus iad ag léamh ina gcéad teanga. Fiú i gcás léitheoirí aibí T2 a bhfuil scileanna maithe léitheoireachta T1 acu ní hionann an tslí a léann siad sa T2 toisc nach bhfuil a scileanna sa T2 chun focail a aithint chomh huathoibríoch sin, rud a chuireann bac ar a gcumas chun aird a dhíriú ar chiall an téacs.

Tá fianaise ann a léiríonn seo i léitheoireacht na Gaeilge. Fuair Parsons agus Lyddy (2009a, b) amach faoi scoileanna Béarla, go léann páistí i bhfad níos moille sa Ghaeilge agus go ndéanann siad níos mó earráidí inti ná a dhéanann paistí i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge, áiteanna a bhfuil cumas léitheoireachta na Gaeilge níos airde mar gheall ar an méid mór ama a chaitheann na páistí ag caint agus ag léamh as Gaeilge agus ag éisteacht léi.

Cuireann cleachtadh feabhas ar ráta léitheoireachta, ach is iad na léitheoirí sin a bhfuil an ráta is ísle acu a mbeidh na deacrachtaí is mó acu agus nach mbainfidh tairbhe ná sult aisti. Chum Stanovich (1986) an téarma 'Iarmhairt Mhatha" chun cur síos a dhéanamh ar an gcás ina bhforbraíonn foghlaimeoirí scileanna uathoibríocha aithint focal toisc go ndéanann siad cleachtadh, agus de bharr an chleachtaidh seo, téann siad i bhfeabhas mar léitheoirí, ach i gcás léitheoirí laga a mbíonn frustrachas orthu sa léitheoireacht titeann siad níos faide siar (tá sin ar aon dul leis an saibhir ag éirí níos saibhre agus an bocht ag éirí níos boichte).

Éiríonn le roinnt páistí scileanna léitheoireachta a shealbhú ag céim luath, agus dá bhrí sin, léann siad níos mó, baineann siad níos mó taitnimh aisti, agus déanann siad dul chun cinn tapa ina bhforbairt litearthachta, ach i gcás na bpáistí nach n-éiríonn leo ag céim luath sa léitheoireacht, ní léann siad mórán, bíonn i bhfad níos lú teagmhála acu leis an teanga, rud a chuireann níos mó baic ar fhorbairt a scileanna teanga. Tá an ceacht soiléir anseo: tá sé tábhachtach go n-éireoidh le páistí go luath sa léitheoireacht. Is féidir an tionchar céanna a fheiceáil arís is arís sa ghaol idir fás stór focal agus an léitheoireacht: mar a dúramar roimhe seo, léiríonn taighde go gcuireann an léitheoireacht feabhas ar stór focal na léitheoirí óga, agus má tá stór focal níos fearr acu, rachaidh scileanna léitheoireachta na léitheoirí óga chun cinn níos tapúla. Bíonn tionchair dhearfacha ag teagasc luath díchódaithe, rud a thugann deis do léitheoirí óga cóid a leagan síos sa chuimhne, agus ina dhiaidh sin is fearr a bheidh siad in ann teacht ar a stór focal, agus is éifeachtaí a bheidh próiseáil téacs na léitheoirí óga sin.

Tá fadhb amháin roimh pháistí atá ag iarraidh litearthacht a fhoghlaim sa Ghaeilge mar T2, agus is é sin, cé gurb ionann roinnt de na litreacha sa Bhéarla agus sa Ghaeilge, tá difríochtaí ann idir na fuaimeanna a eascraíonn as na litreacha céanna, agus tá na difríochtaí sin caolchúiseach ach tábhachtach. Réitíonn sé seo an bealach don seans go gcuirfidh na difríochtaí seo isteach ar na scileanna díchódaithe a bheidh ag na páistí agus iad ag foghlaim léitheoireacht an Bhéarla cheana féin faoin am a mbeidh siad ag tosú ar léitheoireacht na Gaeilge.

An smaoineamh seo go ndéanann teanga amháin *cur isteach* ar theanga eile, téann sé siar níos faide ná 50 bliain i staidéir an dátheangachais. I dtaighde ar shealbhú an dara teanga (SLA), is fearr le taighdeoirí an téarma *aistriú* anois, toisc nach bhfuil nasc diúltach ann mar a bhí leis an smaoineamh go gcuireann teanga amháin isteach ar theanga eile, agus dá bhrí sin, tá an téarma *aistriú* níos solúbtha maidir leis na tionchair a d'fhéadfadh sé a bheith aige ar shealbhú an dara teanga (SLA). Is minice a dhéanann taighdeoirí plé ar aistriú agus iad ag míniú cosúlachtaí agus difríochtaí struchtúir teangeolaíocha, agus an tslí a dtéann siad i bhfeidhm ar an bhfuaimniú agus ar na leaganacha gramadaí a úsáideann foghlaimeoirí sa dara teanga. Ach is féidir an tearma *aistriú* a fháil i réimsí éagsúla eile freisin, ina measc; réimse séimeantach de rudaí atá cosúil (gaolmhar fiú) sa stór focal; struchtúr dioscúrsa atá in úsáid sa scríbhneoireacht; agus patrúin ortagrafaíochta a bhaineann le gaol fuaime le siombail a ndéanfaimid scrúdú orthu anseo.

In úsáid an téarma *aistriú* tá seans ann go bhféadfadh aistriú eolas teangeolaíoch bheith dearfach nó diúltach ina thionchair ar shealbhú teanga, ag brath ar na gnéithe struchtúrtha den chineál céanna atá ag an dá theanga. Mar shampla, tá na struchtúir chéanna ag an nGaeilge agus ag an mBéarla in aimsirí leanúnacha (*Tá Bríd ag imeacht/ Bridget is leaving*), agus dá bhrí sin tá sé níos fusa ag cainteoirí i dteangacha eile na leaganacha sin a fhoghlaim, ar a laghad sna cásanna is simplí atá cosúil leis an sampla anseo. Ach tá oird éagsúla focal ag an dá theanga (ní hamháin i gcás áit an bhriathair, ach i gcás aonaid fhrásacha atá níos lú), agus is gá iad a mhíniú agus a mhúineadh go soiléir. Ach i gcéimeanna luatha sealbhú teanga déanann páistí earráidí agus aistríonn siad ord na chéad teanga (e.g., *red hat*) go dtí an dara teanga (**dearg hata* in áit *hata dearg*). Tá fianaise ann gur tharla earráidí den chineál seo i suíomhanna foghlama teangacha, agus i measc páistí a tógadh go dátheangach.

Maidir leis an léitheoireacht sa dara teanga, scrúdaíodh na ceisteanna faoi cad iad na rudaí go díreach a aistreoidh go dearfach gan teagasc soiléir agus cad iad na rudaí nach n-aistreoidh. De ghnáth, tá scileanna díchódaithe i measc na scileanna nach bhfuil furasta a aistriú, ní hamháin sna cásanna mar a bhfuil dhá aibítir éagsúla ag an dá theanga (an aibítir Laidine agus an aibítir Choireallach, mar shampla, atá in úsáid sa Rúisis, sa tSeirbís, sa Bhulgáiris, etc.) ach sna cásanna mar a bhfuil luachanna éagsúla ag litreacha den aibítir chéanna, mar a bhíonn fíor beagnach i gcónaí, de bharr na ndifríochtaí i gcórais fhóineolaíocha na dteangacha. Cuir i gcomparáid, mar shampla, conas a fhuaimníonn daoine an litriú <*ch*> sa Fhraincis, sa Spáinnis, agus san Iodáilis, teangacha Rómánsacha atá go léir an-ghaolmhar dá chéile, ach atá éagsúil lena chéile san fhuaim a léiríonn an tsraith chéanna litreacha.

Ar an iomlán, i gcás próisis ardoird chognaíocha, a bhfuil baint acu le léitheoireacht T1, tá fianaise ann ó thaighde ar an léitheoireacht go n-aistríonn na próisis seo go léitheoireacht T2 agus nach gá iad a theagasc. Ina measc, tá na próisis seo i gceist:

- gnéithe de thuiscint fhóineolaíoch, mar shampla, aithint siollaí ríme, agus an tábhacht atá le péirí íosdifríochtaí (féach ar chaibidlí 6-8 le haghaidh tuilleadh plé),
- straitéisí le brí a bhaint as téacs,
- an cumas le catagóir agus fochatagóir a dhéanamh,

- gnásanna scríbhneoireachta, mar shampla, ord líneach; ceannlitriú; poncaíocht etc.;
- tuiscint ar na cineálacha éagsúla scéalta agus ar na difríochtaí idir na seanraí; agus
- tuiscint ar phatrúin staitistiúla litrithe, mar shampla, cad iad na litreacha is féidir a dhúbailt, nó cad iad na litreacha ar féidir leo a bheith in aice lena chéile.

Is é an rud nach n-aistríonn, nó a d'fhéadfadh a aistriú ar shlí dhiúltach, an t-eolas faoi ghnéithe ar leith atá éagsúil sa dá theanga, mar atá, comhfhreagairtí fuaime le siombail a bhaineann le teanga ar leith.

Áiteanna nach bhfuil sraitheanna ar leith litreacha den T2 sa T1, ní bheidh aistriú ann, ach beidh ar pháistí nó ar dhaoine fásta foghlaim faoi na fuaimeanna a bhaineann le sraitheanna amhail (i nGaeilge, mar shampla) <*bhf*>, <*ao*>, <*eoi*>, <*mh*>, and <*dh*>. In áiteanna a bhfuil na sraitheanna céanna sa dá theanga, seans go mbeidh aistriú diúltach ann má fhreagraíonn na litreacha chéanna d'fhuaimeanna éagsúla sa dá theanga. Mar sin, deir roinnt múinteoirí Gaeilge gur chuala siad na comhghraif (an litriú céanna in dhá theanga) *bean* nó *teach* á rá ag daltaí mar a déarfadh Béarlóirí iad, agus fiú nuair nach bhfuil comhghraf Béarla ann, seans go ndéarfaidh siad fuaimeanna Béarla le haghaidh sraitheanna atá coitianta (e.g., *shona, sean, baile, tigh,* etc.). Mar shampla, i gcás mic léinn fhásta, tar éis roinnt míonna ag déanamh staidéir ar an nGaeilge, leanann siad leis an nós an tsraith <th> i bhfocail amhail *bóthar*, *theach*, a rá mar a déarfadh siad an <th> sa Bhéarla i bhfocail amhail *mother* nó *think*. De bharr gur rudaí ar leith iad comhfhreagairtí fuaimeanna le litriú in aon teanga, is gá tosú ar an díchódú as an nua agus teanga nua á foghlaim.

Mar sin, gan teagasc soiléir agus gan cleachtadh córasach i ngnásanna ortagrafaíochta na Gaeilge, páistí atá ag éirí déliteartha, agus nach bhfuair teagasc soiléir díchódaithe ach i mBéarla, seans go mbeidh deacrachtaí ag na páistí sin coinneáil suas le rialacha díchódaithe sa dá theanga. Cé go bhfeictear go n-aistríonn coincheap thábhacht na bpéirí íosdifríochta go dtí an T2, ba chóir a lua go bhfuil seans ann go mbeidh cabhair de dhíth fós ar pháistí atá ag foghlaim an T2 le codarsnachtaí nach bhfeicfidh siad ina máthairtheanga (T1). Tosaíonn an chabhair seo mar chuid de thuiscint fhóineolaíoch, fiú sula dtosóidh na páistí ag foghlaim na litearthachta. Mar sin, seo áit ar féidir le múinteoirí na naíonán a ndaltaí a ullmhú le haghaidh léitheoireachta sna ranganna ina dhiaidh sin; is féidir leo díriú ar phéirí fuaimeanna atá fíoréagsúil sa Ghaeilge ach nach bhfuil éagsúil sa Bhéarla (e.g., consain leathana agus consain chaola) nó nach féidir idirdhealú a dhéanamh orthu díreach sa tslí chéanna i ngach cás (e.g., gutaí fada agus gairide).

Molann Curaclam Teanga na Bunscoile cleachtaí a úsáideann modhanna den chineál a bhaineann le comparáid agus codarsnacht chun forbairt a dhéanamh ar an tuiscint atá ag na páistí ar an teanga. Is beag difear atá idir an chomhairle seo agus Treoirlínte an Churaclaim Athbhreithnithe a mhol do mhúinteoirí anailís a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an Ghaeilge agus an Béarla maidir le comhfhreagairtí fuaime le siombail, rud a léiríonn gur aithin údair an churaclaim go raibh seans ann go mbeadh aistriú diúltach ann. Mar a léirigh agallaimh sa chaibidil roimhe seo, áfach, lean múinteoirí an chomhairle seo ar shlí nach raibh rochórasach de bhrí nach raibh ábhair ar leith tacaíochta ann, agus go hiondúil níor fhéach siad ach ar roinnt bheag sraitheanna litreacha – go minic, na cinn is simplí.

Tá slí amháin ina bhfuil an Béarla agus an Ghaeilge cosúil lena chéile, ach ní gá gur cabhair í do léitheoirí atá ag tosú ar an léitheoireacht. Tá débhríocht measartha ard ina gcórais litrithe sa dá theanga; is é sin, seasann éagsúlacht graiféimí d'fhuaim amháin agus seans go seasfaidh graiféim amháin do níos mó ná fuaim amháin. Mar shampla, sa Bhéarla is féidir an fhuaim chéanna /ai/ a scríobh i mbealaí éagsúla atá le feiceáil i gcló trom sna focail seo:

I, k**ite**, s**igh**, m**y.**

Sa Ghaeilge, is féidir an fhuaim chéanna /ai/ a scríobh mar

T**adh**g, **aghaidh**, s**taigh**re; [agus i roinnt canúintí *gr**ei**m* agus *t**i**nn*]

Ar an taobh eile den scéal, tá clú ar an litriú Béarla <ough> a deirtear i mbealaí éagsúla in *tough, though, through, bough,* agus *cough,* agus i litriú na Gaeilge is féidir <aigh> a rá ar bhealaí éagsúla (arís, braitheann seo ar an gcanúint) ar nós *faigh, bhfaighidh, staighre* mar a deirtear iad i gConamara le /a:/, /i:/ agus /ai/ faoi seach, cur i gcás. Tá a lán lán taighde trasteanga ar shealbhú na léitheoireachta in ortagrafaíochtaí éagsúla (e.g. Ziegler & Goswami, 2006) agus léiríonn sé go bhfuil tábhacht leis an gcineál seo débhríochta, mar a léireoimid san athbhreithniú thíos.

Téann an corpas taighde seo siar 30 bliain ar a laghad agus tá scrúdú déanta aige ar an ngaol idir sealbhú na litearthachta i dteangacha éagsúla agus an cineál córas ortagrafaíochta atá sna teangacha sin. Fiú i measc teangacha a bhfuil an córas aibítreach céanna acu mar bhunús dá n-ortagrafaíocht (mar shampla, aibítir na Laidine atá in úsáid sa Ghaeilge, sa Bhéarla, sa Spáinnis, sa Fhraincis, san Iodáilis, sa Phortaingéilis, san Fhionlainnis, sa Chróitis, sa Tuircis, sa Danmhairgis agus i dteangacha eile) tá réimse difríochtaí ann agus déanann an téarma Doimhneacht Ortagrafaíochta nó Doiléire cur síos ar an réimse sin. Bhunaigh an taighde seo go bhfuil contanam san Ortagrafaíocht ó Éadomhain go Domhain;

- ar an taobh Éadomhain, nó Trédhearcach, i dteangacha amhail an Fhionlainnis, an Tuircis, an Chróitis, agus ní a oiread céanna san Iodáilis ná sa Spáinnis, is beag débhríocht atá sa litriú. Mar sin, an gaol idir fuaimeanna agus siombailí tá sé beagnach aon le haon, áit a seasann gach aonad litrithe d'aon fhuaim amháin agus níl ach litriú amháin ar gach fuaim. I measc na dteangacha luaite thuas, is iad an Fhionlainnis, an Chróitis, agus an Tuircis na cinn is cóngaraí don idéal, agus níl an Spáinnis ná an Iodáilis i bhfad taobh thiar díobh.
- ar an taobh Domhain, glactar leis gurb é an Béarla an sampla is fearr den taobh sin, d'ortagrafaíocht Dhomhain nó Theimhneach, agus tá an Fhraincis, an Danmhairgis agus an Phortaingéilis áit éigin idir an dá taobh.

Na critéir chéanna a bhí in úsáid ar na teangacha thuas chun doimhneacht a n-ortagrafaíochta a oibriú amach, níor úsáid aon duine iad go dtí seo chun staidéar córasach a dhéanamh ar ortagrafaíocht na Gaeilge; ach, ón méid oibre atá déanta ar ortagrafaíocht na Gaeilge, is léir go bhfuil sí níos trédhearcaí ná an Béarla, ach nach bhfuil sí chomh trédhearcach leis an bhFionlainnis ná an Spáinnis, mar shampla. Cé go bhfeictear go bhfuil ciall leis an gconclúid seo, tá sí rud beag éiginnte freisin agus is féidir cialla éagsúla a bhaint aisti, agus fillfimid ar an bhfíric seo ar ball.

Léiríonn taighde freisin go dtógann sé dhá uair níos faide an léitheoireacht a fhoghlaim sa Bhéarla ná a thógann sí i dteangacha a bhfuil ortagrafaíochtaí níos éadoimhne/trédhearcaí acu, an Fhionlainnis, mar shampla, agus i gcás na gcineálacha straitéisí a úsáideann léitheoirí, léiríonn an taighde go bhféadfadh siad bheith éagsúil. Is gá do chainteoirí Béarla, go háirithe, bheith ag brath ar níos mó focail shúilaithne (na focail a léiríonn patrúin neamhrialta fuaime agus siombaile). Ina ainneoin sin, tá sé soiléir go mbaineann léitheoirí Béarla, agus léitheoirí na dteangacha uile, úsáid as roinnt próiseáil fhóineolaíoch (i.e., díchódú comhfhreagairtí litreach le fuaim). Is fíor é seo fiú i gcás teangacha a bhfuil córais scríbhneoireachta acu nach bhfuil aibítreach (i.e., bunaithe ar léiriú fuaimeanna ar leith). Mar shampla, is córas logaghrafach í scríbhneoireacht na Sínise, áit a seasann gach siombail d'aonad céille. San

Eabhrais níl gutaí le feiceáil sa scríbhneoireacht, agus dá bharr sin seasann sraith áirithe consan dá lán focal, agus is é an t-aon difear eatarthu rogha agus fuaimniú na ngutaí, agus úsáideann cainteoirí dúchais an comhthéacs chun an focal a aithint. Deir saineolaithe go bhfuil na teangacha seo níos doimhne nó níos teimhní ná an Béarla, ach dá ainneoin sin tá eolas fóineolaíoch na dteangacha sin in úsáid chun iad a léamh.

Mar gheall ar thagairtí leathana don chontanam i nDoimhneacht Ortagrafaíochta maidir le comhsheasmhacht sa litriú, feictear gur tháinig an dearcadh chun cinn gur fusa (agus i gcuntais áirithe gur i bhfad níos fusa) do dhaoine an Ghaeilge a léamh ná an Béarla, de bharr go bhfuil i bhfad níos mó leanúnachais sa litriú. Tá an dearcadh seo le feiceáil i roinnt rudaí a deir múinteoirí agus teangeolaithe teanga:

> *Irish is so much simpler than English, because a sound is a sound.*
>
> *Ar shlí amháin…is dóigh liom go bhfuil cuid mhaith den Ghaeilge b'fhéidir níos simplí…*
>
> *Deirtear go bhfuil litriú na Gaeilge i bhfad níos fusa ná litriú an Bhéarla.*

An creideamh seo go bhfuil ortagrafaíocht na Gaeilge éasca i gcomparáid leis an mBéarla, seans go neartaíonn sé an claonadh gan díchódú ná litriú a mhúineadh go soiléir sa Ghaeilge. Chomh luath agus a fhoghlaimíonn páistí léitheoireacht an Bhéarla, síleann múinteoirí nach mbeidh aon deacracht ag páistí leis an nGaeilge. I gcás daoine áirithe, éiríonn leo an Ghaeilge a fhoghlaim gan teagasc, mar a tharla, b'fhéidir, i gcás na ndaoine a luamar thuas. Ach is cainteoirí líofa iad na daoine seo, d'éirigh leo córas léitheoireachta na Gaeilge a shealbhú; ní hionann iad agus foghlaimeoirí eile na Gaeilge:

> *Is cuimhneach liom Meireacánach ag rá liom...go rinne sé iarracht Gaeilge a fhoghlaim agus d'éirigh sé as: 'It [spelling] makes no sense at all!' a dúirt sé liom.*
>
> *In English, I think they're [pupils in 4th-6th class] very good at sounding out a word. So they look at, they come to something and they can sound it out. In Irish, they find it much more difficult, they don't even try sometimes, because they're so used to words sounding very different to how they're spelt [in English] -- they haven't been taught.*

Le féachaint ar cad atá taobh thiar den chontrárthacht shoiléir anseo, rinneamar anailís measartha mion ar chóras ortagrafaíochta na Gaeilge (Hickey & Stenson, 2011). Rinneamar comparáid idir an Ghaeilge agus an Béarla maidir le rialtacht an litrithe sna focail is minice úsáid, go háirithe, sna focail atá le léamh i litríocht do pháistí. Léiríonn ár staidéir gur fíor go bhfuil litriú na Gaeilge níos rialta ná litriú an Bhéarla, ar a laghad san fhoclóir is minice úsáid ó chorpas litríochta do pháistí a luamar i gCaibidil 1, a ndearnamar comparáid air le corpas Béarla den chineál céanna. Sa 100 focal is minice úsáid a ndearnamar staidéar orthu, bhí rialtacht 71% ag an nGaeilge i gcomparáid le 52% sna focail is coitianta sa Bhéarla. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar chuid níos mó den chorpas sa Ghaeilge, agus ag cur san áireamh roinnt patrúin sheasmhacha san fhoghraíocht, léirigh staidéar go raibh ardú go 85% i rialtacht na Gaeilge. Ach, ní hí an rialtacht an scéal iomlán in aon chor. Is príomhshaineolaí sa léitheoireacht í Usha Goswami i Sasana, agus cuireann sí an cás chun tosaigh go bhfuil castacht fhóineolaíoch chomh tábhachtach le rialtacht ar cé chomh héasca agus atá sé litearthacht a shealbhú (Goswami 2005, i measc daoine eile).

Chun doimhne ortagrafaíochta a mheas (is é sin tomhas ar cé chomh casta agus atá córas), ní mór roinnt gnéithe den litriú (atá nasctha le chéile go mínic) a chur san áireamh. Ina measc anseo tá:

- struchtúr na siollaí i ngach teanga,

- an cóimheas fóinéimí sa teanga agus na litreacha atá ar fáil a sheasann dóibh,
- úsáid graiféimí agus diaicriticí casta (i.e., dhá litir), agus,
- struchtúr moirfeolaíoch agus foineolaíoch na teanga.

Agus mar chríoch, díríonn Ziegler agus Goswami (2005) aird ar an tábhacht atá le 'méid gráinne' na teanga, is é sin, an leibhéal anailíseach nó na leibhéil anailíseacha a léiríonn cé chomh híogair agus atá córas ortagrafaíochta na teanga. Ar roinnt de na bealaí seo, tá an Ghaeilge agus an Béarla cosúil le chéile, ach i dtaighde roimhe seo d'aithníomar réimsí áirithe a léiríonn difríochtaí idir an dá theanga, roinnt díobh beag agus roinnt díobh mór; seans gurb iad na difríochtaí seo is cúis le roinnt de na deacrachtaí a bhíonn roimh léitheoirí ag tosú ar an léitheoireacht. I measc na ndifríochtaí is suntasaí, tá, úsáid na ndiaicriticí (comharthaí aicinn, mar shampla) agus graiféimí casta (i.e., níos mó ná litir amháin), agus dá bharr sin an cóimheas níos airde litreacha is fóinéimí, agus gnéithe áirithe d'fhoirmeacha focal sa Ghaeilge, na hathruithe tosaigh go háirithe.

Deir múinteoirí go bhfeictear dóibh go mbionn deacracht ag cuid mhaith foghlaimeoirí leis an *síneadh fada*, ní thuigeann cuid mhaith foghlaimeoirí feidhm na diaicritice seo, agus deir roinnt léitheoirí fásta nach cuimhin leo gur mhúin múinteoir dóibh ar bhealach córasach riamh an tslí a síníonn an diaicritic seo fad an ghuta. Ós rud é gurb é an *fada* an t-aon diaicritic atá in úsáid sa Ghaeilge, is furasta go leor a feidhm a léiriú ag baint úsáid as cleachtaí péirí íosdifríochtaí (cleachtadh a dhéanann idirdhealú idir focail nach bhfuil éagsúil ach sa ghuta, e.g., *briste* – *bríste*) agus tá a leithéid le feiceáil i gCaibidil 9.

Feictear dúinn gur mó i bhfad an chúis deacrachta é an céatadán ard de ghraiféimí casta sa Ghaeilge, rud a chiallaíonn go mbíonn focail Ghaeilge, ar an meán, níos faide ná focail Bhéarla fiú ag céimeanna luatha na léitheoireachta, agus bíonn an cóimheas litreacha is fóinéimí sách ard go minic i gcomparáid leis an mBéarla. Mar shampla, i gcás focal amháin i measc na 1,000 focal is minice úsáid, *aghaidh*, tá seacht litir san fhocal, ach ag brath ar an gcanúint atá i gceist níl ach fóinéim amháin (/ai/) san fhuaimniú i gConnachta, ach tá dhá fhóinéim i gCiarraí (má deirtear 'g' ag an deireadh). Is féidir teacht ar a lán samplaí nach bhfuil chomh dian sin, ach atá deacair fós i stór focal luath coitianta páistí. Agus tá na samplaí sin ann mar gheall ar ghnás litriú na teanga i dtaca le hathruithe tosaigh agus cáilíocht consain, i measc rudaí eile (e.g., fuaimniú focal den chineál *bainne*, *caoineadh*, *thosaigh*, nó fiú *ise*, atá go léir sa chéad 100 focal is minice úsáid i gcorpas na leabhar do pháistí), agus seans nach mbeidh na nithe seo uile soiléir i gcás léitheoirí a d'fhoghlaim a scileanna léitheoireachta i mBéarla. Beidh plé níos cuimsithí ar na patrúin litrithe seo i gCaibidlí 5 – 7.

Maidir le leaganacha focal, bíonn athruithe orthu ag tús na bhfocal, agus dá bharr sin, ní hionann an Ghaeilge agus an Béarla, óir sa Ghaeilge - ag brath ar an gcomhthéacs ina dtarlaíonn sé - ní bhíonn an fuaimniú céanna ar thús na bhfocal, rud a chuireann mearbhall ar fhoghlaimeoirí nach n-aithníonn gurb é an focal céanna é *bád*, *bhád*, agus *mbád*. Chomh maith leis sin, tá moirfeolaíocht bhriathartha níos casta sa Ghaeilge ná sa Bhéarla, agus tá athruithe suntasacha i bhfoirmeacha cuid de na briathra is minice úsáid, ag brath ar cé acu atá siad i ráitis, i gceisteanna, i bhfoirmeacha diúltacha, nó i bhfochlasáil (*tá/níl/bhfuil*, nó *feiceann*, *chonaic/bhfaca*, etc). Ina theannta sin, i roinnt canúintí, i litriú dheireadh an bhriathair, *-adh*, mar shampla, níl aon difear sa litriú, ach tá difear san fhuaimniú, ag brath ar an bhfeidhm atá acu (e.g., an modh coinníollach *dhúnfadh*, an t-ainm briathartha *dúnadh*, nó an saorbhriathar caite *dúnadh*).

Cuireann na gnéithe seo den teanga leis an doiléire ortagrafaíoch, agus seans go dtógfaidh sé a lán ama ar fhoghlaimeoirí na gnéithe sin a oibriú amach go hionduchtach. Má chuireann

múinteoirí an córas fóineolaíoch, agus an tslí a léiríonn an litriú na fuaimeanna sin, i láthair go soiléir, cabhróidh siad le cé chomh tapa agus a shealbhóidh na páistí roinnt de na patrúin seo (cé gur neamhrialta a bheidh na briathra neamhrialta i gcónaí). I mbeagán focal, má chuirimid san áireamh na nithe thuas agus castachtaí eile a phléifimid i gcaibidlí eile, tá cúis mhaith ann go sílimid nach mbeidh aon dúshlán breise i litriú na Gaeilge i gcomparáid le litriú an Bhéarla, go háirithe i gcás páiste nach bhfuil go hiomlán líofa sa Ghaeilge ná nach bhfuil lánábalta Béarla a léamh.

Conclúidí

Déanann roinnt gnéithe próiseáil an téacs níos casta sa Ghaeilge. Ar dtús nuair a thosaíonn daltaí (gur Béarlóirí iad de ghnáth) ag foghlaim na léitheoireachta i nGaeilge, seans go mbeidh cur isteach diúltach ón mBéarla, mura ndíríonn múinteoirí aird ar na rialacha nua go soiléir. Ós rud é nach ionann rialacha litriú na Gaeilge agus rialacha litriú an Bhéarla, cé go mbaineann siad úsáid as na siombailí aibítreacha céanna, seans go bhfuaimneoidh léitheoirí (agus b'fhéidir múinteoirí Gaeilge ina measc) focail áirithe ar shlí a n-imíonn go mór ó fhuaimniú ceart na bhfocal agus a chuirfidh isteach ar fhoghlaim na léitheoireachta. Más féidir rialacha litriú na Gaeilge a nochtadh dóibh de réir a chéile, chabhródh sin go mór le léitheoirí óga dul ó díchódú chuig aithint focal go huathoibríoch, rud atá riachtanach i bhforbairt scileanna sa léitheoireacht líofa. Mar chríoch, baineann an Ghaeilge níos mó feidhmeanna as graiféimí casta ná an Béarla, agus dá bharr sin, tá foirm scríofa na bhfocal Gaeilge i bhfad níos faide, ar an meán, ná an fhoirm scríofa i stór focal luath páistí sa Bhéarla. Chomh maith leis sin, má tá sraitheanna litreacha ann nach bhfuil léitheoirí óga ag súil leo, sraitheanna a bhaineann le athruithe tosaigh, mar shampla, cuirfidh sin mearbhall ar na léitheoirí óga sin nach bhfuil tuiscint iomlán acu ar na rialacha gramadaí a léiríonn na gnásanna litrithe sin. Agus léitheoirí ag tosú ar streachailt le córas nua, is cabhair iontach dóibh é teagasc soiléir agus cleachtas soiléir ar conas a leithéid de córas litrithe a láimhseáil.

Mar atá luaite thuas, agus páistí ag dul i ngleic leis an gcóras litrithe, is gné an-tábhachtach í forbairt thuiscint theangeolaíoch na bpáistí, an tuiscint fhoineolaíoch, go háirithe, is é sin, cumas na bpáistí chun fuaimeanna na teanga labhartha a láimhseáil, agus iad ag obair le túis foghair agus deirí foghair, aithint siollaí, agus deighilt focal ina bhfuaimeanna aonair. Tá sé bunaithe agus seanbhunaithe go bhfuil ról suntasach ag an tuiscint seo sa tslí a n-éiríonn le páistí léamh a dteanga dúchais a fhoghlaim, agus aistríonn an tuiscint seo ón gcéad teanga go dtí an dara teanga. Ach, is féidir le teagasc na léitheoireachta sa chéad teanga dul i bhfeidhm ar thuiscint fhoineolaíoch na ndaltaí; is é sin, mura bhfuil bonn láidir ag foghlaimeoirí an T2 i struchtúr fóineolaíoch an dara teanga, seans go mbeidh patrúin an T1 á n-úsáid acu sa léitheoireacht sa T2, agus beidh torthaí diúltacha ann dá bharr. Mar sin, chun cabhrú le páistí dul i ngleic le gnéithe tábhachtacha ortagrafaíocht na Gaeilge, tá sé riachtanach go mbeidh spriocanna sa teagasc a dhíríonn ar phatrúin fhuaimeanna na Gaeilge agus a chuireann béim ar na difríochtaí idir Gaeilge agus Béarla. Is é sin, ní thuigfidh páistí an tslí a léiríonn an litriú an fuaimniú mura dtuigeann siad an fuaimniú ar dtús. Seo cúis amháin a bhfuil moltaí i dtreoirlínte an churaclaim gur chóir teagasc a chur ar fáil a dhéanann comparáid idir an Ghaeilge agus an Béarla, agus a dhíríonn aird na ndaltaí ar na difríochtaí atá sa Gaeilge, ach nach bhfuil sa Béarla (mar shampla, <o> vs. <ó>, agus araile). Is forbairt réamhléitheoireachta í an fhorbairt seo i dtuiscint fhóineolaíoch sa Ghaeilge, agus is féidir le múinteoirí í a thabhairt isteach i ranganna na Naíonán agus iad ag obair ar scileanna béil na bpáistí, roimh thosú ar theagasc foirmeálta léitheoireachta fiú.

Caibidil 3 Tuilleadh léitheoireachta agus Áiseanna

1. Nassaji (2014) – déanann an t-alt seo coimriú ar an díospóireacht faoi phróiseáil ón mbarr anuas vs. próiseáil ón mbun aníos agus cuireann sé síos go maith ar an méid eolais atá ar fáil faoi phróiseáil ag leibhéal íseal sa léitheoireacht (i.e., na scileanna a bhaineann le díchódú agus teacht ar fhocail), agus an gaol idir léitheoireacht sa chéad teanga agus sa dara teanga. Sna coimrithe atá déanta ag Harrison (1998,1999) tá plé níos mionsonraithe ann ar na himpleachtaí don seomra ranga. Déanann Haigh, Savage, Eros and Genesee (2011) léirmheas litríochta ar ról tuiscint fhóineolaíoch i SDT (SLA). I gCaibidil 2 tá coimriú ar leabhar Grabe (2009) faoi conas a dhéanann páistí próiseáil ar théacs i léitheoireacht líofa agus i gCaibidil 13 tá plé ar thaighde a léiríonn na gaistí a bhaineann le buillí faoi thuairim a bhraitheann ar chomhthéacs, agus tá treoirlínte ann le haghaidh teagasc díreach stór focal trí léitheoireacht. I gCaibidil 16 tá níos mó eolais faoi na codanna éagsúla de churaclam léitheoireachta.

2. Tá níos mó eolais ar fáil i staidéir cheannródaíocha atá déanta ag Adams (1990) agus Chall (1967, agus an dara heagrán in 1983), áit a ndearnadh cás go bhfuil tábhacht agus luach le teagasc fonaice; is clasaicí iad na staidéir seo agus is minic a dhéantar tagairt dóibh fós. Le teacht ar thús na díospóireachta ar an taobh eile, léigh Goodman in 1976 (féach ar Goodman & Xu, 2003 agus Goodman 1997 don phlé) agus Gollash (1982).

3. Tá ráitis seasaimh foilsithe ag NICHHD (2000) EACEA/Eurydice (2011), agus National Center for Family Literacy (2008) faoi riachtanais próiseála ón mbarr anuas vs. próiseáil ón mbun aníos. Maidir leis an gCumann Léitheoireachta Idirnáisiúnta, tá ráiteas seasaimh oifigiúil aige faoi theagasc na fónaice agus tá sé ar fáil ar: https://www.literacyworldwide.org/docs/default-source/where-we-stand/phonics-position-statement.pdf?sfvrsn=6

4. An staidéar 2006 ar an titim san inniúlacht, baineann sé le
   Harris, J., & Forde, P. Peter Archer, Siobhán Nic Fhearaile and Mark O'Gorman. 2006. *Irish in Primary Schools: Long-term National Trends in Achievement*.
   Is féidir cóip pdf de a íoslódáil ó:
   http://www.gaelscoileanna.ie/assets/Irish-in-Primary-Schools.pdf
   Tá tuarascálacha na cigireachta ar fáil chomh maith, agus DES (2007) ar fáil ar:
   https://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/?pageNumber=4
   agus Hislop (2013) ar fáil ar: http://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/?pageNumber=1

5. Tá litríocht léannta fhlúirseach ann a dhíríonn ar an tábhacht a bhaineann le scileanna díchódaithe i bhforbairt na léitheoireachta; i gcás Stuart, Masterson agus Dixon (1999), Stanovich agus Stanovich (1999), agus Ellis (1997), pléann siad na ceisteanna agus déanann siad tagairt do staidéir eile ábhartha. Tá a lán obair údarásach déanta ag Ehri ar na céimeanna i bhforbairt na léitheoireachta agus ar ról an díchódaithe san fhorbairt sin; tá roinnt de na foilseacháin as an méid mór atá déanta aici luaite sa leabharliosta anseo. Déanann Stanovich (1986) plé ar "Iarmhairt Mhatha" mar chuid de léirmheas ar thaighde ar dhifríochtaí aonair sa léitheoireacht.

6. Bernhardt agus Kamil (1995), Bernhardt (2003), Verhoeven (2000, 2011) agus Droop agus Verhoeven (2003) – pléann siad na difríochtaí idir léitheoireacht sa chéad teanga agus sa dara teanga, agus pléann siad roinnt de thionchair an dátheangachais freisin, ina measc, an tslí a bhféadfadh scileanna teoranta an próiséas a lot agus tús a chur le straitéisí

neamhéifeachtacha. Is féidir teacht ar phlé ar dheacrachtaí léitheoireachta daltaí sa Ghaeilge agus impleachtaí na ndeacrachtaí sin maidir lena gcumas díchódaithe nó lena n-easpa cumais in Hickey (1991, 2005, 2007), Stenson agus Hickey (2016, 2011) agus Parsons agus Lyddy (2009a, b).

7. Tá saothar Odlin (1989) ina chlasaic ar aistriú ón T1 go dtí an T2. Tá a aird go mór ar aistriú na gramadaí agus an fhuaimnithe agus ní dhéanann sé mórán tagairte don léitheoireacht. I staidéar Ringbom (1987) ar chainteoirí Fionnlainnise a bhí ag foghlaim an Bhéarla, a rinne comparáid idir na cainteoirí a raibh eolas acu roimh ré ar an tSualainnis (a bhfuil dlúthghaol aici leis an mBéarla) agus na cainteoirí nach raibh, déanann Ringbom an cás go raibh aistriú dearfach ann sa léitheoireacht. Agus de bharr a shaothair is féidir a rá gur féidir le difríochtaí suntasacha ortografaíochta dul i bhfeidhm go diúltach ar cé chomh héasca agus a shealbhóidh páiste an léitheoireacht. Cuireann Durgunoglu (2002) léirmheas maith ar fáil ar thaighde ar aistriú T2; cé go bhfuil spriocanna aici le taispeáint gur féidir úsáid a bhaint as aistriú mar uirlis dhiagnóiseach le haghaidh deacrachtaí léitheoireachta sa T2, tá an léirmheas go maith fós le haghaidh léitheoireacht T2 i gcoitinne.

8. Rinne Seymour, Aro and Erskine (2003) comparáid idir páistí a bhí ag foghlaim Béarla agus foghlaimeoirí 12 theanga Eorpacha eile i gceann de na staidéir is cuimhsithí ar dhoimhneacht ortagrafaíochta agus ar shealbhú léitheoireachta. Fuair taighdeoirí eile na torthaí céanna i dteangacha eile, ina measc, an Bhreatnais (Spencer agus Hanley 2003), an tSeicis (Caravolas, Kessler, Hulme agus Snowling 2005), an Tuircis (Durgunoglu 2006), an tSeapáinis agus an Albáinis (Ellis et al., 2004), agus an Ungáiris (Ziegler et al., 2010).

9. Tá gnéithe eile de dhoimhneacht ortagrafaíochta pléite ag Seymour, (2007); Caravolas, Volín agus Hulme (2005); Bear, Templeton, Helman agus Baren (2004); Caravolas, Kessler, Hulme agus Snowling (2005); Durgunoglu (2006); agus Ziegler agus Goswami, (2005, 2006).

10. Pléann Bear et al. (2004) roinnt ceisteanna a bhaineann le teagasc an díchódaithe. Deánann siad an cás gur féidir leis an litriú léargas a thabhairt ar phróisis litearthachta, agus tugann siad achoimre ar leibhéil éagsúla eolas ortagrafaíochta a spreagann forbairt léitheoireachta agus gur gá iad a chur san áireamh agus teagasc na léitheoireachta á dhearadh. Chomh maith leis sin, pléann siad bealaí ar féidir le heolas ar níos mó ná teanga amháin dul i bhfeidhm ar an dátheangachas agus molann siad gur chóir comparáid a dhéanamh idir na teangacha atá á bhfoghlaim

Caibidil 4
Eolas maith ar an téarmaíocht

Sula dtosóimid ar anailís litrithe, tá sé tábhachtach roinnt tuairimí agus téarmaíochta a shoiléiriú. Déanaimid iarracht béarlagair teicniúil a sheachaint chomh fada agus is féidir linn, ach ar mhaithe le soiléireacht is gá roinnt téarmaí agus gnásanna a úsáid, agus míneoimid iad sa chaibidil seo.

Tuairimí

Ar dtús, agus sinn ag caint anseo faoi *ghutaí* agus faoi *chonsain* na Gaeilge, táimid ag tagairt de ghnáth d'**fhuaimeanna** seachas do **litriú**, ach amháin má deirimid a mhalairt. Agus daoine nach teangeolaithe iad ag plé cúrsaí teanga, is minic a mheasctar na téarmaí **fuaim** agus **litriú**, go háirithe agus iad ag caint faoin nGaeilge, áit a bhfuil litreacha na haibítre débhríoch sna bealaí a bhfuaimnítear iad, agus áit a bhfuil an difríocht sna fuaimeanna agus sa litriú chomh mór sin i gcomparáid leis an mBéarla, in aineoinn go n-úsáideann an dá theanga aibítir atá den chineál céanna.

Mura bhfuil oiliúint ag múinteoirí, daltaí, agus daoine eile sa teangeolaíocht seans go mbeidh tuilleadh mearbhaill orthu nuair a fheicfidh siad litreacha aibítreacha (a bhfuil eolas acu orthu) ag seasamh d'fhuaimeanna sa tras-scríobh fóineolaíoch atá in úsáid san Aibítir Idirnáisiúnta Foghraíochta (IPA). Chun cabhrú le soiléiriú a dhéanamh ar ár bplé ar chóras fuaimeanna na Gaeilge anseo, tabhair faoi deara:

- nuair a sheasann siombailí d'fhuaimeanna, tá na siombailí idir **slaiseanna** (e.g. /ai/), de réir ghnásanna an IPA (a mhíneoimid thíos).
- agus sinn ag tagairt go sonrach do litriú, bainimid úsáid as **lúibíní uilleacha** timpeall na litreach(a), m.sh., <i>, <d>, <in>, agus araile.
- nuair a thagraímid d'fhocail (i nGaeilge nó i mBéarla) ina bhfoirm scríofa, beidh ***cló Iodálach*** orthu; más gá dúinn fuaimniú focail a léiriú, beidh sé idir slaiseanna mar atá déanta le fuaimeanna aonair.

Sainmhíniú ar roinnt téarmaí

Beidh sé ina chabhair má tá eolas agat ar roinnt téarmaí teangeolaíocha a bheidh in úsáid sa lámhleabhar. Chomh maith leis na sainmhínithe a thugamar i gCaibidil 3 ar *dhíchódú*, ar *fhónaic*, agus ar *fhoghraíocht*, tá roinnt cinn nua thíos agus sainmhíniú orthu.

Fóinéim

Is aonad sainiúil fuaime í fóinéim. De ghnáth, bíonn na siombailí le haghaidh fóinéimí idir slaiseanna le léiriú go bhfuilimid ag caint faoi fhuaimeanna seachas litriú. Mar sin, seasann na fuaimeanna /s/, /i/, /t/, /i:/ do na litreacha <*c*> <*i*> <*t*> <*y*> san fhocal Béarla *city*.

Is féidir fuaimeanna a aithint mar fhóinéimí i dteanga nuair is féidir iad a úsáid chun cialla a idirdhealú. Is iad seo na bloic thógála i bhfuaimniú teanga; is iad seo na rudaí a seasann an córas aibítreach scríbhneoireachta dóibh. Seans go mbeidh difríocht bheag san fhuaimiú ag fóinéim i gcodanna eágsúla d'fhocail, ach de ghnáth ní thugann cainteoirí na teanga na

difríochtaí seo faoi deara, toisc nach nach gcuireann na difríochtaí isteach i gcialla na bhfocal. Féach ar an bplé ar **fhoghair** thíos.

Fuaimeanna a bhfuil baint acu le fóinéimí éagsúla i dteanga amháin, seans nach mbeidh siad chomh héagsúil i dteanga eile, cé go bhfuil seans ann go mbeidh foghair den chineál céanna ann i gcomhthéacsanna ar leith. Mar shampla, is mar <l> agus <r> a scríobhtar na fuaimeanna Béarla a sheasann d'fhoghair éagsúla (tras-scríofa freisin go fóinéimeach mar /l/ agus /r/), mar is léir ó phéirí focal amhail *light* agus *right*, nó *lie* agus *rye*, áit arb í an chéad fhuaim an t-aon difríocht san fhuaimniú idir na focail (tabhair faoi deara nach gá don litriú bheith mar an gcéanna, is iad na **fuaimeanna** atá tábhachtach anseo).

Ach sa Téalainnis agus sa tSeapáinis, cé gur féidir an dá fhuaim chéanna a chloisteáil sa dá theanga, ní tharlaíonn an dá fhuaim ach i gcomhthéacsanna áirithe is féidir a thuar, agus ní bhíonn siad le chéile in am ar bith; dá bharr sin ní dhéanann an dá fhuaim seo idirdhealú idir cialla sa dá theanga sin. Níl iontu ach leaganacha éagsúla (ag brath ar chomhthéacs) d'fhóinéim aonair, agus ní chloiseann cainteoirí na dteangacha sin iad mar fhuaimeanna éagsúla. Mar thoradh air sin, is minic a bhíonn deacrachtaí ag foghlaimeoirí Seapáineacha agus Téalainneacha an Bhéarla agus iad ag iarraidh idirdhealú a dhéanamh idir /l/ agus /r/, rud is cúis leis an bhfadhb chlúiteach a bhaineann le 'flied lice', saintréith a bhíonn le cloisteáil i mblas cainteoirí teangacha Áiseacha nach ndéanann idirdhealú láidir idir na fuaimeanna seo.

Ach sa Bhéarla, seasann an litir <l> d'fhóinéim amháin, cé go bhfuaimnítear í rud beag difriúil i gcodanna éagsúla d'fhocail. Éist leat féin mar a deir tú na focail *list* agus *still*. Tabhair aird ghéar ar fhuaimniú na litreach <l> i ngach focal agus ar an áit a bhfuil do theanga i do bhéal. Sa dá chás, buaileann do theanga an t-iomaire díreach taobh thiar de do chuid fiacla. Ach nuair a deir tú *still*, ba chóir go mothófá do theanga ag bogadh ag cúl do bhéil chomh maith. An chéad fhuaim, '<l> éadrom' an t-ainm atá air uaireanta, agus bíonn sé i gcónaí ag tús siolla sa Bhéarla (e.g., *lean*, *last*, *listen*) agus an dara ceann an '<l> dorcha' bíonn sé ag deireadh siolla (e.g., *all*, *milk*, *soul*, *Galway*). Ós rud é gur féidir tuar iomlán cinnte a dhéanamh ar an gcuid den fhocal a tharlóidh an dá fhuaimniú, ní thugann cainteoirí Béarla an difríocht faoi deara, agus síleann siad nach bhfuil sa dá fhuaim ach /l/; is é sin, is leaganacha d'fhóiméin amháin iad (agus is féidir iad a scríobh go díreach sa tslí chéanna).

Ach sa Ghaeilge, tá an dá chineál <l> le fáil ag tús **agus** deireadh siollaí. Déan comparáid idir na focail Ghaeilge *léigh* agus *lae*, nó *fáil* agus *fál*. I ngach péire, tá an chéad <l> (atá ar aon dul leis an <l> éadrom sa Bhéarla) caol agus tá an dara <l> (atá ar aon dul leis an <l> dorcha sa Bhéarla) leathan; is í seo an t-aon difríocht san fhuaim (déan neamhshuim de litriú ar feadh nóiméid) atá idir an dá fhocal i ngach péire. Is é sin, an <l> sa dá fhuaim scríofa, is fóinéimí éagsúla iad sa Ghaeilge, ach ní fóinéimí éagsúla iad sa Bhéarla. Dá bharr sin, is minic a bhíonn deacrachtaí ag cainteoirí Béarla atá ag foghlaim na Gaeilge san fhuaimniú (agus b'fhéidir, ar dtús, sa chloisteáil) agus iad ag fuaimniú an <l> leathain ag tús focal (mar atá in *lae*) nó ag fuaimniú an <l> chaoil ag deireadh focail (mar atá in *fáil*), áit nach dtarlaíonn siad in am ar bith sa Bhéarla. Má fheiceann na léitheoirí sin péirí den chineál seo agus má fhaigheann siad cabhair ar leith le héisteacht agus le giniúint na ndifríochtaí seo, cabhróidh sé leo cur lena dtuiscint mar léitheoirí ar chóras fuaimeanna na Gaeilge agus tabharfaidh sé roinnt léargas dóibh ar an litriú agus ar an tslí a n-oibríonn sé.

Foghar

Sa teangeolaíocht, is cineál ar bith fuaim cainte é foghar, cé acu a úsáidimid é chun idirdhealú a dhéanamh ar chialla (i.e., fóinéim ar léith) nó ar fhuaimniú éagsúil fóinéime a bhraitheann ar an áit a bhfuil sí san fhocal, mar a tharla leis an leagan éadrom agus dorcha de /l/ atá luaite

thuas. Mar shampla, sa Bhéarla, an fhóinéim a scríobhaimid mar <p>, fuaimnímid é le puth aeir (*análú* a thugtar air seo) nuair a thagann sí amach ag tús siolla, mar a tharlaíonn in *pie*, ach níl puth aeir ann tar éis <s>, mar a tharlaíonn in *spy*. Bain triail as seo: cuir suas do lámh nó píosa páipéir os comhair do bhéil agus tú ag fuaimniú an dá fhocal - an mothaíonn tú puth aeir nó an bhfeiceann tú an páipéar ag bogadh agus tú ag rá *pie* nó an dtarlaíonn a mhalairt agus tú ag rá *spy*?

Ós rud é go bhfuil na fuaimeanna éagsúil ó thaobh na fóinéime de, scríobhtar iad ar shlite éagsúla san aibítir foghraíochta, agus luibíní cearnacha in úsáid: [p^h] and [p], agus sa Bhéarla tugtar **allafóin** na fóinéime /p/ orthu. I roinnt teangacha, an tSínis agus an Chóiréis mar shampla, is í an difríocht eatarthu an t-aon rud a léiríonn an difríocht idir dhá fhocal, agus is fóinéimí ar leith iad sna teangacha sin (agus i dtras-scríbhinn bheadh luibíní slaise na fóinéime in úsáid, mar /p^h/and /p/).

Ach sa Bhéarla, ní thugann cainteoirí Béarla faoi deara an difríocht eatarthu de ghnáth, toisc gur féidir leo úsáid a bhaint as an gcomhthéacs ina dtarlaíonn sí (cé acu atá nó nach bhfuil sí tar éis /s/) chun tuar a dhéanamh ar an gceann a bheidh in úsáid, agus dá bhrí sin, glactar leo mar leaganacha malartacha d'fhóinéim amháin, /p/. Ar an mbealach céanna, is iad allafóin na fóinéime /l/ iad an <l> éadrom agus dorcha sa Bhéarla, ach sa Ghaeilge, áit a bhfuil siad ina bhfóinéimí ar leith, déanfaimid tras-scríobh orthu mar /l′/ agus /l/, de réir ghnásanna thras-scríobh na Gaeilge[1].

Sa lámhleabhar seo, is annamh a bheidh orainn tagairt a dhéanamh do mhiondifríochtaí foghraíochta a mbeidh luibíní cearnacha thart orthu, mar sin, beidh na tras-scríbhinní a úsáidfidh /.../ níos coitianta ná na cinn a úsáidfidh [...]. Dá bharr sin, is beag tagairt a dhéanfaimid do roinnt de na mionsonraí foghraíochta a thagann as na comhthéacsanna ina dtarlaíonn fuaim i bhfocail éagsúla; is fearr na difríochtaí caolchúiseacha seo a fhoghlaim agus daltaí ag éisteacht le cainteoirí dúchais agus líofacht na ndaltaí ag dul chun cinn.

Graiféim

Is aonaid scríofa iad graiféimí. Ar nós fóinéimí, níl siad in úsáid sa tslí chéanna ó theanga go teanga. Mar shampla, seasann an litir <j> don fhóinéim /dʒ/ sa Bhéarla, mar *judge*, *just*. Ach sa Fhraincis, áit nach bhfuil an fhuaim sin ann ar chor ar bith, seasann <j> don fhuaim /ʒ/, cosúil leis an <s> in *treasure* nó an <z> in *azure* sa Bhéarla. Sa Spáinnis is í an litir <j> an fhuaim a thras-scríobhtar san AIF (IPA) mar /x/, an fhuaim a scríobhtar mar <ch> sa Ghaeilge agus sa Ghearmáinis (*loch*, *Bach*), agus sa Ghearmáinis, sa Pholainnis agus sa tSualainnis, seasann <j> don fhuaim a scríobhann daoine sa Bhéarla mar <y> *yes*, *yellow*. Sa Mhalagáisis, an teanga a labhraíonn daoine i Madagascar, agus i dtraslitriú roinnt de theangacha na hIndia (a úsáideann aibítir éagsúil ar fad) baintear úsáid as <j> mar fhuaim a chluinfeadh cainteoirí Béarla mar /dz/. Gan amhras, is féidir an litir seo a fhuaimniú ar shlite éagsúla i dteangacha eile. I bhfocail eile, ní féidir linn glacadh leis gurb ionann sa Bhéarla agus sa Ghaeilge nó i dteanga ar bith eile fuaimniú litir áirithe nó sraith litreacha airithe. Ní hionann córais litrithe ar fud an domhain, agus is gá iad a fhoghlaim ceann i ndiaidh a chéile, fiú nuair is ionann na litreacha iad féin.

---

[1] San AIF (IPA) tá na tras-scríbhinní éagsúil le haghaidh consáin leathana agus chaola, agus tá saintréithe na ndifríochtaí foghraíochta níos cruinne. Ach ar mhaithe le simplíocht, bainfimid úsáid as siombailí caighdeánacha Gaeilge.

I roinnt teangacha, seasann gach graiféim d'fhóinéim amháin agus seasann gach fóinéim do ghraiféim amháin. Is beag teanga a bhaineann an leibhéal seo comhfhreagairtí cruinnis amach, cé go bhfuil teangacha ann, an Fhionnlainnis, an Albainis, agus an Tuircis, mar shampla (mar a luadh cheana i gCaibidil 3), nach bhfuil i bhfad ón leibhéal sin. Ina lán teangacha, Gaeilge agus Béarla ina measc, seans go seasfaidh fóinéim amháin do ghraiféimí éagsúla i roinnt focal (smaoinigh ar fhuaim dheireanach gach ceann de na focail Bhéarla seo: *magic*, *back*, *sheik*, *sikh* – déarfaidh daoine /k/ i ngach cás, ach tá litriú éagsúil ar gach ceann díobh). Mar an gcéanna, seans go seasfaidh an ghraiféim chéanna d'fhuaimeanna éagsúla; smaoinigh ar an <c> in *cat* agus *city*; ó thaobh na fóinéime de, is ionann iad seo agus /k/ agus /s/, faoi seach.

Mar a fheicimid sa Ghaeilge freisin, tá graiféimí ann a sheasann do níos mó ná fuaim amháin agus tá fuaimeanna ann agus seasann níos mó ná graiféim amháin dóibh, ach mar a phléfimid, baintear úsáid astu ar shlite éagsúla ar fad sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

Délitir (Déghraf)

Is féidir le graiféimí bheith coimpléascach, bíonn níos mó ná litir amháin ann chun aonad fuaime a léiriú. Délitreacha (nó déghraif) an t-ainm atá orthu seo.

Seo roinnt samplaí ón mBéarla, <sh>, <th> (atá in úsáid le haghaidh dhá fhóinéim, ceann amháin san fhocal *this* agus an ceann eile san fhocal *think*), <ck>, <ch> (mar atá san fhocal *church*, ach atá in úsáid freisin mar /k/ san fhocal *tech*), agus a lán litreacha dúbailte i bhfocail den chineál *winning*, *little*, *ladder* agus araile.

Tá délitreacha gutaí sa Bhéarla freisin, mar shampla, <ea>, <oa>, <ei>, <ie>, <ee>, <oo> agus roinnt délitreacha eile.

Uaireanta, seans go n-úsáidfidh teanga **trílitir** (nó **tríghraf**) nó sraith litreacha níos faide, mar atá sa Ghaeilge sa tsraith <bhf> atá in úsáid chun /f/ nó /f'/ a léiriú tar éis *úrú* an bhriathair.

Sa lámhleabhar seo, úsáidimid an téarma *délitir* le haghaidh graiféim choimpléascach ar bith, is cuma faoin méid siombailí litreach atá inti.

Schwa

'Schwa' an t-ainm atá ar fhuaim dhoiléir an ghuta atá i siollaí nach bhfuil faoi bhéim sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. Tá an fhuaim rud beag cosúil le 'uh'. Is í seo fuaim na litreach sa chló trom sna focail Bhéarla seo: *sof**a**, tel**e**phone*, ***o**bsession*, agus *acc**i**dent.* Tá sé le cloisteáil freisin i siollaí nach bhfuil faoi bhéim i bhfocail Ghaeilge, e.g., *páist**e**, eil**i**fint*, agus *am**a**dán.* San AIF (IPA) tá sé scríofa mar /ə/. Ach tabhair faoi deara gur féidir é a litriú le gutaí éagsúla.

Défhoghar

Is fóinéim choimpléascach é défhoghar. Tosaíonn an défhoghar seo mar fhuaim guta amháin agus críochnaíonn sé mar fhuaim guta eile, agus tarlaíonn seo go léir taobh istigh de shiolla amháin. Agus fuaim dhéfhoghair á tras-scríobh le délitir léiríonn sí cé chomh coimpléascach agus atá na fuaimeanna. Tá ceithre fhóinéim dhéfhoghair sa Ghaeilge, dhá cheann díobh a bhfuil litriú measartha simplí acu, agus dhá cheann eile atá níos coimpléascaí. Is iad na cinn is simplí /iə/, a scríobhtar de ghnáth mar <ia>; agus /uə/, a scríobhtar de ghnáth mar <ua>. An dá cheann eile, /ai/ agus /au/, tagann siad ó mheascáin níos luaithe (i stair na teanga) de ghuta agus de chonsan, agus dá bharr sin, tá litriú na ndéfhoghar seo níos coimpléascaí: sa litriú, is minic a

sheasann <adh>, <agh> don fhuaim /ai/ agus a sheasann <amh> nó <abh> don fhuaim /au/. Beidh níos mó cur síos orthu seo sna caibidlí atá le teacht.

Siolla

Is aonaid chainte iad siollaí agus de ghnáth déantar iad thart ar ghutaí agus ar na consain a bhaineann leo. Ach mar a tharlaíonn le gach coincheap eile san fhóineolaíocht, tá an bhéim ar **fhuaimeanna** seachas ar litriú, mar sin, is féidir go gcuirfidh cuntas líon na ngutaí amú thú, go háirithe sa Ghaeilge, áit nach bhfuaimnítear a lán gutaí toisc go bhfuil siad ann mar mharcóirí chun consain a aithint, agus déanfar plé air seo sna caibidlí atá le teacht.

Chomh maith leis sin, déanann défhoghair obair gutaí aonair ó thaobh na fóineolaíochta de, ach scríobhtar iad le dhá ghuta nó fiú le sraitheanna gutaí agus consan, rud a chiallaíonn, cé go bhfuil cuma ar fhocal go bhfuil dhá shiolla san fhocal toisc go bhfuil siombail chonsain idir dhá ghuta, níl i ndáiríre ach siolla amháin san fhocal (e.g., *radharc*, *leabhar*). Lena chois sin, mar a fheicfimid sna caibidlí atá le teacht (Caibidil 7 go háirithe), ní scríobhtar na gutaí go léir a fhuaimnítear. Agus, mar is gnáth, seans go mbeidh difríochtaí i bhfuaimniú focail áirithe i gcanúintí na Gaeilge.

Mar sin, is gá éisteacht leis an tslí a bhfuaimnítear focal le teacht ar líon na siollaí san fhocal. De ghnáth, déantar roinnt na siollaí roimh chonsan i lár focail (e.g., *bea-lach*) nó idir dhá chonsan (e.g., *muin-tír*). Arís, is fuaimeanna iad seo, mar sin, i gcás délitreacha mar *ch*, *nn*, agus araile, tá siad san áireamh mar chonsain aonair (*ci-nneadh* ach *cinn-te*). Seans nach mbeidh ach guta amháin (e.g., *é*) ag siollaí Gaeilge, ach seans go mbeidh suas go trí chonsan ag tús focail agus dhá shiolla ag an deireadh (e.g., *splanc*).

An Aibítir Idirnáisiúnta Foghraíochta (AIF/IPA)

Cuireann an AIF slí ar fáil chun taifead a dhéanamh ar fhuaimniú focal i dteanga ar bith ar shlí nach n-athraíonn ó theanga go teanga, is cuma faoin ortagrafaíocht atá in úsáid chun an teanga a scríobh, agus is féidir an AIF a úsáid chun taifead a dhéanamh ar theangacha nach bhfuil traidisiún scríofa acu (rud nach bhfuil ag an gcuid is mó de theangacha an domhain). Dá bharr seo, is féidir comparáid níos cruinne a dhéanamh ar fhuaimeanna trasna teangacha.

De bharr gur chruthaigh cainteoirí teangacha Eorpacha an AIF, is minic gurb ionann tras-scríbhinní na bhfuaimeanna consain agus litreacha na haibítre Rómhánaí a úsáidtear chun iad a litriú i gcóras scríbhneoireachta an Bhéarla agus na Gaeilge araon.

Níl ach roinnt eisceachtaí ann a bhfuil tras-scríobh acu atá éagsúil leis an litriú (nó lena bhfuaimniú Béarla). Beidh cló trom orthu seo i roinnt de na táblaí thíos. Léiríonn Tábla 4.1 na siombailí le haghaidh consain atá sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, in éineacht le samplaí sa dá theanga.

Tábla 4.1: Graiféimí consan agus tras-scríbhinní AIF

Graiféim	Tras-scríbhinn AIF	Sampla	
<b>	/b/	*boat*	*bád*
<c>	/k/	*call*	*ceist*
<d>	/d/	*dog*	*dubh*
<f>	/f/	*fast*	*fág*
<g>	/g/	*gun*	*gúna*
<h>	/h/	*hat*	*hata*
<l>	/l/	*like*	*lá*
<m>	/m/	*my*	*mála*
<n>	/n/	*now*	*nó*
<p>	/p/	*pat*	*póca*
<r>	/r/	*race*	*rás*
<s>	/s/	*some*	*solas*
<t>	/t/	*take*	*tusa*

De bhrí go bhfuil i bhfad níos mó fóinéimí consan ag an nGaeilge ná atá ag an mBéarla, tá i bhfad níos mó graiféimí coimpléascacha aici chun seasamh dóibh go léir freisin. Tagann roinnt díobh seo ó athruithe tosaigh, *séimhiú* agus *urú*.

Is ionann na fuaimeanna a chruthaíonn *urú* agus fuaim an chonsain a chuirtear roimh chéad litir an fhocail (e.g., fuaimnítear <gc> go díreach mar <g>), agus tá siad go léir sa tábla thuas, mar sin, ní thaispeánfaimid arís iad. Ach, seans go gcruthóidh *séimhiú* fuaimeanna nach bhfuil in Tábla 4.1, mar sin, taispeánaimid iad, in éineacht lena dtras-scríbhinní AIF, in Tábla 4.2.

I gcás na ngraiféimí consain atá fágtha, is cinn iad a bhfuil consain dúbailte iontu: <ll>, <nn>, <rr>. Bíonn na leaganacha foghraíochta éagsúil ó chanúint go canúint, ach ina lán cásanna ní féidir idirdhealú a dhéanamh idir iad agus na leaganacha aonair ach amháin sa tslí a dtéann siad i bhfeidhm ar an nguta roimhe sin. Mar sin, ar mhaithe le simplíocht, scríobhfaimid iad anseo go simplí mar /ll/, /nn/, /rr/, nuair is gá dúinn idirdhealú a dhéanamh idir na fóinéimí sin agus litriú aon litreach.

Déanfaimid plé ar chonsain chaola sa chéad chaibidil eile, ach de ghnáth i gcur síos gramadúil na Gaeilge scríobhtar na consain sin le tic tar éis shiombail an chonsain (e.g., /t′/). Leanfaimid an gnás sin anseo, ach mar a luamar, ní hionann an gnás sin agus an gnás atá in úsáid san AIF.

Tábla 4.2: Graiféimí séimhithe consan agus tras-scríbhinní

Graiféim	Tras-scríbhinn	Sampla	Fuaim cosúil le
<bh>	/v/ or /w/[a]	*bhád*	<mh>
<ch>	/x/	*chat*	--
<dh>	/ɣ/	*dhubh*	<gh>
<fh>	Balbh – gan siombail	*fhág*	--
<gh>	/ɣ/	*ghúna*	<dh>
<mh>	/v/ or /w/[a]	*mhála*	<bh>
<ph>	/f/	*phóca*	<f>
<sh>	/h/	*sholas*	<h>
<th>	/h/	*thar*	<h>

[a]Bíonn athrú ar an bhfuaimniú de réir na canúna.

San AIF, mar an gcéanna, seasann gnáthshiombailí na haibítre Rómhánaí d'fhormhór na ngutaí. Mar gheall ar shaoithiúlacht ghnásanna litriú an Bhéarla, seans go gcreidfidh cainteoirí Béarla gur rud aisteach é fuaimniú na ngutaí a bhaineann le siombailí gutaí na AIF, ach tá na siombailí an-ghar d'fhuaimniú na litreacha céanna in aibítreacha a lán teangacha Eorpacha, ina measc, an Spáinnis, an Iodáilis, an Ghearmáinis, an Fhraincis, an Laidin, agus an Ghaeilge ar ndóigh.

In Table 4.3 feicfear siombailí bunúsacha gutaí na AIF a bheidh uainn anseo, in éineacht leis na graiféimí a sheasann dóibh de ghnáth sna teangacha luaite thuas (ach ní gá go mbeadh an Béarla san áireamh).

Tábla 4.3: Graiféimí gutaí agus a dtras-scríbhinní AIF

Graiféim	Tras-scríbhinn	Sampla: Gaeilge	Eiseamláir: Béarla (leagan atá cosúil leis)
<a>	/a/	***a**thair*	*f**a**ther*
<e>	/e/	*t**e***	*b**e**d*
<i>	/i/	*m**i**nic*	*f**i**sh*
<o>	/o/	*d**o**ras*	*b**u**tter*
<u>	/u/	*c**u**pán*	*p**u**t, f**oo**t*
<á>	/a:/	*tá*	*c**a**ll*
<é>	/e:/	*c**é***	*m**a**te*
<í>	/i:/	*d**í**ol*	*m**ee**t, m**ea**t*
<ó>	/o:/	*t**ó**g*	*b**oa**t, d**o**le, s**ou**l*
<ú>	/u:/	*s**ú**il*	*p**oo**l, ch**ew**, wh**o***

Nuair is mian linn ráiteas ginearálta a dhéanamh faoi chonsan ar bith nó faoi ghuta ar bith sa teanga, bainfimid úsáid as na litreacha móra C agus G mar ghiorrúcháin le haghaidh 'cosan ar bith' nó 'guta ar bith.'

Sna caibidlí ina dhiaidh seo, bainfimid úsáid as tras-scríbhinní fóinéimeacha den chuid is mó. Ó thaobh na fóinéimice de, tá na canúintí measartha cosúil le chéile, agus níl iontu ach miondifríochtaí foghraíochta. Tar éis féachaint ar anailís Uí Raghallaigh ar Ghaoth Dobair, ar an gCeathrú Rua, agus ar Chorca Dhuibhne, aithnímid fóinéim amháin guta níos mó i gCúige Uladh ná i gCúige Chonnacht agus i gCúige Mumhan, agus tá dhá fhóinéim consan breise (/nn/ agus /ll/ caol) i gCúige Chonnacht agus i gCúige Uladh i gcomparáid le Cúige Mumhan. I gcás mionsonraí foghraíochta a lán gutaí agus consan, tá siad éagsúil ó réigiún go réigiún, ach ní chuirfimid mionsonraí na ndifríochtaí sin san áireamh anseo a thuilleadh.

Caibidil 4 Tuilleadh léitheoireachta agus áiseanna

1. Adams (1990) – tá achoimre mhaith ar fhóinéimí agus ar ghraiféimí i gCaibidil 12. In aon téacsleabhar ginearálta ar an teangeolaíocht beidh caibidlí ar an bhfóineolaíocht agus beidh príomhshiombailí na AIF acu (na cinn atá in úsáid chun Béarla a thras-scríobh ar a laghad) agus beidh plé ann ar an bhfoghraíocht agus ar anailís fhóinéimeach agus ar na difríochtaí eatarthu.

2. Le teacht ar chairt na siombailí go léir atá in úsáid san Aibítir Idirnáisiúnta Foghraíochta agus ar thaifeadadh ar fhuaimniú na bhfuaimeanna go léir a bhaineann leo, téigh chuig: http://www.internationalphoneticalphabet.org/ipa-sounds/ipa-chart-with-sounds/

3. Ó Raghallaigh (2013) – tá anailís fóinéimí (in éineacht le graiféimí) ar fáil sa leabhar seo le haghaidh trí chanúint sa Ghaeilge, Cúige Uladh, Cúige Chonnacht, agus Cúige Mumhan, agus tá mionchur síos níos mó ar an bhfoghraíocht (agus tras-scríbhinní na AIF san áireamh) ar chonsain chaola agus leathana. Tá suíomh gréasáin ann freisin agus is féidir le léitheoirí éisteacht le fuaimniú tras-scríbhinní áirithe le haghaidh gach canúna ag http://www.fuaimeanna.ie/

4. Le haghaidh comparáidí, b'fhéidir go mbeadh suim ag roinnt léitheoirí in anailís ar litriú an Bhéarla. Tá roinnt díobh seo ar fáil, ina measc Coulmas (2003), Cook (2004), Venezky (1970), agus Crystal (2012).

Caibidil 5
Ó fhuaim go litriú: Consain sa Ghaeilge

Sa chaibidil seo agus sa chéad cheann eile, beidh achoimre ghairid ar phatrúin fuaime i gconsain agus i ngutaí na Gaeilge agus ar an tslí a léiríonn an litriú iad. Má tá tuiscint láidir ag múinteoirí agus ag foghlaimeoirí ar an gcóras fuaime beidh sí ina cabhair chun litearthacht a fhorbairt sa Ghaeilge.

Ar an mbonn sin, beidh achoimre ar fhuaimeanna na Gaeilge ar dtús sna caibidlí seo agus ina dhiaidh sin féachfaimid ar an litriú atá in úsáid dóibh. I gCaibidil 7 clúdóimid an t-ábhar céanna ag tosú ar an litriú agus ansin ag bogadh ar aghaidh go fuaimeanna, agus is dócha go mbeidh an modh sin níos áisiúla do léitheoirí atá ag tosú ar fhoghlaim dhíchódú na Gaeilge, agus is é sin bunús na gceachtanna atá i gCaibidil 9.

Consain sa Ghaeilge agus sa Bhéarla

Sa Ghaeilge agus sa Bhéarla tá luachanna den chineál céanna ag cuid mhaith dá gconsain aonair, ach ní cosúil na luachanna i ngach slí, rud a phléfimid thíos. Ach is ionann sa dá theanga, a bheag nó a mhór, an urlabhraíocht phríomhúil (an tslí a n-oibríonn an teanga agus an béal le chéile chun fuaimeanna a dhéanamh). Is é sin, nuair a fheiceann tú an litir <b>, brúfaidh tú do liopaí le chéile chun an fhuaim a dhéanamh; seasfaidh an litir <s> d'fhuaim shiosach a dhéanfaidh tú agus do theanga in aghaidh an iomaire taobh thiar de do chuid fiaclaí, agus mar sin de.

I roinnt cásanna, ait a bhfuil níos mó ná fuaimniú amháin ag litir sa Bhéarla, níl ach fuaimniú amháin ag an litir sin sa Ghaeilge. Mar shampla, sa Bhéarla is féidir an litir <c> a fhuaimniú mar /k/ (*cat* mar shampla) nó mar /s/ (*city* mar shampla, focal a bhfuil an fhuaim chéanna aige ag an tús agus atá ag an bhfocal *sister*). Sa Ghaeilge, is é an chéad fhuaimniú a úsáidtear i gcónaí, mar a fheicfimid thíos.

Ar an mbealach céanna, bíonn <g> i gcónaí crua sa Ghaeilge, mar atá in *give* sa Bhéarla, agus ní bhíonn sé cosúil le *gene* in am ar bith. Agus sa Bhéarla, an litriú <ch>, fuaimníonn cainteoirí é i slite éagsúla sna focail *church*, *school*, agus *chef*, ach sa Ghaeilge tá fuaimniú ann nach bhfuil sa Bhéarla ar chor ar bith (abair /k/ agus tú ag ligean don aeir dul i sruth leanúnach trí do bhéal), ach ní thagann athrú air ach amháin sa tslí a dtagann athrú ar chonsain uile na Gaeilge, mar a dhéanfaimid cur síos air sa rannóg ar Cháilíocht.

Athruithe tosaigh

Is castacht amháin le haghaidh litriú na Gaeilge iad na fóinéimí consain a éiríonn de bharr na hathruithe tosaigh. De ghnáth, feicimid iad i gcomhthéacsanna éagsúla gramadúla, agus litrímid iad le délitreacha a léiríonn leagan bunúsach an fhocail (an leagan atá i bhfoclóirí) agus an t-athrú a thagann ar fhuaimniú an fhocail mar gheall ar an athrú tosaigh. Ní tharlaíonn roinnt de na leaganacha athraithe taobh amuigh de chóras na n-athruithe (e.g., <gh>, <mh>), ach i gcás athruithe eile is ionann a bhfuaimniú agus fuaimeanna atá neamhspleách ar chóras na n-athruithe, áit a scríobhaimid iad le graiféimí simplí. Mar sin, fuaimnímid roinnt athruithe tosaigh ar fhocail go díreach mar chonsain aonair (e.g., fuaimnímid <mb> go díreach mar <m>), ach i gcás athruithe eile níl ach litriú amháin acu toisc nach maireann na fuaimeanna ach mar

leaganacha athraithe de chonsan éigin eile (e.g., *<mh>*, *<dh>*, etc). Chomh maith leis sin, ní théann gach athrú i bhfeidhm ar gach consan. Dóibh siúd atá ag tosú ar an léitheoireacht, is dúshlán í an easpa socrachta in athruithe tosaigh sa Ghaeilge. Dá bharr sin, is fiú aird a dhíriú go soiléir ar an gcóras, agus ar an ngaol idir cosain a bhfuil athrú orthu agus consain gan athrú.

Séimhiú (uaireanta, déanann daoine aistriúchán míchruinn ar an bhfocal seo go Béarla mar *aspiration*) – agus séimhiú á dhéanamh, bíonn maolú ar fhuaimniú focail ó fhuaimniú bunúsach an fhocail, agus is gá <h> a chur tar éis an chonsain tosaigh. B'athrú stairiúil é seo, a thosaigh beagnach 2,000 bliain ó shin, agus ar dtús tharla sé go simplí toisc gur tháinig maolú ar fhuaimniú consain idir dhá ghuta. Níl roinnt de na gutaí sna háiteanna sin sna focail sa teanga níos mó, áfach, agus dá bharr sin ní féidir na hathruithe ar fad a thuar ag brath ar an gcomhthéacs fóineolaíoch leis féin. Dá bhrí sin, sa lá atá inniu ann, bíonn consain séimhithe i lár agus ag deireadh focal (áit nach ndéanann siad athrú le leaganacha bunúsacha), agus ag tús an fhocail chomh maith sna comhthéacsanna ina bhfuil na hathruithe ag brath ar an ngramadach anois. Thíos, gheobhaidh tú liosta de na consain a dtéann séimhiú i bhfeidhm orthu, in éineacht lena litriú agus lena bhfuaimniú, agus le leaganacha aon litreach, má tá aon cheann ann.

Tábla 5.1: Séimhiú

Consan gan séimhiú	Litriú séimhithe agus samplaí	Samplaí	Fuaimniú (Siombail AIF)	Graiféim shimplí den chineál céanna
<b>, <m>	<bh>, <mh>	*bhád, mhór*	/v/, /w/	<v> (focail iasachta amháin)
<c>	<ch>	*chuaigh*	/x/	níl aon cheann ann
<d>, <g>	<dh>, <gh>	*dhún, ghúna*	/ɣ/	níl aon cheann ann
<p>	<ph>	*phóca*	/f/	<f>
<s>, <t>	<sh>, <th>	*sholas, thart*	/h/	<h>
<f>	<fh>	*fhág*	Balbh	níl aon cheann ann

De bhrí gur minic gurb é an difear idir consan séimhithe agus consan gan séimhiú an t-aon rud a dhéanann idirdhealú sa chiall (e.g., *bris* vs. *bhris*, nó *cuma* vs. *cumha*), glacaimid leis na chéad chúig chonsan séimhithe sa dara colún is faide ar chlé mar fhóinéimí breise de bhrí nach bhfuil siad ar fáil taobh amuigh de chóras na n-athruithe. Na consain eile atá séimhithe, <ph>, <sh>, agus <th>, is ionann iad agus na fóinéimí atá scríofa mar <f> agus <h> sa cholún is faide ar dheis.

Urú – tá bunús ársa ag an urú freisin. Sa lá atá inniu ann feicfidh tú é ag tús focal mura bhfuil séimhiú ar an bhfocal nó má tá an focal gan athrú, ach braitheann sin ar chomhtéacs gramadúil an fhocail in abairt. I dTábla 5.2 thíos, is iad seo na consain a dtéann urú i bhfeidhm orthu /b/, /c/, /d/, /f/, /g/, /p/, agus /t/.

Tábla 5.2: Urú

Bunlitriú an chonsain	Litriú uraithe agus samplaí	Fuaimniú	Graiféim shimplí den chineál céanna
<b>	<mb>: *mbád*	/m/	<m>
<c>	<gc>: *gcat*	/g/	<g>
<d>	<nd>: *ndoras*	/n/	<n>
<f>	<bhf>: *bhfuil*	/w/, /v/	níl aon cheann ann
<g>	<ng>: *ngeata*	/ŋ/ (mar *ring* an Bhéarla)	níl aon cheann ann
<p>	<bp>: *bpota*	/b/	<b>
<t>	<dt>: *dteach*	/d/	<d>

Seans go mbeidh sé ina chabhair má luaimid é seo anseo: i ngach sraith tugann an chéad ghraiféim (<bh> sa litriú <bhf> san áireamh) an fuaimniú, agus tugann an dara graiféim an leagan foclóra nó an leagan gan urú.

Cáilíocht Chonsain: Caol agus Leathan

Is í seo thíos an fhíric thábhachtach faoi chonsain na Gaeilge a bhfuil impleachtaí aici don litriú agus don léitheoireacht (aithint focal sa teanga labhartha agus sa teanga scríofa araon); tá ar a laghad dhá uair níos mó fuaimeanna consain sa Ghaeilge ná mar atá sa Bhéarla, ach tá an líon céanna litreacha ann a sheasann dóibh (nó níos lú, ós rud é nach n-úsáideann an Ghaeilge <j>, <k>, <q>, <v>, <w>, <x>, <y> nó <z>, ach amháin ó am go ham i bhfocail iasachta ón mBéarla).

Seachas na fuaimeanna a scríobhtar mar <th>, <ch>, <z>, agus <j> sa Bhéarla, nach bhfuil (i bhformhór na gcanúintí) sa Ghaeilge, i gcás beagnach gach consan a bhfuil fuaim amháin aige sa Bhéarla, tá dhá fhuaim ag an gconsan céanna sa Gaeilge, leagan leathan agus leagan caol, ach seasann an litir chonsain chéanna don dá leagan. (Tá seo fíor freisin i gcás na gconsan a thagann as na hathruithe atá luaite sa rannóg roimhe seo, cé nár tugadh ach tras-scríbhinní garbha sna táblaí).

Is fóinéimí ar leith iad consain leathana agus consain chaola sa Ghaeilge, agus is í an difríocht san fhuaimniú an t-aon rud a dhéanann aon idirdhealú idir dhá fhocal uaireanta, mar shampla, ***b**í* (<b> caol) vs. ***b**uí* (<b> leathan). Léiríonn siad difríochtaí sa ghramadach freisin (eg., *bád*, *báid*). I gcoitinne, is féidir a rá go mbaineann fuaimeanna caola le gluaiseacht na teanga níos cóngaraí don charball, agus de ghnáth chun iad a dhéanamh is gá na liopaí a leathadh agus matáin an bhéil a dhéanamh níos teinne ná mar is gá le consain leathana. I gcás na gconsan leathan bogann an teanga níos faide siar nó chun tosaigh (ag brath ar an áit a ndéanann an teanga an chéad teagmháil) sa bhéal agus go minic is gá cuma chruinn a chur ar na liopaí rud beag, go háirithe, áit a bhfuil /b/, /p/, /m/ agus /f/ i gceist.

De bhrí nach bhfuil go leor consan ag aibítir na Gaeilge chun seasamh do na fuaimeanna consain seo a bhfuil siombailí ar leith acu, seasann gach litir chonsain do dhá fhuaim. Léiríonn an guta in aice leis an gconsan cé acu consan leathan nó consan caol atá ann, agus caithfidh an guta bheith ag teacht leis an gconsan i gcáilíocht (leathan nó caol), ***cé acu atá nó nach bhfuil*** an guta fuaimnithe ag teacht leis.

Baineann gnás seo na litrithe leis an riail aitheanta ***caol le caol, leathan le leathan***. Bíonn gutaí caola (na litreacha <e> nó <i>) thart ar chonsan caol agus bíonn gutaí leathana (<a>, <o>, nó <u>) i gcónaí thart ar chonsan leathan. Nuair is ionann cáilíocht an ghuta a fhuaimnítear agus na consain atá thart ar an nguta, níl aon fhadhb leis an litriú; is é an rud a fheiceann tú an rud a chloiseann tú agus a deir tú: *tirim*, *solas*, etc. Sna focail seo, is iad na gutaí scríofa na cinn a chloiseann daoine sa chaint, agus tá na consain caol in *tirim* agus tá siad leathan in *solas*. Mar sin, léiríonn na gutaí fuaimnithe an t-eolas sin chomh maith.

Ach seo í an fhadhb; uaireanta bíonn an guta fuaimnithe le litir guta leathan (<a>, <o>, nó <u>) agus é scríofa in aice le consan caol (nó a mhalairt), agus sna cásanna sin bíonn gutaí breise ***sa litriú amháin*** chun aird a dhíriú ar cháilíocht éagsúil an chonsain mar atá sa sampla *buí* thuas. **Is é an cleas atá ann fios a bheith agat ar cé na gutaí ba chóir duit a fhuaimniú san fhocal, agus cé na gutaí atá san fhocal chun cáilíocht an chonsain a léiriú.** Ní hionann an guta chun cáilíocht an chonsain a léiriú i ngach cás, ach is féidir roinnt patrún a aimsiú agus dá bharr sin tá sé níos éasca tuar a dhéanamh ar fhuaimniú focail nua. Sa rannóg seo den chuid is mó, pléimid an tslí a n-oibríonn na patrúin sin. Sna liostaí thíos, tá sampla d'fhocail a bhfuil gach cineál meascáin de chonsain leathana agus de chonsain chaola is féidir a thuar san fhuaimniú. Ó na liostaí seo is féidir patrúin litrithe a oibriú amach a dhíreoidh aird ar cháilíocht consain i bhfocail éagsúla.

‘Caol le Caol, Leathan le Leathan’ sa litriú

Consain Chaola

Tugann Tábla 5.3 samplaí de gach consan caol ag tús, i lár agus ag deireadh focal a bhfuil gutaí caola (/i/, /i:/, /e/, or /e:/) acu ar an dá thaobh. In Táblaí 5.4 agus 5.5 feicfidh tú consain chaola atá in aice le gutaí caola. Mar a fheicfidh tú, tá litriú na bhfocal sách éagsúil sa dá ghrúpa. Mar an gcéanna, léiríonn Tábla 5.6 go 5.8 consain leathana in éineacht le gutaí atá ag teacht agus nach bhfuil ag teacht le cáilíocht na gconsan. Sna táblaí go léir thíos, nuair is gá dúinn tagairt a dhéanamh do chonsain ar bith, bainimid úsáid as C (tagraíonn C′ do *chonsan caol ar bith*) agus bainimid úsáid as G chun tagairt a dhéanamh d’aon ghuta. Is fiú a lua nach minic a dhéanann cainteoirí idirdhealú idir <r> caol agus <r> leathan ag tús focail, agus fiú sna samplaí ina bhfuil na samplaí de <r> caol, mar atá anseo, seans go bhfuaimneoidh daoine iad mar /r/ leathan (mar a chuireamar síos air níos luaithe). In áiteanna eile, fuaimníonn daoine /r′/ caol agus an teanga níos faide siar sa bhéal agus tá sé an-éagsúil ó /r/ leathan.)

Tábla 5.3: Consan caol <u>in aice le</u> fuaimeanna gutaí caola

/p′/	péire, pinn, piliúr, cipín, teip
/b′/	béal, beilt, beir, bí, bith, binn, ribe, díbirt, cibé
/f′/	féin, fírinne, féidir, feirm, fill, difear, rifíneach
/m′/	mé, meirge, meisce, mise, mic, mian, ime, cimilt, tirim, im
/t′/	te, téim, tí, tír, tine, tiarna, ite, eitinn
/d′/	deis, dé, deir, di, dil, díol, díreach, dia, Íde, eide
/s′/	seic, sé, séid, sí, sílim, sin, siar, mise, leis, fís
/n′/	neirbhís, ní, Niamh, tine, lín, in
/nn′/	éinne, sinne, binneas, tinn
/k′/	céim, cé, ceist, cill, cistin, ciall, Micí, mic
/g′/	gé, geimhreadh, geis, géar, ginearálta, gile, giall, Gaeilge, cigire, lig
/l′/	le, leis, léamh, libh, lig, liath, file, céilí, eile, mil
/r′/	reilig, réir, rí, rinne, tirim, tíre, uimhir, díbir
/v′/	bheith, bhí, mhic, uibhe, sléibhe, deimhin, libh, nimh
/x′/	chéad, chill, fiche, deich
/ɣ′/	ghrian, ghé, Dhia, dhíol, dhéag

Patrúin a Chonaiceamar

C′e, C′é, C′ei, C′éi, C′ea, C′éa, C′i, C′í, C′iC′, C′íC′, C′eiC′, C′éiC′, C′ia (C′= Consan Caol)

Bíonn <e>, <é> leo féin ag deireadh focail

Bíonn <ei>, <éi>, <i>,< í> idir consain chaola.

Leanann <ia> consan caol ag deireadh focail nó roimh C leathan.

Ní bhíonn ach <i> *roimh* chonsan caol.

Tábla 5.4: Consan caol roimh fhuaim guta leathan

/p′/	peann, piúratánach, peaca
/b′/	beo, beann, bean, biúró
/f′/	feá, fear, feoil, fiú, fliuch
/m′/	meán, meon, miúil, feirmeoir
/t′/	teocht, tiubh,
/d′/	deoch, dealbh, deoir, diúltú, caighdeán
/s′/	ciseán, Seán, sioc, siúl, seoladh, siopa
/n′/	neamh, neart, neodrach, niúmóine, neart
/nn′/	ainneoin, tinneas, fuinneog
/k′/	ciúin, ceol, ceann
/g′/	geab, geall, geonaíl, giúdach, giúistís, gearr
/l′/	leáigh, leo, liom, liúntas, bileog, leor
/ll′/	billiún, muilleoir
/r′/	reoite
/v′/	bheo, mheall
/x′/	cheann, cheo, chiúin
/ɣ′/	gheall, dheoch, gheobhaidh

Patrúin a Chonaiceamar

C′ea, C′eá, C′eo, C′io, C′iu, C′iú

Scarann <i> C′ ón <u>, <ú> a leanann í

Scarann <e> C′ ó ghutaí eile.

Eisceachtaí: Cio (liom, siopa, sioc)

Tábla 5.5: Consan caol <u>tar éis</u> fuaimeanna guta leathan

/p′/	caipín, aipindic, naipcín, páipéar, cóip,
/b′/	lúib, láib, aibí
/f′/	caife, próifíl
/m′/	aimsir, nóiméad
/t′/	áit, caite, dóite, brúite
/d′/	báid, láidir, maide, móide
/s′/	cáis, cláirseach, dúiseacht, náisiún
/n′/	Sheáin, bain, ciúin, úinéir, móin
/nn′/	Áine, ainneoin, dúinn
/k′/	cailc, constaic
/g′/	aigne, óige, Nollaig
/l′/	fáil, Cóil, cailín, cailc, baile, dáil, suimiúil
/ll′/	caill, áill, cailleach, fóill, guaillí
/r′/	cóir, airgead, airigh, cairde, dúirt, gáire
/v′/	dóibh, láimhe
/x′/	dóichí
/ɣ′/	iarraidh, amuigh, dóigh, chuaigh, saighdiúirí, thosaigh, rachaidh

Patrúin a Chonaiceamar

aiC′, áiC′, óiC′, úiC′

i.e., cuir <i> roimh gach C′ caol tar éis guta caol

Rialacha litrithe le haghaidh consain chaola

Na patrúin a chonaiceamar sna táblaí thuas, seo achoimre orthu leis na rialacha litrithe le haghaidh consain chaola sa bhosca thíos.

RIALACHA 1

Rialacha litrithe le haghaidh consain chaola

1. Tar éis C′ caol agus roimh G leathan, cuir <i> balbh isteach roimh <u>.

2. Roimh na gutaí eile, cuir isteach <e> balbh.

3. Is eisceachtaí iad *liom* agus *sioc* i gcás an dá riail thuas, ach cé go bhfuil an litir <o> sa litriú, is minic a fhuaimníonn cainteoirí Chonnacht agus Mumhan iad mar /u/, agus dá bharr sin, is féidir féachaint ar an malartú mar rud a leanann an fuaimniú a chluinfidh tú sna canúintí seo.

4. Tar éis G leathan agus roimh C′ caol, cuir isteach <i> balbh.

Consain Leathana

Is féidir consain leathana a bheith in aice leis na litreacha <a>, <o>, agus <u> nó na leaganacha fada díobh (le sínte fada) gan aon chúnamh breise litrithe.

Tábla 5.6: Consan leathan <u>in aice le</u> fuaimeanna guta leathan

/p/	pá, pota, poll, paca, pobal, punt, púdar, cupán, capall, cúpla
/b/	babóg, bád, baol, bó, buachaill, bun, tábla, gob
/f/	fatai, fanacht, fág, fón, focal, fúm, fuar, buaf, tafann
/m/	má, mac, marbh, ama, cam, mór, molta, muc, much, tamall
/t/	tá, tagann, tamall, tanaí, Tomás, tobar, tóg, tusa, tús
/d/	dath, dána, dó, doras, dúil, fód, ord, bád, fada
/s/	sos, salach, subh, tús, suas, lasadh
/n/	nó, nach, nua, náisiúin, lón, cupán, anam, fanacht
/nn/	ceann, ceannacht, banna, fonn
/l/	lón, luath, lá, mála, culaith, dul
/ll/	balla, mall, poll
/r/	rua, rós, rástaí, rann, rug, barr, cur, nár, óru
/k/	cá, cat, culaith, Colm, muc, olc, acu
/g/	gá, gasúr, gob, gur, grá, óg, tagann
/v/	mhór, mháthair, bhó, abhaile, amháin, lámh, ubh
/x/	chúig, chuala, chonaic, lucht, bocht, dócha, cloch
/ɣ/	dhá, ghual, ghabh

Patrúin a Chonaiceamar

CaC, CáC, CoC, CóC, CuC, CúC, CuaC

<a, á, o, ó, u, ú, u> seasann siad leo féin ar an dá thaobh de chonsain leathana.

Tábla 5.7. Consan leathan roimh fhuaim guta caol

/p/	puinn, siopaí
/b/	buí, baol, baoth, buile, buidéal, buíochas
/f/	faoi, faí, foinse, fuil, fuilleach, fuíoll, fuinneog
/m/	maíomh, maol, Muire, muicfheoil, muice, muintir, muid, muin
/t/	tuí, taoiseach, te, toinn, tuigeann, tuile, tuilleadh, tuismitheoir, potaí
/d/	daoine, gadaí, duibhe, duilliúr, duit, rudaí
/s/	suí, saor, saol, saoirse, saothar, saíocht, suim, cleasaí
/n/	naíonán, naíonra, naoi, naomh, nuige
/nn/	ceannaí
/l/	laí, málaí, ballaí, lao, laoch, laethanta, laethúil, luí, luisne
/ll/	ballaí
/r/	ruibheanta, raon, saoraithe, carraeir
/rr/	earraí, Ciarraí
/k/	cácaí, caoi, caol, cuí, cuileog, cuimhin, cuid, cuireadh, cuisneoir
/g/	gaol, Gaeltacht, Gaeilge, fuinneogaí, gloine, goid, guí, eagraíocht
/v/	bhuí, bhuíochas, Mhuire, mhaol
/x/	chaoi, 'chuile, chuir, chroí, chuí
/ɣ/	ghuí, Ghaeilge, ghoid, dhaoibh, dhuine

Patrúin a Chonaiceamar

Cuí, Cui, Cao(i), Cae(i)

Caí (go háirithe sna hiolraí), Coi, Coí: níl siad seo chomh coitianta

Roimh fhuaimeanna /i/, /i:/ nó /e:/ tar eis C leathan, cuir <u> (de ghnáth), <a> nó <o>

Idir Canna leathana, téann <ao> agus <ae> in áit <í>, <é>.

Tábla 5.8: Consan leathan tar éis fuaim guta caol

/p/	seáp, sliop
/b/	síob, piobar, íobairt, beagán
/f/	gaofar, iontaofa, naofa
/m/	taom (<ao> a fhuaimnítear mar <í> nó <é>)
/t/	díot, créatúr
/d/	síoda, seaicéad, éad
/s/	thíos, béas
/n/	buíon, iníon, líon, mion-, léan
/nn/	mionna, daonna, mionn
/l/	aol, saol, caol, díol, míol, síol, réalt
/ll/	fuíoll
/r/	cíor
/k/	péacóg, pléasc
/g/	bréag
/v/	díobh, scríobh
/x/	féach, buíoch
/ɣ/	bheadh, bhíodh

Patrúin a Chonaiceamar

íoC, ioC, eaC, éaC, aoC

Roimh C leathan, cuir <a> isteach tar éis <é>, <e>,

ach <o> tar éis gutaí eile. Tá <ao> in úsáid idir dhá chonsan leathana.

Rialacha le haghaidh consain leathana

Sa bhosca thíos tá achoimre ar na rialacha le haghaidh litriú consain leathana a d'oibríomar amach ó na samplaí sna táblaí thuas.

RIALACHA 2

Rialacha litrithe le haghaidh consain chaola

1. Consain leathana a mbíonn <í> ina ndiaidh, bíonn an litir <u> (nó i gcásanna nach bhfuil chomh coitianta <a>) eatarthu sa litriú chun an C a scaradh ón G fuaimnithe. (Is minic a bhíonn an <a> ag deireadh focal, roimh an iarmhír /i:/, atá scríofa mar <-í>).

2. Nuair a bhíonn consain leathana tar éis <í>, de ghnáth bíonn <o> idir an G agus an C.

3. Bíonn <ae> in úsáid in áit <é> le haghaidh /e:/ tar éis consan leathan.

4. Bíonn <éa> in úsáid in áit <é> tar éis consan caol ach roimh chonsan leathan.

5. Bíonn <ao> in úsáid in áit <í> (i gConnachta agus in Ulaidh) nó in áit <é> (sa Mhumhain) idir dhá chonsan leathana. Ar chúiseanna a mbaineann leis an stair, is féidir teacht ar <aoi> ag deireadh focal agus roimh chonsan caol chomh maith.

6. Téann <ui> (agus ó am go ham <oi>) in áit <i> gairid tar éis consan leathan agus roimh chonsan caola.

Carn Consan

Nuair a thagann dhá chonsan le chéile, gan mórán eisceachtaí, bíonn an dá cheann caol nó leathan, mar a léiríonn na gutaí thart timpeall orthu.

Samplaí

Caol:

pléasc, **br**i**st**e, **sc**éal, ai**cs**ean, bri**cf**easta, ai**gn**e, cai**rd**e, pai**mfl**éad, pi**ns**ean, saoi**rs**e, cai**lc**, éi**sc**, ai**nm**

Leathan:

proifisiúnta, **gl**anadh, gla**nt**a, sea**chn**óidh, pléa**sc,** go**rm**

Is annamh a bhíonn eisceachtaí ann, agus ina measc tá *ospidéal*, *giorria*, dobhriathartha ar nós *anseo*, *ansin*, agus comhfhocail éagsúla ar nós *seanbhean*, *fíorscéal*, *dodhéanta*, *sobhriste*, etc.

Péirí Íosdifríochtaí

Tá an difríocht idir caol agus leathan chomh tábhachtach sa Ghaeilge agus atá an difríocht idir /p/ agus /b/ sa Bhéarla, nó /m/ agus /n/. Is í an t-aon difríocht idir dhá chiall, mar a léiríonn na sampla thíos:

Tábla 5.9 Péirí Íosdifríochtaí

Leathan:	Caol:
***bú**i**	***b**í*
***t**acht*	***te**acht*
*fua**r***	*fua**ir***
*mú**n***	*mú**in***

*Is féidir focail a chloisteáil (sna chanúintí éagsúla) ag www.abair.ie nó ag https://www.teanglann.ie/en/fuaim

Sna péirí in Tábla 5.10, is í an difríocht idir an chéad chonsan agus an ceann deireanach an difríocht idir caol agus leathan. Is ionann na gutaí i ngach péire. Tá cló trom ar an litriú caol i ngach focal, rud a léiríonn na rialacha a thugamar thuas.

Tábla 5.10 Péirí gutaí

		An guta a fhuaimnítear
***si**úl*	*sú**il***	ú
***di**úl*	*dú**il***	ú
***te**as*	*ta**is***	a
***le**abhar*	*labha**ir***	a
***be**an*	*ba**in*** (Connacht)	a
***ce**ol*	*Có**il*** (ainm fir)	ó

Ag tarraingt ar an gcur síos thuas, léiríonn Tábla 5.11 (ar an gcéad leathanach eile) na graiféimí is féidir a aithint le haghaidh gach fóinéim chonsain. In Tábla 5.11 tá cló trom ar shamplaí de ghraiféimí atá sa 250 focal is minice úsáid i gcorpas litríocht na bpáistí, rud a léiríonn na sraitheanna litreacha is cosúla a fheicfidh páistí agus iad ag tosú ar an léitheoireacht. Seans nach bhfuil an liosta iomlán, agus seans go nginfidh an éagsúlacht i bhfuaimniú réigiúnda agus leaganacha breise athruithe (níl ach na cinn is coitianta ar an tábla) litriú eile focal a bhaineann le fuaimniú áirithe.

Focal Scoir

Cé go míníonn an anailís roimhe seo cén fáth a bhfuil an oiread sin gutaí balbha istigh i litriú focal sa Ghaeilge, is í an fhadhb, mar a léiríonn Tábla 5.11 go soiléir, go gcruthaíonn sí a lán graiféimí, méid ollmhór, le haghaidh gach fóinéime. Níl sé réasúnta le tosú ar mhúineadh na léitheoireachta ón bpointe seo, go háirithe i gcás foghlaimeoirí nach bhfuil scileanna aibí foghraíochta acu. Féachfaimid ar bhealach níos éifeachtaí chun litriú a fhoghlaim agus a mhúineadh i gCaibidil 7, tar eis dúinn féachaint ar fhuaimeanna ghutaí na Gaeilge agus a litriú sa chéad chaibidil eile.

Acmhainní

1. Tá réimse ábhar ar fáil saor in aisce ón Áisaonad http://www.stmarys-belfast.ac.uk/aisaonad/ Is féidir na leabhráin ***Túsfhuaimeanna*** a íoslódáil chun fuaimeanna a mhúineadh.

2. Tá ábhair fonaice ann, mar shampla, ***Fónaic na Gaeilge*** (BELB/Áisaonad) agus léiríonn na hábhair seo slí chun na fuaimeanna seo a chur i láthair do léitheoirí tosaigh. Is féidir an t-ábhar a íoslódáil saor in aisce ag http://www.stmarys-belfast.ac.uk/aisaonad/Fonaic/Fonaic_na_Gaeilge.html Chomh maith leis sin, tá ***Cód na Gaeilge, Ag Fiosrú Focal*** (CCEA) ar fáil ó *http://www.rewardinglearning.org.uk/codnagaeilge* seo acmhainní fónaice níos nua le haghaidh na Gaeilge. Féach ar acmhainní eile atá luaite ar leathanaigh 119-120

Tábla 5.11 Samplaí de graiféimí consain

		Samplaí: (Tá cló trom ar an 250 focal is minice úsáid sa chorpas)
/p/	<p, pa, pu, op, ap>	**p**oll, sio**pa**í, **pu**inn, pí**op**a, seá**p**
/p′/	< p, pe, pi, ip>	**p**ingin**, p**eaca**, pi**úratánach, có**ip**
/b/	<**b**, **bu,** ba, ob, bp>	**bán, leaba, bu**í, rugbaí, síob, bpoll
/b′/	<**b, be**, bi, ib, bp>	**bia**, **beo**, **bi**úró, a**ib**í, **bp**íopa
/m/	<**m**, ma, mu, mb>	**mór, mamaí,** muid, mbád
/m′/	<**m**, me, mi, **im,** mb, mbe>	**mise, mé,** meon, miúil, **léim**, mbia, mbeidh, mbeo
/f/	<**f,** fa, fu>	fanacht, faoin, faí, fuil
/f′/	<**f, fe**, fi>	féin, fear, fiú
/v/	<**bh**, bhu, bha, obh, **mh**, mhu, mha, omh, **bhf, bhfu>**	**bhosca**, **ubh,** bhuí**,** scríobhaí**, mhór,** mhuintir, mhaíomh, **bhfaca**, **bhfuil**
/v′/	<**bh**, bhe, bhi, ibh, mh, mhe, mhi, imh>	**bhí**, bheo, bhiúró, agaibh, mhí, mheon, mhiúil, Róimh
/t/	<t, tu, ta, ot>	**atá, tú, cat,** tuí, plátaí, díot
/t′/	< **t, te,** ti, it>	tíre, thit, teach, tiubh, áit
/d/	<d, du, da, od, dt>	do, cad, siad, duit, éadaí, síod, dtug
/d′/	<d, de, di, id, ide, dt>	deir, dearg, diúltach, féidir, daideo, dtí
/n/	<**n, no,** na, on, nd>	**nach, aon, anois,** naíonra, iníon, ndún
/n′/	< n, ne, **ni**, **in,** nd>	**sin,** nead, niúmóine**, tháinig**, ndiaidh
/nn/	<n, nn, onn>	ann, ná ceannaigh, bíonn
nn′/	<n, nn, nni>	ní, níl, (Connacht), rinne, inniu
/s/	<**s**, su, sa, os>	sásta, suas, suí, rásaí, síos
/s′/	<s, se, si, is>	sise, sé, seo, isteach, siopa, leis
/l/	<l, lu, la, ol, >	**dul,** luigh, eolaí, síol
/l′/	<l, li, le, il >	leis, liom, leaba, fáil
/ll/	<**l**, ll, oll>	**lá,** balla, mall, giolla
/ll′/	<**l,** le ll, ill, ille>	léim**, leabhar**, fill, fóill, cailleach
/r/	<r, ro, or, ar>	**orm, fear,** dearg, roimh, fíor, féar
/r′/	<r, re, ir>	trí, breá, nuair
/k/	<c, cu, ca, oc>	**cá, cad,** ocras, cuir, peacaí, íoc
/k′/	<c, ci, ce, ic, ice>	cé, sciob, ceo, chonaic, craiceann
/g/	<g, gu, ga, ag, og>	agus, go, thug, guí, tógaim, beag, díograis
/g′/	< g, ge, gi, ig>	gé, gile, **tháinig,** gearr, Giúdach, gruaig
/x/	<ch,chu,cha, ach>	nach, chonaic, chuir, fiachaí, féach,
/x′/	<ch, che, chi>	**chéad,** chill, cheo, chiúin
/ɣ/	<gh, ghu, dh, dhu, odh, adh>	ghabh, ghuí, dhul, dhuine, bíodh, bheadh
/ɣ′/	<gh, ghe, ghi, igh, dh, dhe, dhi, idh>	ghé, gheall, ghiúistís, **amuigh**, dhíol, dheoch, dhiúl, réidh
/h/	<th, sh, h>	tháinig, thug, thosaigh, shúil, **hata**
/h′/	<she, shi, thi, ith>	Sheán, shiúil, thiocfaidh, **maith**

Caibidil 6
Ó fhuaim go litriú: Gutaí sa Ghaeilge

I gcomparáid le fóinéimí na gconsan sa Ghaeilge, tá fóineimí na ngutaí measartha simplí, cé go bhfuil difríochtaí i mionphointí fuaimnithe ó réigiún go réigiún. Ach, de bhrí go bhfuil roinnt de litreacha na ngutaí ag léiriú eolais faoi chonsain in áit fuaimniú guta a léiriú, is gníomh dúshlánach é fuaimniú focal a léamh ó théacs i gcló. Tosóimid anseo le **fuaimeanna** gutaí, mar a dhéanann ábhair atá bunaithe ar fhónaic, agus níos moille bogfaimid ar aghaidh go hidirghníomhaíochtaí níos casta a bhaineann le fuaimeanna agus litriú.

Tá a lán staidéir theangeolaíocha i gcló agus tá cur síos iontu ar chanúintí ar leith sna Gaeltachtaí, agus tá éagsúlacht iontu i dtaobh líon fhuaimeanna ar leith na ngutaí, nó na bhfóinéimí, a deir na húdair atá ann. De réir roinnt díobh tá níos mó fóinéimí ar leith ann ná litreacha a sheasann dóibh, agus dá bharr sin, tá roinnt litriú gutaí débhríoch. Téann staidéar thraschanúint Uí Shiadhail sa treo eile, agus laghdaíonn sé líon fhóinéimí na ngutaí gairide do trí cinn; braitheann sé ansin ar chóras teibí casta rialacha chun tuar a dhéanamh ar fhuaimniú ar leith de réir na gconsan atá in aice leis na gutaí. Seans go bhfuil ciall leis seo ar leibhéal teicniúil, ach ní mór an chabhair í sa seomra ranga, go háirithe do chainteoirí dara teanga taobh amuigh de na Gaeltachtaí.

Dá bharr sin, tosóimid leis an tuiscint go seasann litir gach guta d'fhóinéim ar léith. Tá an tuiscint seo le feiceáil sna fíricí a bhaineann le roinnt canúintí, ina measc, anailís Risteaird Bhreatnaigh ar Ghaeilge na Rinne, anailís Uí Raghallaigh ar Ghaeilge na Ceathrún Rua agus Chorca Dhuibhne, anailís Uí Chuív ar Ghaeilge Mhúscraí Thiar i gCorcaigh, agus anailís de Búrca ar Ghaeilge Thuar Mhic Éadaigh i Maigh Eo; aithneoidh cainteoirí Gaeilge go héasca fuaimniú na ngutaí a thiocfaidh as a leithéid d'anailís.

De réir mar a thagann méadú ar eolas na bhfoghlaimeoirí faoin nGaeilge, go háirithe más féidir leo teagmháil rialta a bheith acu le canúint ar léith agus iad ag caint le cairde nó ag dul ar chuairteanna rialta chuig Gaeltacht, is féidir leo mionphointí fuaimniú focal a dhéanamh níos beaichte chun go mbeidh an fuaimniú sin níos cóngaraí don chanúint a roghnaigh siad. I bhformhór staidéir na gcanúintí, aithníonn siad, mar fhóinéim ar leith, guta laghdaithe, *schwa*, i ngutaí nach bhfuil faoi bhéim. Díreach mar atá sa Bhéarla, seans nach ionann an guta laghdaithe ó fhocal go focal, ag brath ar na fuaimeanna atá thart air, ach scríobhaimid na leaganacha uile go simplí le siombail AIF, /ə/ (schwa) le léiriú cibé litriú atá ar ghuta nár chóir an guta a rá chomh láidir nó chomh soiléir nuair nach bhfuil an bhéim ar an nguta sin i bhfocal.

Fad Guta

Mar atá sa Bhéarla, is fóinéimí ar leith iad gutaí gairide agus gutaí fada i nGaeilge (is minic a bhíonn síneadh fada ar na gutaí fada i nGaeilge). Ach tá an gaol idir gutaí fada agus gutaí gairide rud beag níos dírí sa Ghaeilge ná mar atá sa Bhéarla. I gcás <i>/<í> fada agus gairid, mar shampla, is ionann an fuaimniú beagnach, rud nach fíor sa Bhéarla, áit nach ionann fuaimniú an <i> ghairide agus fhada ar chor ar bith. In aistriú ó ghutaí gairide go gutaí fada sa Bhéarla, mothaíonn tú go n-aistríonn do theanga go háit éagsúil (cuir *mat* i gcomparáid le *mate* i do bhéal; sa Ghaeilge is beag athrú atá ann. I gcuid mhaith de chanúintí na Gaeilge, tá fuaimniú

fada ar aon litir ghuta a bhfuil síneadh fada air[2]; gan an síneadh fada ar ghutaí bíonn na gutaí sin gairid san fhuaimniú (ach déanfaimid cur síos ar roinnt eisceachtaí níos moille). Tá difríocht san fhuaimniú sa Ghaeilge agus léiríonn na téarmaí *fada* agus *gairid* an difríocht sin: tógann na gutaí fada níos mó ama le rá. Deirimid iad le matáin béil atá rud beag níos teinne. Tá a lán samplaí ann áit arb é fad an ghuta an t-aon difríocht idir dhá fhocal a bhfuil cialla éagsúla acu. **Péirí íosdífríochtaí an t-ainm atá ar phéirí focal nach ndéanann ach fuaim amháin idirdhealú eatarthu**, agus tá na péirí seo an-úsáideach chun difríochtaí tábhachtacha a thaispeáint d'fhoghlaimeoirí chun go dtuigfidh siad an méid atá le déanamh acu chun máistreacht a fháil ar chaint bheacht. Seo roinnt samplaí de phéirí difríochtaí le haghaidh gutaí fada agus gutaí gairide: *briste vs. bríste, ciste vs. císte, te vs. té, fear vs. féar, ban vs. bán, solas vs. sólás.* Tá níos mó sna ceachtanna i gCaibidil 9.

Fóinéimí agus graiféimí gutaí

Tá litriú gutaí measartha simplí nuair is ionann cáilíocht an ghuta agus aon chonsain atá in aice leis. Sa chás sin, litrímid iad le litir amháin (ceann fada nó gairid) don ghuta sin, agus is ionann an litir sin agus siombail AIF don fhóinéim. Is é an t-aon eisceacht atá ann go bhfuil na litreacha <e> agus <é> leo féin ag deireadh focal. Cibé uair a leanann consan (caol) na fuaimeanna /e/ nó /e:/, is é <ei>, <éi> an litriú. (Le haghaidh litriú /e/, /e:/ in aice le consain leathana, féach thíos.)

Tábla 6.1: Gutaí leathana agus consain leathana

Fuaim	Litriú	Samplaí
/a/	<a>	cad, fanacht, cara, fada, blas, amach
/a:/	<á>	bád, cá, ná, tá, sásta, trá, mála, fáth
/o/	<o>	doras, gol, loch, orm, bocht, ocras
/o:/	<ó>	dó, fós, thóg, mór, dócha, glór
/u/	<u>	dul, cur, thug, rud, dubh, turas
/u:/	<ú>	úd, cúramach, cúl, tús, úll, dún
/ə/	<a>, <o> nó <u> agus iad nach bhfuil faoi bhéim:	cóta, do, agus

Tábla 6.2: Gutaí caola agus consain chaola

Fuaim	Litriú	Samplaí
/i/	<i>	imigh, tirim, thit, sise, brisim, imirt
/i:/	<í>	sí, bím, sílim, tír, fírinne, rí, míle
/e/	<e>, <ei>	freisin, beirt, te, le, leis, ceist, eile, deirim
/e:/	<é>, <éi>	mé, cé, é, éist, féin, chéile, Éire
/ə/	<e> nó <i>	agus iad nach bhfuil faoi bhéim: *páiste, inti*

[2] I gcanúintí Chúige Uladh, is féidir gutaí gan bhéim a bhfuil síneadh fada orthu a fhuaimniú mar guta gairid.

Nuair a bhíonn gutaí in úsáid i bhfocail le consain a bhfuil cáilíocht éagsúil acu, éiríonn cúrsaí níos casta. Chonaiceamar cheana féin sa chaibidil roimhe seo an tslí a n-oibríonn gutaí le consain chun cáilíocht na gconsan a léiriú. Nuair a bhíonn na gutaí fuaimnithe in aice le consain a bhfuil cáilíocht éagsúil acu, cruthaíonn seo sraith gutaí sa litriú - **léiríonn ceann amháin acu an fuaimniú agus léiríonn na cinn eile cáilíocht na gconsan**. Chomh maith leis sin, i gcás gutaí fada a scríobhtar de ghnáth le litir atá éagsúil i gcáilíocht leis na consain thart timpeall air, is féidir é a scríobh le sraitheanna ar leith délitreacha. Tá na délitreacha seo ar comhchéim le litriú gutaí aonair + síneadh fada, nuair is gá an neamhréir a léiriú idir an guta agus cáilíocht an chonsain.

Délitreacha (Déghraif)

Is gnáthchleachtas é 3 dhélitir a chur in áit an Ghuta+síneadh fada chun gutaí fada a léiriú i gcomhthéacsanna ar leith. Nuair a bhíonn /o:/ fada tar éis consan caol, is é <eo> an litriú atá air de ghnáth. Tabhair faoi deara nach bhfuil aon *síneadh fada* ar an <o> ach go bhfuil fuaimniú fada air mar sin féin i bhformhór na bhfocal a bhfuil an litriú seo air (*ceol*, *beo*, *seoladh*, *múinteoir*). Ach tá roinnt eisceachtaí coitianta ann, *seo*, *deoch*, *eochair*, áit ar /o/ gairid é fuaimniú <eo>.

Nuair a bhíonn na gutaí caola /e:/ agus /i:/ idir consain leathana, nó roimh nó tar éis consan leathan ag imeall focal, is féidir iad a scríobh le délitreacha a léiríonn na consain leathana freisin. Seasann an tsraith <ae> do /e:/ sna comhthéacsanna seo, in áit <é> nó <éi> atá níos coitianta, agus ní tharlaíonn an tsraith ach idir dhá chonsan chaola: *laethanta*, *tae*, *captaen*, *Gael*, *ae*r mar shampla. Le haghaidh /i:/ idir consain leathana, áit nach ndéanfaidh <í> caol an chúis, bíonn <ao> in úsáid i gCúige Chonnacht agus i gCúige Uladh: *saol*, *daor*, *aon*, *lao*. I gCúige Mumhan ní chloistear /i:/ mórán idir consain leathana, fuaimnítear <ao> mar /e:/, díreach mar <é> nó <ae>. Is féidir teacht ar na délitreacha seo tar éis consan leathan (nó san áit tosaigh) ach roimh cheann caol, agus i gcás mar sin is gá <i> a chur leo le cloí leis an riail *caol le caol: Aoine*, *caoire*, *traein*, mar shampla. Lasmuigh de *lao*, cuirtear <i> le <ao> freisin ag deireadh focal: *naoi*, *faoi*, *caoi*, etc; is é <ao> an fuaimniú atá ar na gutaí seo. Roimh chonsan caol tá fuaim <aoi> cosúil le <í> fiú i gCúige Mumhan.

De ghnáth seasann sraitheanna eile gutaí d'fhuaimeanna gutaí gairide, agus i sraith léiríonn litir amháin, nó níos mó, consan a bhfuil cáilíocht aige ata éagsúil leis an nguta, de réir na bpatrún a phléimid thíos.

Gutaí caola, consain leathana

Nuair a leanann guta caol consan leathan, is gá guta leathan a chur leis, de ghnáth <u> nó <a>, ach ó am go ham <o>: léiríonn an guta seo gur consan leathan é an consan roimh an nguta. Sna samplaí uile thíos, cloisimid an fhuaim a bhfuil cló trom uirthi, agus léiríonn na gutaí breise cáilíocht an chonsain roimh an nguta. Roimh /i/ gairid bíonn na litreacha <u> agus <o> in úsáid. Roimh /i:/ fada (= <í>), beidh na litreacha <a>, <o> nó <u> ann chun consan leathan a léiriú; níl <oí> chomh coitianta agus atá na féidearthachtaí eile, ach tarlaíonn sé uaireanta, mar atá le feiceáil thíos

/i/	cu**i**d, mu**i**d, du**i**lleog, fu**i**l,
	ro**i**mh, ano**i**s, cho**i**nneáil, go**i**d
/i:/	bu**í**, su**í**, lu**í**
	scéala**í**, rúna**í**, cla**í** (sa Mhumhain)
	cro**í**

Is annamh a bhíonn an guta gairid /e/ in aice le consain leathana, ach uaireanta tarlaíonn sé i roinnt canúintí (e.g., i gConnachta agus uaireanta sa Mhumhan) tar éis consan leathan nó roimh chonsan caol, áit a mbíonn sé scríofa mar <oi> de ghnáth: e.g., *soicind*, *oifig*, *thoil*, *troid*, *an oiread.* I gcanúintí eile, is féidir /i/ nó /o/ a chloisteáil i roinnt de na focail seo.

Mar an gcéanna, nuair a leanann consan leathan ceann de na gutaí caola seo, is gá guta leathan a chur idir é agus an consan leathan chun iad a scaradh sa litriú. De ghnáth is é <o> an guta seo tar éis <i> gairid, nó <í> fada agus <a> tar éis <e>, <é>.

/i/	fios, iontu, prionsa, cion (ní hionann an fuaimniú i gach canúint)
/i:/	díol, síol
/e/	beag, beagán, beagnach, bheadh
/e:/	déag, céad, éad

Mar atá luaite cheana féin, de ghnáth bíonn an litriú <ae> in úsáid mar /e:/ tar éis consain leathana, agus is féidir é a úsáid rompu freisin, *Gael* agus *aer* mar shampla. Mar sin, is féidir féachaint ar <ae> mar litriú guta leathan le haghaidh na fuaime /e:/, nuair a bhíonn consain leathana ar an dá thaobh. Agus idir consan leathan agus consan caol, seans go seasfaidh <aei> do /e:/ mar atá san fhocal *traein.*

Idir dhá chonsan leathana, seans go mbeidh guta breise scríofa ar an dá thaobh den guta fuaimnithe: *buíochas*, *draíocht.* Ach is annamh a tharlaíonn sraitheanna den chineál seo.

RIALACHA 3

Rialacha litrithe le haghaidh gutaí caola

1. Na fuaimeanna /e/ agus /e:/, is é <e> agus <é> an litriú atá orthu tar éis consan caol ag deireadh focail. Is é <ei> agus <éi> an litriú atá orthu idir dhá chonsan chaola.
2. Tar éis consan caol agus roimh chonsan leathan, is é <éa> litriú na fuaime /e:/ ach is annamh a bhíonn an litriú <ea> air, litriú a bhfuil fuaim air atá níos cosúla le /a/ de ghnáth sa chaint.
3. Idir dhá chonsan leathana, is é <ae> litriú na fuaime /e:/ (sa Mhumhain, seans go mbeidh litriú <ao> air freisin) agus <aei> tar éis consan leathan ach roimh chonsan caol.
4. Ní bhíonn an guta gairid /e/ ann de ghnáth tar éis consain leathana, ach amháin i roinnt focal i roinnt canúintí, agus is é <oi> an litriú atá air, e.g., *toil.* Ar an dá thaobh de na consain chaola, is é <i> agus <í> an litriú atá ar /i/ agus /í/.
5. Tar éis consan leathan, de ghnáth is é <u> an guta a léiríonn cáilíocht an chonsain idir é agus an guta fuaimnithe, ach seans go mbeidh <a> in úsáid, go háirithe ag deireadh focal, agus go mbeidh <o> in úsáid níos annaimhe ná sin (mar a tharlaíonn san fhocal *croí*).
6. Roimh chonsan leathan, bíonn <o> tar éis <i> nó <í>.
7. I gCúige Chonnacht agus i gCúige Uladh, idir dhá chonsan leathana, tá <ao> in úsáid de ghnáth in áit <í>, agus bíonn <aoi> ann tar éis consan leathan ag deiridh focal agus roimh chonsan atá caol anois de bharr rialacha gramadaí (tuiseal, iolracht, comparáid, agus araile.).

Gutaí leathana, consain chaola:

Mar an gcéanna, nuair a bhíonn gutaí leathana, <a>, <o> nó <u> agus na cinn a bhfuil sínte fada orthu, roimh chonsain chaola, bíonn guta caol, <i> i gcónaí, roimh an gconsan chun cáilíocht an chonsain sin a léiriú: Seo samplaí thíos:

/a/ c**a**ilín, **a**imsir, c**a**ite, m**a**idin, b**a**inne, **a**irgead, b**a**ile

/a:/ b**á**id, n**á**id, f**á**il, f**á**inne, d**á**il, C**á**it

/o/ sc**o**il, sr**o**ichim, c**o**is, cl**o**isim (ní hionann an fuaimniú i ngach reigiún)

/o:/ f**ó**ill, c**ó**ir, bád**ó**ir, seaf**ó**id, br**ó**ige, **ó**ige

/u/ am**u**igh, c**u**id, m**u**id, ch**u**ici

/u:/ d**ú**il, c**ú**is, d**ú**isigh, ci**ú**in, d**ú**inn, docht**ú**ir, c**ú**ig, **súil**, m**ú**ineadh

Tabhair faoi deara: roimh chonsan caol, seasann an tsraith <ui> do /i/ de ghnáth, ach ó am go ham, bíonn an fhuaim /u/ ann, mar atá sna samplaí thuas ó fhoinsí éagsúla foilsithe. Ach cloisfidh foghlaimeoirí an fuaimniú /u/ freisin, go háirithe i gcanúintí an tuaiscirt.

Nuair a bhíonn consan caol roimh ghuta leathan, is é an guta <e> a théann roimh <a> nó <á>, is é an guta <i> a théann roimh <u>, <ú>, nó <o>; agus is é an guta <e> a théann roimh /o:/ fada. Sna samplaí thíos, tá cló trom ar an nguta fuaimnithe.

/a/ be**a**n, fe**a**r, de**a**s

/a:/ bre**á**, Se**á**n

/o/ li**o**m, si**o**pa (Ulaidh)

/o:/ be**o**, te**o**cht, ce**o**, le**o**, le**o**r, ghe**o**bhaidh, de**o**r, le**o**n

/u/ fi**u**ch, fli**u**ch, ti**u**bh (seans go mbeidh litriú <io> air freisin: sioc, siopa (Connachta, an Mhumhain)

/u:/ ci**ú**nas, si**ú**l

Tabhair faoi deara nach mbíonn síneadh fada ar an /o:/ de ghnáth tar éis consan caol agus <e>.

Seans go mbeidh na gutaí fada leathana, in amanna, idir dhá chonsan chaola, agus sa chás sin bíonn <i> tar éis an ghuta fuaimnithe idir consain chaola

/a:/	= <eái>	She**á**in, coinne**á**il, feice**á**il
/o:/	= <eoi>	de**o**ir, be**o**ir, ce**o**il
/u:/	= <iúi>	ci**ú**in, shi**ú**il

RIALACHA 4

Rialacha litrithe le haghaidh gutaí leathana

1. Is iad <a>, <o>, <u> agus <á>, <ó>, <ú>, na gutaí leathana, agus bíonn siad leo féin in aice le consain nuair a bhíonn fuaimniú leathan ar na consain sin.

2. Bíonn <i> balbh i gcónaí idir iad agus consain chaola – feicfidh tú an <i> balbh idir an guta fuaimnithe agus an consan ina dhiaidh.

3. Roimh na gutaí <u> nó <ú>, feicfidh tú <i> balbh chun an consan caol a léiriú, ach feicfidh tú <e> roimh gutaí leathana eile.

4. Bíonn litriú <oi> ar /o/ gairid idir consan leathan agus caol i roinnt canúintí: *oifig*, *scoil*, *croith*, agus bíonn litriú <eo> air anois agus arís nuair a bhíonn sé tar éis consan caol, ag deireadh focail nó roimh C leathan (e.g., *deoch*, *seo*).

5. Is é <u> an litriú atá ar /u/ gairid idir consain leathana (*dul*), is é <iu> an litriú tar éis consan caol (*fliuch*), agus (go hannamh), is é <ui> an litriú roimh chonsan caol (*amuigh*).

6. Is ionann na rialacha le haghaidh gutaí fada, ach i gcás /o:/ ní bhíonn *síneadh fada* air sna sraitheanna <eo> nó <eoi>, cé go bhfuaimnítear iad de ghnáth mar /o:/ fada.

Gutaí tosaigh nach bhfuaimnítear

Uaireanta feicfidh tú guta balbh i litriú ag tús focail, roimh an nguta atá le fuaimniú; sna samplaí thíos tá líne faoin nguta balbh. Má tá an guta balbh leathan, léiríonn sé gur gá fuaimniú leathan a dhéanamh ar chonsan deiridh na míre roimh an gconsan.

u**i**sce, an t-uisce

o**i**leán, an t-oileán, an oíche

Bíonn fuaimniú /t/ leathan agus /n/ leathan orthu seo, agus léiríonn an guta tosaigh é seo. Cuir i gcomparáid *an t-im* agus *an iníon*; in *an t-im* tá an /t′/ caol, agus é ag teacht leis an nguta <i> atá ina dhiaidh, agus in *an iníon*, bíonn fuaimniú caol ar /n′/ an *an* sa chomhthéacs sin.

Nuair a bhíonn an guta balbh caol, léiríonn sé gur chóir an consan roimhe a fhuaimniú mar chonsan caol, mar a tharlaíonn in *i**o**nad*, áit arb é an <o> an guta fuaimnithe, ach is /t′/ caol an fuaimniú atá ar *an t-ionad*, mar a tharlaíonn in *an t-im*. Tá samplaí eile de <i> balbh tosaigh i liosta na bhfocal is minice – *iontach*, *iontas* agus *iompair* (ach féach ar Chaibidil 9 ina bhfuil plé ar leaganacha canúna, áit a gcluinfidh tú an <i>).

Défhoghair

Is iad /iə/, <ia> and /uə/, <ua> na défhoghair, agus cé gur gá dhá shiombail a úsáid chun iad a scríobh agus go bhfuil dhá ghuta iontu, oibríonn siad mar ghuta fada aonair sa Ghaeilge. Is cuid de shiolla aonair iad.

Focail aon siolla:	*bia, siar, Dia, dian; nua, bua, cuan, crua*
Focail dhá shiolla:	*blianta, cnuasach*

Is défhoghair eile sa Ghaeilge iad /ai/ agus /au/. Bíonn meascán de ghutaí agus de chonsain in úsáid chun litriú na ndéfhoghar seo a scríobh.

/ai/	<adh>, <agh>, <aidh>, <aigh>	Tadhg, radharc, praghas, aidhm, saighdiúr, staighre
/au/	<abh>, <amh>	dabht, leabhar, labhair, damhsa, samhradh

Nuair a leanann an guta /a/ ceann de na défhoghair seo, seans go meascfaidh sé leis an défhoghar chun aon siolla a dhéanamh den 2 shiolla, mar a tharlaíonn in *radharc* agus *praghas* (/rairk/, /prais/) nó in *leabhar* (/lʹaur/) thuas.

Is úsáideach iad focail iasachta Béarla, ar nós *praghas* agus *dabht*, chun an patrún litrithe seo a thabhairt chun cuimhne. Is féidir le sraitheanna eile litreacha seasamh do na défhoghair seo freisin, <ogh> mar shampla, i roinnt canúintí ar a laghad, ach níl siad chomh coitianta ná chomh seasmhach: *rogha*, *toghchán*, is samplaí iad seo ó Ghaeilge Chonamara.

Is féidir go mbeidh consain chaola ag teacht i ndiaidh défhoghair freisin, agus sa chás sin is gá an litir <i> a chur isteach, mar a tharlaíonn le gutaí simplí.

Brian	a Bhriain
uan	uain

Is fíor seo freisin maidir leis na défhoghair a chruthaíonn /a/ agus consain sheimhithe. Ach de bhrí go meascann an guta le <gh> agus <dh>, is beag difríocht atá san fhuaimniú. Mar sin, is féidir linn féachaint ar *saghas* agus *staighre*, nó *Tadhg* agus *aidhm*, mar litriú eile den fhuaim chéanna. Ach i bhformhór na gcanúintí ní hionann fuaimniú caol <bh> nó <mh> agus fuaimniú leathan <bh> nó <mh>. Cé go bhfuil an fhuaim leathan níos cosúla le /w/ agus go ndéanann sé défhoghar leis an nguta roimhe, mar atá sna samplaí thuas, tá an fhuaim chaol níos cosúla le /v/ an Bhéarla, agus is féidir í a chloisteáil mar fhuaim ar leith in *Gaillimhe, aimhréidh, aibhneacha, saibhir*, agus araile.

Caibidil 6 Acmhainní

1. Chun na focail a úsáidtear sna samplaí anseo a chloisteáil (sna canúintí éagsúla), is féidir focal a chuardach ar https://www.abair.ie nó ar https://www.teanglann.ie/en/fuaim

2. Le hábhair fónaice den chineál, ***Fónaic na Gaeilge*** (BELB/Áisaonad) tá acmhainní ann do mhúinteoirí chun gur féidir leo na fuaimeanna seo a chur i láthair léitheoirí tosaigh. Is féidir an acmhainn seo a íoslódáil ag http://www.stmarys-belfast.ac.uk/aisaonad/Fonaic/Fonaic_na_Gaeilge.html Tá ***Cód na Gaeilge, Ag Fiosrú Focal*** (CCEA) ann freisin, is leagan níos nua d'acmhainní fónaice sa Ghaeilge é seo atá ar fáil ó *http://www.rewardinglearning.org.uk/codnagaeilge* Gill Education (2013) ***Fonn Fónaice*** Acmhainní idirghníomhacha Gaeilge le ceannach ar CD-ROM. http://www.gilleducation.ie/primary-irish/primary-irish/fonn-fnaice-diosca Féach lch 120.

3. Tá réimse ábhar ar fáil saor in aisce ón Áisaonad http://www.stmarys-belfast.ac.uk/aisaonad/ Cnuasach leabhrán is féidir a íoslódáil is ea ***Túsfhuaimeanna*** chun

fuaimeanna a mhúineadh. Tá ábhar foilsithe ag Muintearas freisin ag díriú ar fhónaic na Gaeilge, atá ar fáil ó http://www.muintearas.com/leabhar.htm Ina measc tá *Na gutaí fada agus na consain; Na gutaí fada: Leabhar Oibre; Na gutaí gearra agus na gutaí gearra le chéile; Na consain agus na gutaí gearra.*

Caibidil 7
Ó litriú go fuaim:
‘Fáinne Rúnda an Díchódóra’

Conas a dhéileálann tú le focail nua sa Ghaeilge?

Seans nach mbeidh máistreacht iomlán ag foghlaimeoirí na Gaeilge mar dhara teanga (T2) ar chóras fuaime na teanga agus iad ag tosú ar an léitheoireacht sa Ghaeilge. Seans nach mbeidh siad in ann na difríochtaí caolchúiseacha a chloisteáil ná a rá go beacht, na difríochtaí sin a dhéanann idirdhealú idir an Ghaeilge agus a dteanga dhúchais agus atá taobh thiar de na prionsabail atá pléite sna caibidlí roimhe seo. Is mór an chabhair é ullmhúchán maith i bhfuaimniú na Gaeilge, ach is gá cabhair níos dírí a chur ar fáil d’fhormhór na ndaltaí ionas go mbeidh siad in ann fuaimeanna a chur le litriú. Is é an dúshlán atá roimh fhoghlaimeoirí agus iad ag léamh Gaeilge scríofa ná a dhéanamh amach: “Cad dó a seasann na litreacha sin uile agus conas a chuirim iad le fuaimeanna a bhfuil eolas agam orthu, chun go n-aithneoidh mé focail a d’fhoghlaim mé cheana féin sa chaint?” Chun dul i ngleic le focail nach bhfaca foghlaimeoirí roimhe seo, is gá dóibh fuaimniú an fhocail a oibriú amach ón litriú chun go mbeidh siad in ann teacht ar a chiall nó teacht air san fhoclóir agus an focal a úsáid sa chaint ina dhiaidh sin. Chun stór focal a fhorbairt, neartaíonn an leagan labhartha agus an leagan scríofa a chéile, ach ní tharlóidh seo ach amháin má tá na scileanna ag na foghlaimeoirí chun iad a nascadh.

Ar an mbonn sin, ní hionann an cur chuige atá againn sa chaibidil seo agus sna caibidlí roimhe seo agus sinn ag plé comhfhreagairtí idir fuaim agus litriú. In áit dúinn iarracht a dhéanamh ar rialacha litriú na Gaeilge a mhíniú, déanaimid cur síos anseo ar conas is féidir na focail a fhuaimniú os ard ar an leathanach, agus ní hé amháin go gcabhróidh sé le foghlaimeoirí focail a bhfuil eolas acu orthu a fhuaimniú os ard, ach cabhróidh sé leo focail nach bhfuil eolas acu orthu a fhuaimniú chomh maith. Sa chéad leathanach eile, tá ord ar an achoimre in Treoirlínte 1: Treoirlínte chun litriú gutaí a mhúineadh, ach níl ann ach moladh. Is féidir na patrúin seo a mhúineadh nó staidéar a dhéanamh orthu in ord ar bith, ag brath ar stór focal na bhfoghlaimeoirí agus ar na hábhair atá in úsáid sa rang le haghaidh léitheoireachta. Nuair a fheicimid go leor samplaí chun patrún a léiriú, dírímid orthu sna boscaí ar a dtugaimid Achoimre nó Treoirlínte. Chomh maith leis sin, cuirimid ceachtanna ar fáil i gCaibidil 9 agus is féidir iad a úsáid chun tuiscint an phatrúin a shoiléiriú agus a dhaingniú le húsáid amach anseo. Agus Caibidlí 7, 8, agus 9 á n-úsáid, molaimid gur chóir do léitheoirí roinnt de na hacmhainní ar líne thíos a úsáid chun go gcloisfidh siad focail á bhfuaimniú os ard.

Teanglann - Bunachar Foghraíochta na Gaeilge ag www.teanglann.ie Tá foclóirí ar líne ar an suíomh idirlín seo: Béarla-Gaeilge (de Bhaldraithe, 1959) agus Gaeilge-Béarla (Ó Dónaill, 1977), agus is féidir focal a roghnú i ngach ceann de na trí chanúint agus éisteacht le fíorghuth (ní guth sintéiseach) á rá.

ABAIR – An Sintéiseoir Gaeilge (www.abair.ie) baineann sé úsáid as Sintéis Téacs go hUrlabhra (TTS) chun téacs scríofa a thiontú go caint bheo, agus dá bharr sin, is féidir téacs a chur isteach agus éisteacht leis i nGaeilge Dhún na nGall, Chonamara, agus na Mumhan.

TREOIRLÍNTE 1

Treoirlínte chun litriú gutaí a mhúineadh

1. Más ionann cáilíocht na ngutaí agus na gconsan i bhfocail, is iad seo na cinn is lú deacracht; is furasta iad a fhuaimniú os ard agus is túsphointe maith iad chun tosú le haghaidh ranganna sóisearacha agus tosaitheoirí fásta: e.g., *tirim, solas, bád, te.*
2. Délitreacha gutaí fada <ao> agus <ae> - nuair a bhíonn consain leathana thart timpeall orthu, is féidir tosú orthu seo go luath, chun sraitheanna délitreacha a léiriú nach bhfuil cosúil leis na cinn atá ar fáil i litriú an Bhéarla: *saor, tae, aer.* Má tá <eo> san áireamh anseo, i bhfocail ar nós *beo,* tabhair faoi deara go bhfuil an guta fada sa chaint, ach sa litriú nach bhfuil síneadh fada air.
3. Is féidir <ia> agus <ua> a fhoghlaim go luath toisc go bhfuil siad an-simplí i gcuid mhaith den stór focal luath: *nua, suas, bia, siar*. Is féidir <uai> (e.g., *nuair*) agus <iai> (e.g., *bliain*) a fhágáil go pointe níos moille. Is féidir cáilíocht a thabhairt isteach i gceachtanna ar dtús leis na gutaí fada, áit a bhfuil sé soiléir go bhfuil baint ag fuaimniú an ghuta leis an síneadh fada: <ái>, <ói>, etc. Is é an patrún G leathan+ C′ caol an patrún is seasmhaí, agus dá bharr sin, is túsphointe maith é le tosú. Sna cásanna seo bíonn <i> i gcónaí roimh an C′. Mar sin, seasann sraith ar bith <Gi> do C′ caol tar éis an ghuta, agus d'fhéadfadh guta leathan ar bith a bheith i gceist: *báid, súil, fóill.* Oibríonn délitreacha gutaí fada sa tslí chéanna, agus is féidir iad a thabhairt isteach sna ceachtanna ansin: bíonn <aoi>, <eoi>, <aei> i gcónaí roimh chonsain chaola: *cathaoir, ceoil.* Is féidir na défhoghair <uai> agus <iai> a thabhairt isteach sna ceachtanna ag an bpointe sin. Is féidir patrúin eile gutaí a léiríonn cáilíocht consan a thabhairt isteach i gceachtanna de réir a chéile.
4. Feictear gurb iad sraitheanna na ngutaí gairide na patrúin is deacra d'fhormhór na bhfoghlaimeoirí, toisc gur deacra d'fhoghlaimeoirí fios a bheith acu ar cé na gutaí is gá fhuaimniú agus cé na gutaí a léiríonn cáilíocht an chonsain in aice leo. Sna cásanna seo, is mian le foghlaimeoirí fios a bheith acu "cén guta a deirimid nuair a fheicimid <eai>?" Sa chuid eile den chaibidil seo tugaimid roinnt treoracha ginearálta, is féidir iad a thabhairt isteach i gceachtanna de réir a chéile, agus gníomhaíochtaí eile eatarthu, chun nach mbeidh ualach oibre róthrom ar na foghlaimeoirí. Is iad na sraitheanna <ea> agus <eai> na sraitheanna is coitianta sa stór focal luath, mar sin, tosóidh an plé ansin thíos. Na chéad sraitheanna eile ina dhiaidh sin, <ei>, <ui> agus <ai>, is iad seo na sraitheanna is seasmhaí trasna na gcanúintí agus laistigh de na canúintí, agus is fiú go mór iad a mhúineadh ina dhiaidh sin. Is iad <io> agus <oi> na sraitheanna is achrannaí toisc go bhfuil an-difríocht eatarthu, agus ní féidir fuaimniú na sraitheanna seo a thuar go héasca. Is fearr fanacht go dtí go mbeidh buneolas níos fearr ag na foghlaimeoirí ar an teanga labhartha agus go mbeidh buntuiscint acu ar conas a oibríonn na délitreacha eile chun léiriú a dhéanamh ar fhuaimniú guta agus ar cháilíocht (chaol nó leathan) an chonsain in aice leis.
5. Seachas <ua> agus <ia>, is mó an difríocht a bhíonn i bhfuaimniú na ndélitreacha trasna na gcanúintí, ná a bhíonn i bhfuaimniú fhormhór na ngutaí aonair, agus dá bhrí sin bíonn siad níos deacra a fhoghlaim. Is iad <adh, aidh, agh, aigh> agus <amh, abh> na délitreacha is seasmhaí sa litriú, agus de ghnáth fuaimnítear an chéad ghrúpa mar /ai/ mar a chluinfí in *mine* sa Bhéarla agus fuaimnítear an dara grúpa mar /au/ mar a chluinfí in *how* sa Bhéarla. Is iad na délitreacha seo na cinn is coitianta i measc na bhfocal a mbeidh an mhinicíocht is mó acu sa chur i láthair seo, agus i gcás <o(i)gh, o(i)dh, eadh, éigh, eidh, eimh> ní bhíonn minicíocht na ndélitreacha seo chomh mór sin, ach bíonn difríochtaí níos mó agus níos casta eatarthu, agus beidh plé air sin i gCaibidil 8.

Sa chur chuige seo, tagann litriú na gconsan le chéile go réasúnta simplí sa Ghaeilge, mar a léiríonn na Treoirlínte i mbosca 2 (Treoirlínte litriú consan a mhúineadh) thíos. Is é an príomhdhúshlán an t-idirdhealú caol/leathan, ós rud é go n-úsáideann an dá cháilíocht na siombailí céanna consain, ach i gcomhthéacs gutaí difriúla. Is féidir an t-idirdhealú a thabhairt isteach le taispeáint an fáth a bhfuil sraitheanna gutaí i bhfocail. Is féidir neartú a dhéanamh ar an gciall atá taobh thiar de na sraitheanna gutaí sin ceann i ndiaidh a chéile. Seans go ndéanfaidh sé leas do na daltaí scrúdú soiléir a dhéanamh ar roinnt gnéithe eile de litriú na gconsan, mar atá siad luaite i dTreoirlínte 2.

TREOIRLÍNTE 2

Treoirlínte chun litriú consan a mhúineadh

1. **Seans go mbeidh sé riachtanach cabhair a thabhairt d'fhoghlaimeoirí chun athruithe tosaigh a thuiscint.** Cabhróidh sé leo ar dtús má fheiceann siad **a lán samplaí atá simplí maidir le cáilíocht consain:** *bhád, mbus, an-mhinic*, etc.
2. Tá sé tábhachtach a lua gur féidir go bhfuil fuaimniú eile ar athruithe in áiteanna éagsúla i bhfocal. Leirigh Tábla 5.1 fuaimniú consain séimhithe ag tús focail. I lár focail, is ionann fuaimniú <ch>, <th> agus a bhfuaimniú ag tús focail; níl <fh> ná <sh> i lár focal; agus nascann <bh>, <mh>, <dh> agus <gh> le gutaí in aice leo chun délitreacha a dhéanamh (féach ar Chaibidil 6). B'fhiú seo a mhúineadh i gceacht ar leith, agus is dócha gurbh fhiú fanacht go dtí go mbeidh leibhéal tuisceana níos airde ag na foghlaimeoirí. Ag deireadh an fhocail, tá roinnt de na cosain seo balbh (féach ar rialacha a bhaineann le díchódú thíos), nó deir daoine iad sa tslí chéanna agus a deir siad iad ag tús an fhocail, ag brath ar an gcanúint.
3. Ní féidir múineadh cháilíocht na gconsan a scaradh ó dhíchódú sraitheanna gutaí, rud a phléamar sna treoirlínte roimhe seo. Ach is fiú aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar na litreacha consain: cé go bhfuil úsáid na litreacha seo i mBéarla sách cosúil lena n-úsáid sa Ghaeilge, seasann gach consan do dhá fhuaim sa Ghaeilge, agus is iad na gutaí atá thart timpeall ar na consain a léiríonn an difríocht. Tar éis na smaointe bunúsacha a chur i láthair go léiríonn sraitheanna gutaí eolas faoi na consain in aice leo, agus faoi na gutaí a chloisimid i bhfocal (féach ar phointí 4 agus 5 sna treoirlínte faoi ghutaí), is féidir na patrúin thíos a úsáid, más gá, chun neartú a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha ag na foghlaimeoirí faoi fhuaimniú sraitheanna gutaí sa litriú.
4. G leathan roimh C′ caol = Gi: *báid, baile, fóill, cuid, súil.*
5. G leathan tar éis C′ caol = eG: *beo, Seán*, ach <iú> mar atá in *siúl, ciúin.*
6. G caol roimh C leathan = G+a nó G+o: *céad, díol.*
7. G caol tar éis C leathan = uG le haghaidh <i>, <í> ach <ae> le haghaidh /e:/: *buí, tae (fuaimniú ar comhchéim le <é>)*
8. C leathan+G caol +C leathan = <uío> nó <aío>: *buíochas, suíochán, draíocht*. Is annamh a bhíonn dhá chonsan leathana ar an dá thaobh de ghuta caol a bhfuil litriú rialta guta+*fada* aige, ach tarlaíonn sé ó am go ham, mar a léiríonn na samplaí anseo. Ach de ghnáth, bíonn délitreacha (<ao>, <ae>) in úsáid: *daor, saol, Gael*, mar a luamar sna treoirlínte chun litriú gutaí a mhúineadh.

Cad atá rialta?

Má ghlacaimid leis go ndéanfar iarracht na patrúin rialta sa litriú a mhúineadh ar dtús, agus go gclúdófaí na heisceachtaí de réir mar a thagann na focail aonair sin chun tosaigh, is í an chéad chéim in oibriú amach sraitheanna gutaí gur gá teacht ar an bhfuaimniú is rialta de gach ceann. Na patrúin i rialtacht litrithe atá in úsáid anseo, is iad na cinn atá bunaithe ar an 1,000 focal a bhfuil an mhinicíocht is mó acu i gcorpas litríochta do pháistí, *Corpas Leabhar Gaeilge do Pháistí (CLGP) (Hickey, g.d.).* Is simpliú mór é an dearcadh seo ar rialtacht i gcomparáid leis an anailis theangeolaíoch mhionsonraithe a rinne Ó Siadhail agus Wigger (1975) nó Ó Raghallaigh (2013) mar shampla. Sa chás againn tagraíonn *rialta* do na patrúin litrithe is coitianta a fuaireamar i bhfó-thacar an chorpais a ndearnamar staidéar air, go háirithe na patrúin sin atá le feiceáil trasna na gcanúintí, na patrúin a bhfuil ardmhinicíocht acu i bhfocail a fheicfidh foghlaimeoirí agus iad ag tosú ar staidéar na Gaeilge (féach Stenson & Hickey, 2016). Déanaimid iarracht gan na rialacha a dhéanamh rótheibí maidir leis na gaolta idir fuaim agus litriú. Mar sin, seans gurbh fhéidir cás a dhéanamh agus anailís chuimsitheach theangeolaíoch á déanamh ar an teanga iomlán gur rialta iad mapáil litriú go fuaimniú i roinnt focal, ach sa staidéar seo deirimid go bhfuil na focail sin neamhrialta toisc gur annamh a chonaiceamar iad sa chorpas, nó toisc gur gá rialacha casta teibí a úsáid chun an patrún a aithint.

1. Gutaí agus Défhoghair: Ag glacadh le córas caighdeánach gutaí a bhfuil cúig ghuta ghairide agus cúig ghuta fhada ann, glacaimid leis gurb ionann, a bheag nó a mhór, luachanna fhuaimniú rialta na ngutaí agus a luachanna AIF (gurb ionann iad freisin agus formhór theangacha eile na hEorpa a úsáideann an aibítir chéanna, seachas an Béarla), má chuirimid miondifríochtaí ó chanúint go canúint san áireamh. /o/ gairid, mar shampla, is féidir é a fhuaimniú ar shlite éagsúla sa Mhumhain agus i gConnachta, ach chomh fada agus atá sé seasmhach trasna focal caithimid leis mar fhuaimiú rialta. Nuair nach ionann fuaimniú taobh istigh de chanúint agus an gnáthfhuaimniú *don chanúint sin* caithimid leis mar fhuaimniú neamhrialta. Tá litriú <ia> agus <ua> rialta le haghaidh na ndéfhoghar a léiríonn siad, agus i gcás <adh>, <agh>, <aidh> agus <aigh> tá siad go léir rialta le haghaidh fuaimniú /ai/; agus is é /au/ an fhuaim atá ar <amh> agus <abh> de ghnáth.

2. Gutaí nach bhfuil faoi bhéim: I siollaí nach bhfuil faoi bhéim, is é an gnáthrud é, ar a laghad taobh amuigh de Chúige Uladh, laghdú a dhéanamh ar ghutaí gairide go schwa, agus tá an laghdú seo san áireamh mar fhuaimniú rialta ar aon ghuta nach bhfuil ag tús focail (ach amháin i gcomhfhocal den chineál *seanduine*, *fíormhaith*, áit a bhfuil an bhéim ar an dá ghné den chomhfhocal, díreach mar a bheadh sí dá mbeadh siad scartha). Mar riail, glactar leis go bhfuil béim ar aonsiollaí sa Ghaeilge. Mar sin, i gcás feidhmfhocal amhail réamhfhocail, ailt, agus míreanna briathartha, a bhíonn i gcónaí gan bhéim, caithimid leo mar fhocail neamhrialta toisc nach féidir bheith ag súil leis go mbeidh eolas ag foghlaimeoirí Gaeilge ar na focail aonsiollacha atá agus nach bhfuil faoi bhéim. Is gá go bhfoghlaimeoidh siad ***nár chóir*** dóibh an guta iomlán a fhuaimniú i bhfocail den chineál *mo*, *de*, *an*, *is*, ach gur chóir dóibh iad a laghdú go schwa i ngach cás.

3. Délitreacha gutaí: Maidir le délitreacha na ngutaí fada coitianta, tá an litriú s'acu rialta. Mar sin, is litriú rialta é <ao> le haghaidh /i:/ i gConnachta agus in Ulaidh nó le haghaidh /e:/ sa Mhumhain; is rogha eile rialta do <é> é <ae>, agus is rogha eile rialta do <ó> é <eo>. De ghnáth, braitheann an litriú ar cé acu caol nó leathan atá na consain in aice leo agus is furasta é sin a thuar den chuid is mó. Sna corrchásanna nuair a léiríonn litriú focal guta difriúil (m.sh., *seo*, *deoch*, a bhfuil fuaimniú guta gairid iontu, i gcomparáid le *ceol*, *beo*), aithnímid mapáil

litriú go fuaimniú mar ghné neamhrialta, agus is gá na focail seo a mhúineadh mar eisceachtaí nuair a fheiceann na foghlaimeoirí iad den chéad uair.

An tslí le déileáil le leaganacha difriúla i gcanúintí

Bíonn neamhrialtacht i bhfuaimniú focal i gcanúintí i roinnt réigiún agus ní bhíonn i réigiún eile agus nuair a tharlaíonn sin caithimid le foirm mar cheann rialta má tá na comhfhreagairtí ó fhóinéim go graiféim rialta i leath de na canúintí ar a laghad ina bhfuil an focal ar fáil, nó má tá athrú ar na leaganacha ó ghnáthluach an litrithe i slí ghinearálta sheasmhach (mar a léiríonn na rialacha thíos). Le teacht ar phlé ar roinnt de na patrúin atá níos coitianta i leaganacha trasna canúintí, féach ar Chaibidil 8.

Díchódú litriú na Gaeilge

Na táblaí a théann leis an bplé thíos, déanann siad achoimre ar an tslí ar chóir sraitheanna gutaí a dhíchódú agus iad á léamh sa Ghaeilge scríofa. Ta litriú na bhfocal rangaithe de réir a bhfuaimnithe i siollaí faoi bhéim, agus samplaí d'aon fhocal, ar a laghad, a léiríonn fuaimniú rialta le haghaidh gach litrithe.

Gutaí fada

I sraith gutaí nuair a bhíonn síneadh fada ar ghuta, sin an guta a fhuaimníonn tú. Marcálann an chuid eile den tsraith na consain is gaire. Mar sin, ní fhuaimníonn tú ach an <á> in *Seán*, *Seáin*, agus in *bád* agus *báid*. Is é an guta <é> an rud a deir tú in *cé* agus in *seaicéad* agus *seaicéid* freisin. Is í an fhuaim <í> a deir tú sna cinn seo go léir: *bí, buí, buíochas, bíonn;* is í an <ó> a deir tú in *dó* agus *dóibh*, agus <ú> in *súl, súil, siúl,* and *siúil.* Is sna consain in aice leis na gutaí breise scríofa atá na difríochtaí san fhuaimniú idir na focail i ngach sraith samplaí. I ngach cás, léiríonn an litriú meascáin éagsúla an ghuta le consain a bhfuil cáilíocht éagsúil acu. Da bharr sin, is féidir an fhóinéim /a:/ a léiriú ar shlite éagsúla ag brath ar na consain atá thart timpeall, mar seo:

<á> idir dhá chonsan leathana,

<ái> tar éis consan leathan agus roimh cheann caol,

<eá> tar éis ceann caol agus roimh cheann leathan, agus

<eái> idir dhá chonsan chaola.

Léiríonn an <e> agus an <i> conas na consain a fhuaimniú sna cásanna seo.

Is féidir gutaí fada a scríobh mar shraith gutaí gan síneadh fada, go háirithe nuair nach bhfuil na consain ag teacht leo i gcáilíocht. Seo na féidearthachtaí: <ae>, <aei> = <é> in aice consan leathan: *aer, tae,* agus *traein* (áit a léiríonn an <i> breise go bhfuil an chéad chonsan eile caol). <ao> = /e:/ idir consain leathana sa Mhumhain, ach <i> i ngach áit eile: *saor, caol, caora,* agus is fíor an rud céanna i gcás <aoi> ag deireadh focail. Ach is ionann <aoi> roimh chonsan caol agus <í> i ngach áit: *Aoife.* Mar fhocal scoir, is ionann <eo>, <eoi> de ghnáth agus an fhuaim <ó>. Bíonn siad in úsáid tar éis consan caol, agus bíonn an <i> ann nuair a bhíonn consan caol ina ndiaidh: *beo, ceol, múinteoir.*

I ngach líne sa bhosca **Achoimre 1** taispeántar graiféimí na ngutaí éagsúla a bhfuil fuaimniú aonair acu. Léiríonn an difríocht eatarthu cáilíocht na gconsan leathan nó caol ar an dá thaobh díobh.

Achoimre 1
Fuaimniú Rialta ar Litriú Gutaí Fada

Litriú	Fuaimniú	Samplaí
<á>, <ái>, <eá>, <eái>	/a:/	lán páiste, breá, eitleán, feiceáil
<é>, <éi>, <éa>, <ae>, <aei>, <ao> (sa Mhumhain)	/e:/	mé, féin, céad, tae, traein, saor
<í>, <ío>, <uí>, <uío>, <aío>, <oí>, <ao> (i gConnachta agus in Ulaidh)**, <aoi>**	/i:/	bhí, díol, suí, suíochán, draíochta, croí, saor, daoine
<ó>, <ói>, <eo>, <eoi>	/o:/	tóg, dóibh, ceol, feirmeoir
<ú>, <iú> <úi>, <iúi>	/u:/	cúramach, siúl, súil, ciúin

Ar gach líne braitheann rogha an litrithe go príomha ar cháilíocht na gconsan in aice leo, agus sin an fáth a bhfuil an-tábhacht ag baint le tuiscint ar na difríochtaí foghraíochta idir caol agus leathan, agus sin an fáth a bhfuil an-tábhacht le cluasoiliúint chun iad a aithint. Tá an-tábhacht leo sa litriú/léitheoireacht agus i gcruinneas san fhuaimniú (agus sa ghramadach).

Gutaí gairide

Tá gutaí gairide rud beag níos achrannaí, agus tá níos mó leaganacha díobh trasna canúintí agus, i roinnt cásanna, tá leaganacha éagsúla díobh taobh istigh de réigiún canúna fiú. Tá na patrúin phríomha luaite sa bhosca **Achoimre 2**, cé go bhfuil rud beag níos mó eisceachtaí i roinnt cásanna i gcás fhuaimniú rialta na ngutaí gairide ná atá i gcás na ngutaí fada.

Achoimre 2

Fuaimniú Rialta ar Litriú Gutaí Gairide

1. <a>, <ai>, <ea>: Sa Mhumhain = /a/, mar atá in *father* an Bhéarla: *agus, maith, teach.*

   I gcanúintí eile, cé gur féidir <a> agus <ai> a rá mar seo freisin, agus deirimid <ea> níos cosúla le *cat* an Bhéarla, agus is fíor seo freisin i gcás <ai> in Ulaidh agus ag tús focail i gConnachta: e.g., *teach, cead, aimsir, ais.*

2. <ei> = /e/, mar atá in *bed* an Bhéarla: *leis, eile, bheith, beirt.*

3. <i>, <ui > = /i/. Níos cosúla leis an nguta in *fish* sa Bhéarla: *mise, cuid, tuigim.* Ó am go ham, is é <io> an litriú eile atá ar /i/ (go háirithe) roimh <s>: *fios.*

4. Níos minice ná sin, áfach, is é /u/ (mar a tharlaíonn in *put* an Bhéarla) an fuaimniú ar <io> sa Mhumhain agus i gConnachta agus ar <o> in Ulaidh: *siopa, liom, tiocfaidh, iomlán.*

5. <o> <oi>: níl na liopaí chomh cruinn in /o/ na Gaeilge agus atá in /o/ an Bhéarla agus tá an teanga i bhfad níos faide chun tosaigh, agus dá bharr sin tá an fhuaim níos cosúla leis an nguta in *cut* agus cruth níos cruinne ar na liopaí: *doras, obair, os, loch, bocht*. Is féidir <oi> a fhuaimniú sa tslí seo i roinnt cásanna: *cois, scoil, sroich.* Is é seo an litriú is neamhsheasmhaí, agus tá a lán leaganacha taobh istigh de chanúint fiú. I gConnachta, is minic a bhíonn an fhuaim /e/ leis (mar atá san fhocal Béarla *bed*)*:*

   scoil, toil, oiread, coille, oifig

   Sa Mhumhain cluinfidh tú <o> <oi> mar /e/ nó /o/ chomh minic lena chéile, ag brath ar an bhfocal.

   In Ulaidh, is é /o/ an fhuaim. Ach i gcás roinnt focal, is féidir an litriú céanna a fhuaimniú mar /i/: *anois, coinneáil, roimh (*gach canúint), *oileán* (Connachta). Ar an iomlán, bunaithe ar mhinicíocht, tá an fuaimniú /o/ rialta le haghaidh Uladh, tá /e/ rialta le haghaidh Chonnacht, agus tá /o/ nó /e/ rialta le haghaidh na Mumhan.

Is féidir **Achoimre 3** a úsáid mar uirlis thapa tagartha chun díchódú a dhéanamh ar litriú gutaí i bhfocail nach n-aithníonn tú féin ná na foghlaimeoirí. Tabhair faoi deara go bhfuil teorainn le fuaimniú roinnt focal go ceantair áirithe chanúnacha. Úsáidimid na giorrúcháin seo sa tábla chun iad a aithint: Cn = Connachta, M = an Mhumhain, U = Ulaidh. Uaireanta is féidir teacht ar leaganacha fuaimeanna taobh istigh de réigiún, ach ní chuirimid iad san áireamh anseo.

Díchódú ar Ghutaí na Gaeilge

Achoimre 3 Díchódú ar Ghutaí na Gaeilge: *Achoimre*			
GUTAÍ FADA			
Litriú	**Fuaimniú**	**Samplaí**	**Nótaí**
á, ái, eá, eái	/a:/	tá, páiste, breá, feiceáil	Ní hionann sonraí foghraíochta i gcónaí
é, éi, éa, éai, ae, aei	/e:/	mé, féin, céad, tae, traein	<ao>, <aoi> in M freisin: *saor, naoi*
í, ío, uí, oí aí, uío, aío, ao, aoi	/i:/	bí, díol, buí, croí, rudaí, suíochán, draíocht, saor, daoine	<aoi>= <í> (in M ní bhíonn sé ach roimh chonsan caol (C′))
ó, ói, eo, eoi	/o:/	tóg, dóibh, ceol, feirmeoir	
ú, iú, úi, iúi	/u:/	cúl, siúl, súil, ciúin	
GUTAÍ GAIRIDE			
a, ai, ea, eai	/a/	cas, baile, sean, meaisín	
e, ei	/e/	te, leis, oifig	<oi> = /o/ in U
(agus *oi* in Cn&M)			
i , ui , io (roinnt canúintí)	/i/	bith, tuigim, fios	<*io*> /i/ go hannamh
io	/u/, /o/	siopa, tiocfaidh, liom	<o> in U, <u> in Cn & M
oi	/o/, /e/, /i/	cois, scoil, oileán	/o/ den chuid is mó in U, uaireanta áiteanna eile

Rialacha Breise ar Fhuaimniú

I gcomhthéacsanna áirithe, de bharr próisis rialta fhóineolaíocha, seans go mbeidh difríocht ann idir fuaimniú na bhfocal agus litriú na bhfocal. Nuair a bhíonn na próisis seo in úsáid go forleathan agus go ginearálta, is féidir déileáil leo mar phatrúin rialta a d'fhéadfaí a mhúineadh. Ní bheifeá ag múineadh an chuid is mó de na patrúin seo go dtí gur shroich na daltaí leibhéal níos airde, cé go bhfuil seans ann go mbuailfidh tosaitheoirí le samplaí áirithe díobh go measartha luath. Sa liosta thíos, tá cur síos ar roinnt de na rialacha a athraíonn fuaimniú i ngrúpa áirithe focal. Is féidir na focail seo a chur san áireamh mar fhocail a bhfuil litriú rialta acu is féidir a mhúineadh go héasca i gcomhthéacsanna mar a dtarlaíonn athruithe san fhuaimniú.

1. Consain Dhúbailte: Is ionann fuaimniú consain dhúbailte <*nn*>, <*ll*>, <*rr*> agus a macasamhalacha aonlitreacha i gcuid mhaith cásanna, cé go raibh na fuaimeanna seo éagsúil san am a chuaigh thart agus go ndéanann roinnt canúintí idirdhealú eatarthu fós (féach ar Chaibidil 8). Sna canúintí ina bhfuil na difríochtaí seo ann, tá mionsonraithe na ndifríochtaí caolchúiseach agus tá athrú ag teacht orthu ó ghlúin go glúin, agus dá bharr sin, is patrúin

fuaimnithe ag leibhéal measartha ard iad. Chun díchódú na litreacha seo a thuiscint, cuirimid a bhfuaimniú san áireamh mar fhuaimneanna rialta, cé acu atá a bhfuaimniú díreach cosúil lena macasamhail aonlitreach, mar a tharlaíonn i gcanúintí na Mumhan, nó rud beag éagsúil i gcásanna áirithe, mar a tharlaíonn i gcanúintí eile. Is é an rud atá comónta sna canúintí seo uile, cibé slí a bhfuaimníonn cainteoirí na consain dhúbailte, go dtéann na consáin dhúbailte seo i bhfeidhm ar fhuaimniú an ghuta rompu. Tá cur síos air seo sa chéad riail eile.

2. Fadú Gutaí: Tá riail sheasmhach ann go mbíonn fadú ar fhuaimniú gutaí roimh chonsain dhúbailte, ach amháin má tá guta ina ndiaidh san fhocal céanna. Tarlaíonn an rud céanna do ghutaí roimh an litir aonair <m> agus roimh an litir aonair <n> freisin nuair a bhíonn consan eile ina diaidh (ach ní tharlaíonn sé ag deireadh focail). Mar shampla, i gcás focal ar nós *ann*, *am*, *fonn*, *mall*, *carr* fuaimneoidh cainteoirí iad amhail is dá mbeadh síneadh fada orthu nó, i roinnt ceantar, amhail is dá mbeadh défhoghar /au/ nó /ai/ in úsáid iontu. Cé nach ionann na mionsonraithe ó chanúint go canúint (féach ar Chaibidil 8), is é an rud atá rialta go dtagann athrú ar fhuaimniú go rialta thart ar na consain seo, agus go gcruthaíonn sé na contrárthachtaí atá le feiceáil sa bhosca **Achoimre 4**.

Achoimre 4

Gutaí Fadaithe le Consain Dúbailte

Fada - deireadh focail	Fada - roimh C	Gairid - roimh G	Gairid - roimh C
cinn	cinnte	cinneadh	cion
tinn	tinte	tinneas	tine
geall	geallta	geallúint	geal
ceann	ceannfort	ceannas	ceana
donn		donnóg	don, dona

3. Gutaí Breise: Má tá dhá chonsan ag deireadh focail nó siolla, agus mura bhfuil an teanga san áit chéanna sa bhéal chun iad a fhuaimniú, de ghnáth bíonn fuaimniú guta neodrach (schwa) eatarthu ionas go mbeidh a bhfuaim cosúil le dhá shiolla. San áireamh tá na samplaí seo *gorm* /gorəm/,' *ainm* /an'əm'/, *dearg* /d'arəg/, agus *banbh* /banəv/. Tarlaíonn seo sna cásanna seo mar a bheifeá ag súil leis agus dá bharr sin glactar leis mar riail rialta i bhfuaimniú focal cé nach mbíonn an guta le feiceáil i litriú focal. Is féidir na focail seo a mhúineadh mar ghrúpa, chun aird a dhíriú ar na cineálacha sraitheanna consan a dtéann an fuaimniú i bhfeidhm orthu. Seans gurbh fhiú a rá leis na foghlaimeoirí go bhfuil fuaimniú den chineál céanna i mBéarla na hÉireann, i bhfocail ar nós *film* nó in ainmneacha ar nós *Colm*.

4. Consain Bhalbha Deiridh: Consain áirithe a raibh séimhiú orthu san am a chuaigh thart ní fhuaimníonn cainteoirí iad ag deireadh focail i roinnt canúintí. Is fíor seo go háirithe i gcás na graiféime <th>, a bhíonn balbh go minic i ngach canúint, ach is fíor é freisin i gcás <dh>, <gh>, <mh> agus <bh> i gConnachta agus in Ulaidh, go háirithe i gcás siollaí nach bhfuil faoi bhéim (e.g., *Gaillimh*, *ceannaigh*, *agaibh*, *bualadh*). Tá na litreacha ann fós i litriú oifigiúil toisc go bhfuaimníonn cainteoirí iad uaireanta i roinnt canúintí. Nuair a bhíonn <th> ag deireadh abairte nó frása, mar shampla, is dócha go mbeidh sé balbh, mar a tharlaíonn in *go maith*, cé go gcloisfidh éisteoirí /h/ uaireanta. Bíonn sé le cloisteáil níos minice agus níos soiléire, áfach, nuair a bhíonn focal ann ina dhiaidh agus guta ag tús an fhocail sin, mar a tharlaíonn in *Cailín*

maith í. Léiríonn na cinn eile patrúin éagsúla. Ag deirí focal sa Mhumhain, deir cainteoirí <gh> agus <dh> mar /g'/, go háirithe nuair a bhíonn sé caol i bhfocail ar nós *aghaidh, tiocfaidh, cheannaigh.*

5. Gutaí Ardaithe: Thart ar chonsan srónach (<m>, <n>, <ng>), go háirithe roimh cheann agus uaireanta ina dhiaidh, chun na gutaí scríofa <e> agus <é> a fhuaimniú ardaíonn cainteoirí a dteanga rud beag níos airde ina mbéal, ionas gurb ionann fuaim na ngutaí sin agus /i/, /i:/, agus i gcás <o> agus <ó>, is ionann a bhfuaim agus /u/ agus /u:/. Sna focail seo a leanas, i gcás na litreacha <o> nó <ó>, dá gcluinfeá iad i gConnachta nó sa Mhumhain shílfeá gur chóir duit iad a scríobh mar <u> nó <ú>: *liom, seomra, long, cónaí, mó, nóiméad, tráthnóna, fonn, trom.* Mar an gcéanna, cé nach dtarlaíonn sé chomh minic sna sonraí ar a bhfuil an cur síos seo bunaithe, dá gcluinfeá <e> nó <é> á léamh sa chaint seans go sílfeá gur chóir duit iad a scríobh mar <i> nó <í> mar atá in *dhein, déanamh, céanna, greim* (a bhfuil fuaimniú fada air freisin, de bharr riail 2 thuas).

6. Cailleadh Srónúlachta: I gConnachta agus in Ulaidh, má tá <n> tar éis consain eile fuaimníonn cainteoirí é mar /r/ (neamhshrónach), i bhfocail ar nós *mná, cnoc,* agus mar sin de. Is féidir an patrún litriú go fuaim seo a chur san áireamh mar cheann rialta sna canúintí a bhfuil baint aige leo.

Má ghlacaimid leis go bhfuil rialtacht i bhfuaimniú na bhfocal a thagann as na sé riail luaite thuas, is go beagnach 85% a éiríonn an rialtacht don 1,000 focal is minice úsáid i gcorpas na bpáistí. Is iontach an chéim rialtachta í seo, agus is fiú tairbhe a bhaint as. Ach de bharr go bhfuil na rialacha chomh héagsúil ó na patrúin litrithe sa Bhéarla a bhfuil aithne ag foghlaimeoirí orthu, níl sé furasta ag foghlaimeoirí ciall a bhaint as na rialacha leo féin. Nuair a thosaíonn foghlaimeoirí ar léitheoireacht na Gaeilge is cabhair í chun ciall a bhaint as an bhfocal scríofa má dhíríonn múinteoirí aird na bhfoghlaimeoirí ar na patrúin mar rialacha fuaimnithe.

Caibidil 7 Tuilleadh léitheoireachta

1. Is féidir teacht ar anailís córais fuaimeanna canúintí éagsúla sna monagraif seo a bhfuil tagairtí iomlána dóibh sa leabharliosta ag deireadh an lámhleabhair: de Bhaldraithe (1975) agus Ó Curnáin (2007) le haghaidh na Gaillimhe, de Búrca (1970) agus Mhac an Fhalaigh (1968) le haghaidh Mhaigh Eo, Wagner (1979), Quiggan (1906) agus Sommerfelt (1922) le haghaidh Dhún na nGall, agus sa Mhumhain, Ó Sé (2000) le haghaidh Chiarraí, Ó Cuív (1944/1983) le haghaidh Chorcaí, agus Breatnach (1947) le haghaidh Phort Láirge. Cuireann Ó Siadhail agus Wigger (1975) mionanailís trasna canúintí ar fhóineolaíocht na Gaeilge ar fáil, agus tugann Ó Siadhail (1989) achoimre níos gairide ar fáil i mBéarla. Cuireann Ó Raghallaigh (2013) anailís comparáideach ar fáil le haghaidh chórais fuaimeanna na Gaeilge i dtrí cheantar: an Cheathrú Rua (Conamara), Corca Dhuibhne (Ciarraí) agus Gaoth Dobhair (Dún na nGall).

2. Sa tsraith *An Ghaeilge Bheo* a rinne ITÉ tá cur síos maith soléite ar phointí éagsúla a baineann le gramadach agus fuaimniú na Gaeilge. Níl aon trascríobh foghraíochta sna leabhair, braitheann siad go hiomlán ar litriú. Ach tá seans ann go mbeidh roinnt díobh úsáideach mar gheall ar an bplé a dhéanann siad ar na slite a dtagann athruithe ar fhuaimniú litriú focal áirithe i gcomhthéacsanna áirithe i gcanúintí ar leith, rud is féidir cabhrú le teacht ar thuiscint ar athruithe fóineolaíocha ó réigiún go réigiún. Is iad seo na leabhair atá i gceist: Ó Baoill (1996) le haghaidh Uladh, Ó Sé (1995) le haghaidh Chiarraí, Ó Buachalla (2003) le haghaidh Oileán Cléire (Corcaigh), agus Ó Murchú (1998) le haghaidh na Gaillimhe.

3. *Our Fada* (Ó Snodaigh & Ó Domhnaill, 2012) tá liostaí sa leabhar seo agus léiríonn siad péirí íosdifríochtaí le haghaidh fad gutaí (focail gan aon difríocht eatarthu ach go bhfuil nó nach bhfuil síneadh fada orthu).

Acmhainní eile

Tá fuaimniú a lán focail aonair i gcanúintí éagsúla ar fáil ar roinnt suíomhanna gréasáin. Tá roinnt foclóirí ar líne ar fáil ó Fhoras na Gaeilge ag http://www.teanglann.ie , agus tá taifeadadh déanta ar fhocail roghnaithe sna trí mhórchanúint. Cliceáil ar an bhfoclóir atá uait agus roghnaigh an chlib Foghraíocht, agus cliceáil ar litir san aibítir le féachaint ar na focail taifeadta a thosaíonn leis an litir sin. Ar an bhfoclóir ar líne http://www.focloir.ie tá fuaimniú taifeadta le haghaidh na dtrí chanúint d'fhocail roghnaithe (níl i gceist ach ceannfhocail den chuid is mó). Fuaimeanna sintéisithe is ea na taifeadtaí ar http://www.abair.ie, ach is féidir cuardach a dhéanamh le haghaidh aon leagan d'aon fhocal. Tá suíomh gréasáin ag Ó Raghallaigh (2013) http://www.fuaimeanna.ie/ agus tá taifeadadh fhuaimeanna na dtrí chanúint a ndearna sé staidéar orthu anseo.

Caibidil 8
Eisceachtaí agus Éagsúlachtaí

Is iontach an rud é rialacha seasmhacha a aithint – ach faraor ní oibríonn gach rud de réir na rialacha. Cé nach bhfuil litriú na Gaeilge chomh neamhrialta agus atá litriú an Bhéarla, i gcás níos mó ná 15% den 1,000 focal is minice úsáid ó chorpas Gaeilge (CLGP) ní leanann siad na patrúin a ndéanaimid trácht orthu sna caibidlí roimhe seo. Ina theannta sin, i réigiúin áirithe tá fuaimniú rialta ag roinnt focal de réir rialacha litriú go fuaim i gCaibidil 7, ach ní mar sin atá an fuaimniú i réigiúin eile, mar sin, níl an smaoineamh seo faoi rialtacht chomh seasmhach sin, agus braitheann sí ar cibé leagan réigiúnda atá á mhúineadh agus á labhairt. Féachann an chaibidil seo ar roinnt de na leaganacha neamhrialta éagsúla sin, agus ar conas plé leo. Ar an dea-uair, tá patrúin ag na leaganacha neamhrialta féin go pointe áirithe, agus is féidir iad a fhoghlaim i ngrúpaí, rud a laghdaíonn an obair.

Neamhrialtachtaí a bhfuil patrúin leo: Béim

An chuid is mó den fhuaimniú neamhrialta sna focail is minice úsáid i gcorpas na bpáistí tá sí in dhá chatagóir: focail nach bhfuil faoi bhéim ar an gcéad siolla, ach nach féidir úsáid a bhaint as riail aistriú béime na Mumhan chun cur síos a dhéanamh orthu, agus leaganacha neamhrialta réamhfhocal.

I gConnachta agus in Ulaidh is é an patrún rialta go dtiteann an bhéim ar an gcéad siolla d'fhocal (sa Mhumhain, bogann an bhéim ó guta gairid ag tús an fhocail go guta fada, nó an deireadh *-ach*, i siollaí níos déanaí san fhocal). Ach ní chloíonn gach focal leis an bpatrún seo (an bhéim ar an gcéad siolla), agus ina measc tá grúpa focal ann a bhaineann le dobhriathra ama nó áite, a thosaíonn le /ə/, a mbíonn litriú <a> air de ghnáth, ach a mbíonn <i> air ó am go ham (má tá an consan caol ina dhiaidh). Seo na samplaí thíos a bhfuil an mhinicíocht is airde úsáid i gcorpas litríochta na bpáistí:

Focail ama

anois, ansin, anocht, aréir, amárach, inniu

Áiteanna/treonna

anseo, ansin, anonn, aníos, anuas, aniar, abhaile, amach, amuigh, istigh

Seo roinnt eile díobh nach dtéann isteach sna catagóirí seo, ach a bhfuil an patrún béime céanna agus an litriú céanna acu, is é sin, *atá, arís,* agus *amháin.*

Dobhriathra ama agus áite a bhfuil béim neamhrialta neamhchoitianta orthu

Tá samplaí eile de dhobhriathra ama agus áite, nach bhfuil sa 1,000 focal sa chorpas, ach atá coitianta go leor chun a lua anseo. Ina measc, tá:

anuraidh, inné, isteach, anall, anoir, aduaidh, aneas.

Ós rud é go bhfuil na cinn seo cosúil lena chéile, agus gur féidir iad a chur isteach i gcatagóirí is furasta a aithint, is fusa iad a fhoghlaim agus a chuimhneamh mar ghrúpa.

Míreanna Gramadaí, gan bhéim

Is tréith de chuid na Gaeilge í go bhfuil líon measartha mór de mhíreanna gramadaí aici, a mbíonn siolla amháin iontu de ghnáth, **nár chóir iad a chur faoi bhéim ar chor ar bith.** Na gutaí atá iontu, nuair a bhíonn siad gairid, bíonn schwa in úsáid, is cuma faoin litriú. San áireamh anseo tá na hailt *an* agus *na*, na forainmneacha sealbhacha *mo, do, a, ár, bhur*, agus réamhfhocail, ina measc roinnt leaganacha cumaiscthe, mar shampla, *i, in, sa, sna, do, don, de, den, gan, chun.*

Fiú nuair a deirtear na gutaí mar atá siad scríofa agus gan laghdú go schwa, ní bhíonn réamhfhocail faoi bhéim[3]. Is iad seo na samplaí is coitianta i measc réamhfhocal gan bhéim, áit nach bhfuil an guta laghdaithe go schwa, ach a deirtear gan bhéim fós: *ar, ag, ó, ón, faoi, faoin, trí, thar, roimh, fá, os, trína.*

Mar fhocal scoir, bíonn an chuid is mó de mhíreanna briathartha gan bhéim i gcónaí, san áireamh anseo tá leaganacha na copaile ar nós *is, ba, ab*, agus na míreanna réamhbhriathartha ar nós *a, go, gur, dar, an* agus ina measc siúd a mbíonn fuaimniú iomlán a ngutaí acu, *ní* agus *nach.*

Gan bhéim nó béim neamhrialta

Chomh luath agus a fhoghlaimíonn daltaí na grúpaí focal seo a bhfuil béim eisceachtúil orthu, níl ach roinnt bheag eile díobh fágtha, gan bhéim nó béim ar shiolla, nach féidir úsáid a bhaint as an mbéim bhunúsach nó riail athrú béime na Mumhan chun iad a mhíniú. Is iad seo na focail ó na cinn is minice úsáid i litríocht na bpáistí:

fhios i bhfrásaí ar nós *Tá a fhios agam*, taobh ó thuaidh den tSionainn deir cainteoirí é mar */**ta**:əs**a**gəm/*[4] (siollaí faoi bhéim i gcló trom),

*tráth**nó**na, dái**rí**re* agus *a**rán*** (tá an fuaimniú deiridh rialta sa Mhumhain, de réir riail an athruithe béime ansin) ach tá sé i réigiúin eile freisin, áiteanna nach dtarlaíonn an t-athrú béime de ghnáth.

Roinnt focal eile nach bhfuil chomh coitianta, a lán díobh ar iasacht ón mBéarla ar nós *to**bac***, nó *cor**óin*** (léiríonn an cló trom an chuid faoi bhéim) focail a bhfuil béim neamhrialta ar an dara siolla sna canúintí go léir. Ach, ní bhíonn na cinn seo le feiceáil go minic.

Neamhrialtachtaí béime i réigiúin áirithe

Mar fhocal scoir, baineann roinnt neamhrialtachtaí béime le réigiúin áirithe. Seo roinnt samplaí coitianta:

fuaimniú na Mumhan ar na forainmneacha réamhfhoclacha *a**gam**, a**gat*** agus an dara siolla faoi bhéim i nguta gairid; agus

leagan malartach Chonamara/Mhaigh Eo de *éigin*, is é sin *ei**cínt***, (léiríonn an cló trom an áit faoi bhéim) agus *ui**lig*** (in áit *uile*) freisin.

---

[3] Is í an eisceacht í anseo nuair is forainmneacha réamhfhoclacha iad (e.g. *air, aige* agus *uaidh*)

[4] Sa Mhumhain déarfaidh cainteoirí */**ta**:əsəg**u**m/*

Neamhrialtachtaí a bhfuil patrúin leo: réamhfhocail

Tá roinnt neamhrialtachtaí sa tslí a ndeir cainteoirí gutaí i roinnt réamhfhocal agus i bhforainmneacha na réamhfhocal sin. Is féidir iad seo a fhoghlaim mar chuid de ghramadach na leaganacha seo iad féin; seans gur leor aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar an difear idir litriú an fhocail agus fuaimniú an fhocail. I gcás *ar* agus *ag*, ní hamháin nach ionann fuaim an ghuta a mbeifeá ag súil léi ón litriú (tá an fhuaim cosúil le <e> in áit <a>), ach ní hionann cáilíocht an chonsain, a bhfuil fuaimniú caol air, mar a tharlaíonn sa tríú pearsa uatha den leagan firinscneach a bhfuil an forainm ann. Tá roinnt de na neamhrialtachtaí is coitianta thíos.

Ar: /er/: tá an fhuaim cosúil le *air*

Sa Mhumhain, tá fuaim *orm* cosúil le *oram*; in *uirthi* is /e/ an chéad ghuta.

I gConnacht agus in Ulaidh, is /o/ an chéad ghuta in *uirthi*.

Ag /eg/, ***aige.*** Sa chás seo deir cainteoirí an guta mar /e/ nó /i/.

Cuireann cainteoirí na Mumhan béim ar an dara siolla in ***agam, agat, againn, agaibh***

Is minic a laghdaíonn cainteoirí Chonnacht na forainmneacha réamhfhoclacha go siolla amháin: *'am, 'ad, 'ainn.* San fhocal *agaibh*, ní deir cainteoirí an consan deiridh, agus dá bhrí sin tá an fhuaim cosúil le *agaí*, agus sa tríú pearsa iolra tá consan breise ann agus tá an fhuaim cosúil le *acub.* An dá cheann deiridh seo, is samplaí iad seo de phatrún atá le cloisteáil sna forainmneacha réamhfhoclacha uile a bhfuil dhá shiolla iontu sna leaganacha seo i gConnachta.

In Ulaidh tá fuaimniú eile ann agus ní deir cainteoirí an <g>, déanann siad défhoghar den ghuta, dá bharr sin bíonn fuaimniú *agam* cosúil le *aighim*.

Ó*:* Fuaimneoidh cainteoirí an guta iomlán go rialta sa réamhfhocal simplí, ach in *uaim, uait, uaidh, uaithi, uathu* imíonn gach canúint ó fhuaimniú <ua> a mbeadh daoine ag súil leis. Tá gach canúint éagsúil, ach ní deir aon chainteoir in aon cheann díobh <ua> leis an défhoghar /ua/, rud a mbeifeá ag súil leis ón litriú.

I gConnachta, ní dhá shiolla atá i gceist le *uathu* ach ceann amháin, agus cuireann cainteoirí /b/ leis: /wo:b/.

Do, De: I gConnachta, titeann a lan leaganacha de *de* agus *do* le chéile, agus is minic a déarfaidh cainteoirí an <d> mar <g> nó <gh/dh>. Tá fuaimniú neamhrialta eile de leaganacha forainmneacha réamhfhoclacha sa bhunachar sonraí le feiceáil anseo, agus iad litrithe díreach mar a bheadh siad dá mb'ionann an litriú agus an fuaimniú.

Connachta: dhom, dhuit, dhó, dóib; go, gon, gona

Ulaidh: *domh (*/du:/), dófa (le haghaidh *dóibh*)

Chuig, chun: *Chuig* agus *chun*, is minic a chailleann siad an chéad chonsan, agus seans go bhfágfaidh fuaimniú na Mumhan an ceann lárnach ar lár chomh maith, rud a chiallaíonn nach bhfuil ach siollaí aonair sna leaganacha.

Chun: /ən/ i gConnachta agus Uladh.

Chuig: Sa Mhumhain: chugam = /xu:m/, chuici =/xu:hi/, chugainn = /xu:nʹ/, chucu =/xuhu/.

In Ulaidh: chuige = /hegʹə/, chucu - /xu:/

I gConnachta, fuaimníonn cainteoirí leaganacha uile *chuig* mar a fhuaimníonn siad na cinn chéanna in *ag*.

Idir i gConnachta agus in Ulaidh, is féidir é a fhuaimniú amhail is dá mbeadh litriú *eidir* air.

Le: uaireanta in Connacht is ionann fuaim *léi* agus *léithi*, agus *libh* (agus leaganacha eile aon siolla) agus *lib*.

Roimh: I ngach leagan de *roimh* tá fuaimniú /i/ ar an <oi>.
Sa Mhumhain, is féidir *roimhe* a fhuaimniú mar *roime.*

Trí: I gConnachta agus in Ulaidh, athraíonn <t> *tríd* go /h/ nó /f/.

Neamhrialtachtaí nach bhfuil patrúin leo: briathra

Sa 1,000 focal is minice úsáid i gcorpas litríochta na bpáistí, tá roinnt briathra an-choitianta a bhfuil fuaimniú neamhrialta acu. De bharr go bhfuil siad ann chomh minic sin agus go bhfuil siad chomh húsáideach sin, is fiú aird a dhíriú orthu. Luaite thíos, tá roinnt leaganacha, atá neamhrialta ar bhonn uilechoiteann.

Raibh: Ní deir cainteoirí in am ar bith é leis an nguta /a/ a mbeifeá ag súil leis, an fuaimniú a luamar in gCaibidil 6 le haghaidh <ai>, baineann cainteoirí úsáid as fuaimniú /rev′/ nó /ro/ leis an leagan seo den bhriathar. Tá an chéad fhuaimniú níos coitianta sa Mhumhain, agus tá an dara ceann níos coitianta i gConnachta agus in Ulaidh, ach is féidir leaganacha éagsúla a chloisteáil taobh istigh de réigiún.

Bheadh: Bíonn difríocht ann ó réigiún go réigiún i bhfuaimniú an deiridh *-adh*, úsáideann na canúintí uile fuaimniú neamhrialta /e/ in áit na gnáthfhuaime /a/ sa tsraith <ea>.

Tabhair: An ceann seo agus na leaganacha uile a bhaineann leis (an t-ainm briathartha, an aimsir fháistineach, agus araile.) fuaimníonn cainteoirí iad le guta simplí in áit an défhoghair a léiríonn an litriú <abha>. Sa Mhumhain, is é /u:/ an guta, in Ulaidh is é /o:/ an gutaí, agus i gConnachta, deir daoine an dá rud.

Gabhail: Tá sé cosúil le *tabhair*, an défhoghar a mbeifeá ag súil leis an mbriathar seo, níl sé ann. I gConnachta agus in Ulaidh, úsáideann cainteoirí an fhuaim /o:/, agus sa Mhumhain úsáideann siad /a:/ nó /av/.

Codladh: Tá an <d> balbh, ach amháin má tá guta ina dhiaidh, mar atá in *codail.*

D'fhiafraigh: Tá an <f> balbh i lár an fhocail.

Tarraing: Fuaimníonn cainteoirí an consan deiridh amhail is mura mbeadh an <g> ann, i.e, deir siad *tarrain.*

Arsa: I gConnachta, is schwa é an chéad ghuta, agus sa Mhumhain agus in Ulaidh, is é /e/ an chéad ghuta.

Tá briathra eile ann agus níl siad neamhrialta ach i roinnt canúintí. Tá na briathra sin thíos de réir leagain/leaganacha a léiríonn an neamhrialtacht.

Bain: Fuaimníonn cainteoirí na leaganacha uile den bhriathar seo leis an nguta /a/ i gConnachta, ach leis an nguta /i/ sa Mhumhain agus in Ulaidh.

Thaitin*:* Sa Mhumhain agus i gConnachta, fuaimníonn cainteoirí an consan láir <t> amhail is dá mbeadh séimhiú air <th>.

Fill: Ní dhéanann cainteoirí fadú ar an nguta roimh an <ll> deiridh i gConnachta, cé go bhfuil seans ann go mbíonn fadú ann nuair a bhíonn guta ina dhiaidh, mar a tharlaíonn le *filleadh.* In Ulaidh, úsáideann cainteoirí *pill* in áit *fill* agus ní bhíonn an réimír <d> ann san aimsir chaite, ach bíonn séimhiú ann, mar a tharlaíonn le <phill>.

Gheobhaidh: Sa Mhumhain agus in Ulaidh, ní fhuaimníonn cainteoirí an défhoghar <obha> a mbeifeá ag súil leis, ach laghdaíonn siad an fhuaim go /o:/. I gConnachta, bogann an fuaimniú idir an ceann rialta /jowə/ agus an ceann neamhrialta /jofə/.

Luigh: Fuaimníonn cainteoirí <luigh> leis an défhoghar /ai/ i gConnachta, mar a dhéanann siad leis an ainm briathartha *luí.*
In Ulaidh, tá fuaim *luí* cosúil le dhá shiolla, agus schwa tar éis /ai/ ag an deireadh.

Cuimhnigh: De ghnáth, sa Mhumhain agus i gConnachta, bíonn <mh> balbh agus bíonn an <i> fada amháil is dá mbeadh sé scríofa mar <*cuínigh*>. Nó i gConnachta, seans go ndéarfaidh cainteoirí é le /mʹ/ gan séimhiú (agus bíonn aistriú ann ó /n/ go /r/: /kimʹrʹə/, amhail is dá mbeadh sé scríofa mar <*cuimrigh*>).

Amharc: Is féidir an fuaimniú rialta a chloisteáil i ngach réigiún, ach i gConnachta, tá sé níos coitianta mar /afərk/ nó /afrək/ agus in Ulaidh seans go gcloisfidh tú /auŋk/.

Leaganacha na mbriathra nach bhfuil fuaimniú neamhrialta acu ach i gcanúint amháin

Sa liosta thíos, feicfidh tú líon áirithe neamhrialtachtaí a d'aithníomar i ngach canúint.

Sa Mhumhain

Rachaidh - seans go ndéarfaidh cainteoirí /rai/
Ghabh - seans go gcluinfidh tú /gev/
Tiocfaidh - tá /t/ leathan aige /t/, amhail is dá scríobhfá *tucfaidh.*

In Ulaidh

S*hroich* - tá an <sh> balbh
D'fhreagair - tá an <d> balbh, cloisfidh tú /rigər/.
Bualadh - léifidh tú *bualadh* agus cloisfidh tú *bolú,* agus léifidh tú *leagan* agus cloisfidh tú *ligean.*
Casadh - is féidir an guta deiridh in *casadh* a fhuaimniú mar /e/ in Ulaidh, in áit an /u:/ a mbeifeá ag súil leis.

I gConnachta

Tagtha - is féidir é a fhuaimniú amhail is dá mbeadh sé scríofa mar *tiuctha;*
Téann agus *luí/luigh* - fuaimníonn cainteoirí iad mar /ai/ (amhail is dá mbeadh siad scríofa mar *teigheann laigh*), agus
Tógáil - fuaimníonn cainteoirí an focal seo le <g> caol, ar aon dul le *tóigeáil.*

Neamhrialtachtaí i bhfocail eile

Ní thiteann neamhrialtachtaí eile isteach i ngrúpaí áirithe. An chéad ghrúpa thíos baineann siad leis na canúintí go léir.

Tábla 8.1 Neamhrialtachtaí i bhfocail eile

Neamhrialtachtaí atá coitianta sna canúintí uile
An <f> ag tús an fhocail *féin*, is minic a fhuaimníonn cainteoirí é mar <h>. De ghnáth fuaimníonn cainteoirí <ea> mar /a/ gairid, ach i gcás *eagla* agus *dea-* fuaimníonn siad é mar /a:/, agus i gcás *beag* fuaimníonn siad é mar /e/ nó /u/. De ghnáth is /o:/ fada é <eo>, ach i gcás *seo*, *deoch* agus *eochair*, tá sé gairid. Fuaimníonn cainteoirí *crainn* le /i:/ fada.
Neamhrialtachtaí atá in dhá chanúint
I gConnachta agus in Ulaidh tá fuaim *aríst* ar *arís*. Tá fuaim /i:/ ar an gcéad ghuta de *iontach* agus *ionadh*, ach de réir na rialacha sna caibidlí roimhe seo ba chóir go mbeadh /u:/ ann ag an tús mar fhuaimniú rialta, rud nach bhfuil ar fáil ach amháin sa Mhumhain. Tá <ae> *captaen* neamhrialta i gConnachta agus in Ulaidh. I gConnachta, de réir fuaime tá cuma ar <ae> go bhfuil sé scríofa mar <í>, agus in Ulaidh tá fuaim schwa air, mar atá in *captain* an Bhéarla. I gConnachta agus sa Mhumhain, is é an défhoghar /ai/ é an chéad ghuta in *éirigh* (ach shílfeá gur chóir é a scríobh mar *aighrigh*), in áit an /e:/ a mbeifeá ag súil leis, atá le cloisteáil in Ulaidh. Tá séimhiú ar an gcéad chonsan de *ceithre*, mar <ch> i gConnachta agus sa Mhumhain. Tá fuaimniú neamhrialta ar *Nua* agus *Domhain* sa Mhumhain agus in Ulaidh cé go bhfuil na neamhrialtachtaí éagsúil sa dá cheantar: Tá siolla breise in *Nua* in Ulaidh, tá an fhuaim cosúil le *nuaí*, ach sa Mhumhain tá laghdú ar fhuaim an défhoghair go <*nú*> nó <*nó*>. Laghdaíonn cainteoirí Uladh an défhoghar a mbeifeá ag súil leis in *domhain* go /o:/ simplí (mar <*dóin*>), ach sa Mhumhain úsáideann cainteoirí an défhoghar /ai/ go neamhrialta (mar <daghain>).

Mar fhocal scoir, tá fuaimniú roinnt focal neamhrialta i gceantar canúna amháin, ach rialta i gceantair eile. Cé go bhfuil fuaimniú na bhfocal seo uile lán chomh bailí, seans nach léireoidh an litriú caighdeánach roinnt díobh. Mar fhoinse tagartha, liostann Tábla 8.2 na focail ón 1,000 focal is minice úsáid i gcorpas leabhar na bpáistí, focail a bhfuil fuaimniú neamhrialta acu i gcanúint amháin. Cé acu ba chóir nó nár chóir iad a mhúineadh mar fhocail neamhrialta, braitheann sin, ar ndóigh, ar an tslí a bhfuaimníonn múinteoir áirithe iad (nó an fuaimniú a chloisfidh daltaí nó mic léinn ar aon taifeadtaí sa rang), nó ar an tslí a bhfuaimníonn muintir na háite iad.

Tábla 8.2: Neamhrialtachtaí Neamhchórasacha

Cúige	Ortagrafaíocht	Fuaimniú sa chúige sin	IPA*	Rialta
C	cluiche	cluife	/klifʹə/	/klixʹə/
C	dorais	doiris	/derʹisʹ/	/dorəsʹ/
C	croith	craith	/kra/	/kro/
C	cionn	cíonn	/kʹiːnn/	/kʹunn/
C	luch	loch	/lox/	/lux/
C	urlár	orlár	/aurlaːr/	/uːrlaːr/
C	oibre	aidhbre	/aibʹrʹə/	/ebʹrʹə/-/ibʹrʹə/
C	coill	cadhaill	/kaillʹ/	/killʹ/
C	tar	teara	/tʹarə/	/tar/
C	nuair	noir	/norʹ/	/nuərʹ/
M	roinnt	raidhnnt	/rainnʹtʹ/	/riːnnʹtʹ/
M	prionsa	preabhnsa	/pʹrʹaunsə/	/pʹrʹinsə/-/pʹrʹonsə/
M	deimhin	daighn	/dainʹ/	/dʹevʹənʹ/
M	diabhal	duíl	/diːəl/	/dʹaulʹ/
M	dtús	dtúis	/duːsʹ/	/duːs/
M	lámha	lá	/laː/	/laːwə/
M	oifig	ifig	/ifʹigʹ/	/efʹigʹ/
M	tinn	taidhnn	/tainnʹ/	/tʹiːnnʹ/
M	laghad	luíod	/liːd/	/laid/
U	éineacht	eineat	/eːnʹat/	/eːnʹəxt/
U	boladh	bolthadh	/bolhu/	/bolu/
U	fathach	fách	/fwaːx/	/fahax/
U	cath	catha	/kahə/	/ka/-/kah/
U	rang	wrong (English)	/raŋ/	/raŋg/
U	gaoithe	gaoi	/giː/	/giːhə/
U	crua	cruaí	/kruiː/	/kruə/
U	abhainn	óinn	/oːnnʹ/	/aunnʹ/
U	liathróid	learáid	/lʹaːraːdʹ/	/lʹiəroːdʹ/
U	láimh	láif	/laːfʹ/	/laːvʹ/

*Téigh go www.teanglann.ie le héisteacht le focail mura bhfuil tú cinnte faoina bhfuaimniú.

Éagsúlachtaí sna Canúintí

Na héagsúlachtaí i bhfoirmeacha na réamhfhocal agus na mbriathra atá le feiceáil thuas léiríonn siad fíric bhunúsach faoin nGaeilge; tá éagsúlachtaí i bhfoirm na teanga a labhraíonn cainteoirí dúchais sna réigiúin éagsúla (is ionann an cás sin sna teangacha go léir), agus ní léiríonn foirmeacha an *Chaighdeáin Oifigiúil* ach leagan réigiúnach amháin (agus ní i gcónaí an ceann céanna). Is é sin, níl aon fhoirm chaighdeánach ann le haghaidh fhuaimniú na Gaeilge labhartha[5], agus nuair a éiríonn foghlaimeoirí líofa roghnaíonn siad patrúin chainte an réigiúin inar fhoghlaim siad a gcuid Gaeilge nó glacann siad leis an gcanúint atá roghnaithe acu lena gcúiseanna féin. Tá sé tábhachtach go mbeidh tuiscint ag múinteoirí ar na príomhdhifríochtaí idir na réigiúin. Má tá an tuiscint sin acu beidh siad ábalta a mhúineadh d'fhoghlaimeoirí an fáth a bhfuil éagsúlacht ann idir litriú caighdeánach agus fuaimniú áitiúil. Beidh siad ábalta meas a chothú freisin sna foirmeacha labhartha sna réigiúin éagsúla agus cuirfidh siad daltaí nó mic léinn ar an eolas go gcloisfidh siad éagsúlachtaí i bhfuaimniú ó chainteoir amháin go cainteoir eile agus go bhfuil na héagsúlachtaí seo chomh bailí lena chéile. Tá seo thar a bheith tábhachtach i ranganna taobh amuigh den Ghaeltacht áit a gcloisfidh daltaí fuaimniú éagsúil ó rang go rang, de bhrí go bhfuil blasanna éagsúla ag múinteoirí, ag brath ar an áit agus ar an tslí ar fhoghlaim na múinteoirí sin a gcuid Gaeilge. Má tá tuiscint ag foghlaimeoirí ar na héagsúlachtaí seo agus má thuigeann siad go bhfuil na héagsúlachtaí seo chomh nádúrtha le canúintí Béarla ó chontae go contae is mór an cuidiú é chun frustrachas an fhoghlaimeora a laghdú i bhfoghlaim na Gaeilge. Is féidir na héagsúlachtaí seo a úsáid freisin chun roinnt de na fadhbanna a bhaineann le litriú na Gaeilge a mhíniú, litriú atá deartha chun gach fuaimniú a chur san áireamh. Sa rannóg seo tá tuilleadh samplaí de na héagsúlachtaí is suntasaí sna canúintí a chloisfidh agus a fheicfidh daltaí agus iad ag tosú ar fhoghlaim na Gaeilge, agus tá tagairt ar leith ann do na himpleachtaí le haghaidh an chórais litrithe.

Bhí tagairt ann cheana féin don éagsúlacht i bhfuaimniú <ao> mar <é> sa Mhumhain agus mar <í> i gConnachta agus in Ulaidh, tá sé ar cheann de na tréithe sainiúla is coitianta (in éineacht le patrún béime na Mumhan) a dhéanann idirdhealú idir na canúintí a labhraíonn daoine sa taobh ó dheas den tSionainn agus na canúintí a labhraíonn siad ar an taobh ó thuaidh di.

Tá éagsúlacht shuntasach eile ann a luamar cheana agus is é sin an claonadh i réigiúin thuaisceartacha chun an teanga a bhogadh chun tosaigh sa bhéal le haghaidh gutaí áirithe atá scríofa le <a>. Is é an toradh atá air seo go bhfuil an <a> gairid i gConnachta (go háirithe tar éis guta caol nó ag tús focail) níos cosúla leis an nguta Béarla in *hat* ná in *father*, mar atá sé sa Mhumhain. Is samplaí de seo iad *bean*, *airgead*, agus *ceannacht*. Úsáideann Gaeilge Uladh an fuaimniú seo le haghaidh /a:/ fada (<á>) ina lán focal, agus dá bharr sin tá an t-ainm *Seán* sa chanúint sin an-chosúil leis an bhfocal *sean* a déarfadh cainteoirí dúchais i gConnachta nó sa Mhumhain. Bain úsáid as www.teanglann.ie le teacht ar fhocail áirithe atá in úsáid mar shamplaí anseo, agus téigh go 'Bunachar foghraíochta" chun éisteacht leo á labhairt sna canúintí éagsúla.

[5] Cé go raibh iarrachtaí ann chun *Lárchanúint* (Ó Baoill (1986) a fhorbairt, feictear go bhfuil easpa eolais faoi seo.

Briathra

Tá éagsúlacht córasach i bhfoirmeacha briathartha sna canúintí agus is fiú tagairt a dhéanamh de seo freisin. Uaireanta tá seasmhacht sna slite éagsúla a ndeir cainteoirí dúchais foircinn áirithe briathartha ó réigiún go réigiún. Mar shampla, an iarmhír choitianta: *-adh* fuaimníonn cainteoirí í i slite éagsúla ag brath ar an leagan réigiúnach atá á labhairt agus ar an bhfeidhm áirithe atá ag an bhfoirceann in abairt ar leith. Tá achoimre ar na héagsúlachtaí seo i dTábla 8.3.

Tábla 8.3 Fuaimniú –adh

Feidhm Ghramadaí	**Connachta**	**Mumhain**	**Ulaidh**	**Sampla**
Ainm Briathartha	/ə/	/ə/	/uː/	bualadh
Modh Coinníollach/ Aimsir Ghnáthchaite	/əx/	/əx/	/uː/	bhuailfeadh /bhuaileadh
Saorbhriathar san aimsir chaite	/uː/	/əx/	/uː/	bualadh

Tá éagsúlacht níos soiléire sna foircinn bhriathartha sna canúintí móra. Bhí roinnt samplaí aonair le feiceáil sa rannóg roimhe seo. Tá cinn eile ann atá níos córasaí. An foirceann *-fidh* san aimsir fháistineach, mar shampla, de ghnáth fuaimníonn cainteoirí é mar /ə/ roimh ainmhfhocal nó roimh fhorainm mar ainmní, ach nuair a bhíonn sé ann roimh shos sa chaint, mar a tharlaíonn agus cainteoir ag freagairt ceisteanna, níl an fuaimniú iomlán /ə/ le cloisteáil ach i gConnachta, ach tá sé níos cóngaraí do /iː/ in Ulaidh agus /ig′/ sa Mhumhain. Is fíor é freisin d'fhoirmeacha eile briathartha a bhfuil foircinn <idh> nó <igh> leo, mar shampla, *chuaigh, cheannaigh, theastaigh, éirigh, iarraidh,* etc. Is fíor an patrún fiú i gcás roinnt focal nach briathra iad, amhail *réidh* agus *amhlaidh* ón 1,000 focal is minice úsáid. Is dócha gurb iad seo na patrúin is córasaí a fheicfidh foghlaimeoirí arís is arís go luath sa stór focal coitianta.

Tá éagsúlachtaí eile ann atá i bhfad níos faide ón litriú caighdeánach agus nach féidir déileáil leo go simplí mar leaganacha malartacha d'fhuaimniú an litrithe chaighdeánaigh, ach is fearr féachaint orthu mar fhocail éagsúla. Seo samplaí ón mbunachar sonraí a rabhamar ag tarraingt air *tógáil* an chaighdeáin *vs. tógaint* na Mumhan, *smaoineamh* an chaighdeáin *vs. smaoitiú* Uladh, agus *leanúint* an chaighdeáin *vs. leanacht* Chonnacht. Tá a lán samplaí den chineál éagsúlachta seo ann, go háirithe i bhfoirmeacha a bhaineann le hainmneacha briathartha agus le hainmfhocail iolra.

Consain dhúbailte

Na consain a bhfuil tréithe 'leachtach' nó 'srónach' acu agus atá scríofa mar litreacha dúbailte (<nn>, <ll>, <rr>), tá cuid díobh measctha sa chaint lena leaganacha aon litreach, ach amháin don tionchar a d'fhéadfadh siad a bheith acu ar ghuta rompu (atá pléite sa chaibidil roimhe seo). Ach ní hionann an saghas athraithe trasna na gcanúintí móra, agus cruthaíonn sé éagsúlachtaí san fhuaimniú is fiú a lua.

An Mhumhain: Is ionann fuaimniú litreacha aonair agus litreacha dúbailte: <nn> = <n>, agus mar sin de.

***Connachta*:** Fuaimníonn cainteoirí na consain leathana sa tslí chéanna is cuma cé acu atá litir amháin nó dhá litir i gceist, ach tá an fhuaim soiléir má tá siad caol. Go garbh, is féidir a rá go bhfuil an <n> agus <l> caol aonair níos cosúla leis na litreacha céanna sa Bhéarla (i gcás <l>,

sa tslí a bhfuaimníonn cainteoirí é ag tús an tsiolla), ach tá fuaimniú na gconsan dúbailte níos cosúla leis na consain láir in *onion* agus *million* (fiú ag tús agus deireadh focail, ait nach ndéanfaidh aon duine na fuaimeanna seo sa Bhéarla).

Ulaidh: De réir na bhfoinsí foilsithe tá dealuithe ann san fhuaimniú fós, ach de réir na gcainteoirí agus na scoláirí a ndeachamar i gcomhairle leo, tá na dealuithe seo ag imeacht i measc cainteoirí sna glúnta óga. Bunaithe ar na tras-scríbhinní a fuaireamar sna foinsí agus ar an gcomhairle a fuaireamar ó chomhairleoirí agus chainteoirí, feictear go bhfuil an-éagsúlacht ó fhocal go focal agus ó chainteoir go cainteoir. Is dócha gurb iad na dealuithe seo na cinn dheireanacha a shealbhaíonn foghlaimeoirí a roghnaíonn canúint Uladh mar mhodh cainte agus ní phléifimid anseo iad níos mó. Na monagraif ar an gcanúint atá luaite sa rannóg léitheoireachta thíos tugann siad léargas ginearálta maith ar réimse na héagsúlachta dóibh siúd a mbeadh suim acu i dtuilleadh sonraí.

Caibidil 8 Tuilleadh Léitheoireachta

1. Is féidir teacht ar anailís níos mionsonraithe ar chórais fuaimeanna na gcanúintí éagsúla Gaeilge sna monagraif luaite anseo agus tá na tagairtí iomlána sa leabharliosta: de Bhaldraithe (1975) agus Ó Curnáin (2007) le haghaidh na Gaillimhe, de Búrca agus Mhac an Fhalaigh le haghaidh Mhaigh Eo, Wagner (1979), Quiggan (1906) agus Sommerfelt (1922) le haghaidh Dhún na nGall, agus sa Mhumhain, Ó Sé (2000) le haghaidh Chiarraí, Ó Cuív (1944/1983) le haghaidh Chorcaí, agus Breatnach (1947) le haghaidh Phort Láirge. Cuireann Ó Siadhail agus Wigger (1975) anailís mhionsonraithe ar fáil trasna na gcanúintí ar fhóineolaíocht na Gaeilge, agus tugann Ó Siadhail (1989) léargas ginearálta níos gairide i mBéarla. Tugann Ó Raghallaigh (2013) anailís chomparáideach ar na córais fuaimeanna le haghaidh na Gaeilge sa Cheathrú Rua (Connemara), i gCorca Dhuibhne (Kerry) agus i nGaoth Dobhair (Donegal). In Stenson (2008), sna ceithre chaibidil dheireanacha, tá achoimre ann ar roinnt gnéithe suntasacha d'éagsúlacht sna canúintí a bheidh ina gcabhair d'fhoghlaimeoirí agus iad ag iarraidh na canúintí éagsúla a thuiscint.

2. Hughes (2008) *Leabhar Mór Briathra na Gaeilge/ The Great Irish Verb Book*, Clólann Bheann Mhadagáin/Ben Madigan Press, tá plé sa leabhar seo ar na briathra sna trí chanúint mhóra agus sa Chaighdeán, agus tá liosta na mbriathra ann agus iad in aimsirí éagsúla.

3. Dóibh siúd atá ag iarraidh teacht ar níos mó sonraí faoi na canúintí, féach ar *Stair na Gaeilge: in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (1994) An Sagart (Má Nuad)

4. D'fhoilsigh Institiúid Teangeolaíochta Éireann (ITÉ) na monagraif *Gaeilge Bheo* agus is foinse eile iad le haghaidh comparáid canúintí. Ní sholáthraíonn an chuid is mó díobh tras-scríbhinní foghraíochta, ach tarraingíonn siad ar litriú amháin. Ach d'fhéadfadh roinnt díobh bheith úsáideach mar gheall ar an bplé a dhéanann siad ar na bealaí a dtagann athrú ar fhuaimniú litriú focail áirithe i gcomhthéacsanna áirithe le haghaidh canúintí áirithe, agus is féidir leis seo cabhrú leis an tuiscint ar éagsúlachtaí fóineolaíocha ó réigiún amháin go réigiún eile. Is iad seo na leabhair atá san áireamh: Ó Baoill (1996) le haghaidh Chúige Uladh, Ó Sé (1995) le haghaidh Chorca Dhuibhne, Ó Buachalla (2003) le haghaidh Chléire (Co Chorcaí), agus Ó Murchú (1998) le haghaidh Chonamara.

Caibidil 9
Ceachtanna

Tá na ceachtanna sa chaibidil seo dírithe ar fhoghlaimeoirí Gaeilge a labhraíonn Gaeilge cheana féin ach ar mian leo feabhas a chur ar a dtuiscint ar phatrún litriú na Gaeilge. Agus múinteoirí agus múinteoirí faoi oiliúint ag dul trí na ceachtanna, gheobhaidh siad roinnt leideanna ar conas is féidir roinnt de na ceachtanna (ach iad i gceachtanna beaga!) a chur in oiriúint do pháistí i ranganna bunscoile, le cabhrú le páistí atá ag tosú ar fhorbairt na litearthachta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla chun ciall a bhaint as córas na Gaeilge agus as na difríochtaí atá idir é agus córas an Bhéarla. Is féidir na ceachtanna anseo a dhéanamh in ord ar bith, de réir mar a oireann siad do riachtanais foghlaimeoirí áirithe nó grúpa áirithe. Tosaíonn an leagan amach anseo le ceachtanna níos ginearálta ar thuiscint fhóineolaíoch agus leanann sé le scrúdú a dhéanamh ar phatrúin ar leith sa Ghaeilge le haghaidh gutaí agus consan, le patrúin níos simplí roimh phatrúin níos casta. Má úsáideann múinteoirí na ceachtanna seo le daltaí, molaimid dóibh iad a úsáid go spárálach, i gceachtanna gairide. Tá sé tábhachtach nach nglacfaidh na ceachtanna seo áit gníomhaíochtaí fíorléitheoireachta le haghaidh tuisceana agus pléisiúir, i gcás fhoghlaimeoir fásta nó óg na Gaeilge. Ach, creidimid go bhféadfadh úsáid thomhaiste cabhrú le méadú ar phléisiúr na léitheoireachta sa Ghaeilge de réir mar a chabhraíonn siad le léitheoirí na patrúin a aithint. Ní ghlacfaidh an chuid is mó de na ceachtanna níos mó ná cúpla nóiméad agus is féidir gníomhaíochtaí eile a mheascadh leo le haghaidh úsáid teanga, sa chaint agus sa scríbhneoireacht. Chun éisteacht le focail nó frásaí Gaeilge na gceachtanna á labhairt os ard, téigh go www.teanglann.ie, faigh an focal atá uait, agus roghnaigh an chanúint nó na canúintí is mian leat a chloisteáil.

Ceachtanna tuisceana

Forbraíonn na chéad cheachtanna tuiscint ar phatrúin ghinearálta fhuaimniú agus litriú na Gaeilge agus ar na bealaí nach ionann iad agus an Béarla.

Comparáid á déanamh idir an Ghaeilge agus an Béarla

Ceachtanna 1- 4: is féidir leo cabhrú le foghlaimeoirí cur lena dtuiscint ar na difríochtaí idir fuaimeanna na Gaeilge agus fuaimeanna an Bhéarla, agus ar na bealaí éagsúla ar féidir na litreacha céanna a úsáid chun fuaimeanna an dá theanga a léiriú.

1. ***Éisteacht le haghaidh difríochtaí.*** Fuaimnigh focail atá cosúil i nGaeilge agus i mBéarla, chun aird a dhíriú ar na difríochtaí sa tslí a ndeir cainteoiri focail áirithe Ghaeilge (an <r>, an <ng> deireanach, gutaí, na difríochtaí idir consain chaola agus consain leathana). Léiríonn na samplaí thíos na difríochtaí, ach le haghaidh cuid mhaith ranganna b'fhearr líon beag samplaí a roghnú san am, 5-6 phéire, b'fhéidir. D'fhéadfadh múinteoir iad a roghnú chun pointe amháin, nó roinnt pointí a léiriú, ag brath ar an rang agus ar sprioc an mhúinteora. Tá na samplaí anseo in ord randamach chun léiriú a dhéanamh ar éagsúlacht na ndifríochtaí a bhféadfadh múinteoir aird an ranga a dhíriú orthu, nó a d'fhéadfadh an rang a dhéanamh amach ag éisteacht le taifeadadh na bhfocal Gaeilge agus na focail sin á gcur i gcomparáid lena macasamhlacha sa Bhéarla. Is féidir teacht ar a lán péirí focal eile chun pointí áirithe fuaimnithe a léiriú, chomh luath agus a thuigeann tú na difríochtaí atá le cloisteáil.

Ceacht 1. Gaeilge nó Béarla?

doras	Doris
fir	fear
eile	Ella
caoi	key
deir	dare
uncail	uncle
tú	too
long	long
níl	kneel
bhfuil	will
mé	may
léigh	lay
bóthar	Boer
táthar	tar
Cáit	caught
rang	rang
saor	seer
carr	car
luí	Lee
bean	ban
fear	far
ní	knee

Plé agus Gníomhaíochtaí

Léigh 5-6 phéire focal ón liosta thuas agus fiafraigh:

Cé na difríochtaí a chloiseann sibh sna péirí idir an Ghaeilge agus an Béarla?

Cé na patrúin a fheiceann sibh anseo?

Cén fáth a bhfuil litriú na bhfocal Gaeilge difriúil?

Leiríonn na péirí focal roinnt de na difríochtaí seo:

1. Fuaimniú éagsúil /r:/; sa Ghaeilge chun an fhuaim a dhéanamh buaileann an teanga go tapa in aghaidh an iomaire chnámhaigh taobh thiar de na fiacla uachtair (chun an fhuaim <r> a dhéanamh sa Bhéarla, lúbann an teanga siar, ach is beag nach ndéanann sí teagmháil leis an mbéal ar chor ar bith). Déan comparáid: doras/Doris, rang/rang, saor/seer, fear/far.

2. Chun an <t> leathan a dhéanamh, is gá an teanga a chur níos faide chun tosaigh sa Ghaeilge ná sa Bhéarla, díreach in aghaidh chúl na bhfiacla. Tá <t> caol níos cóngaraí

do <t> an Bhéarla. Is fíor é seo freisin i gcás <d>, <n>, agus <l>. Déan comparáid: doras/Doris, luí/Lee, long/long, bean/ban, tú/too.

3. Bíonn mataín an bhéil rud beag níos teinne sa Ghaeilge ná sa Bhéarla agus gutaí á bhfuaimnú. Thabharfá seo faoi deara go háirithe sna gutaí fada. Seans go mbeidh gutaí Gaeilge níos gairide ná guta den chineál céanna sa Bhéarla. Déan comparáid: doras/Doris, níl/kneel, deir/dare, mé/may, saor/seer i measc cinn eile.

4. Is fuaim aonair í <ng> sa Bhéarla, ach sa Ghaeilge fuaimníonn cainteoirí an <g> leis féin de ghnáth (*rang/rang, long/long*)

5. Mar gheall ar na dealuithe idir consain leathana agus consain chaola ní hionann an fuaimniú. Sna samplaí thuas, ní hionann fuaim an <l> in *luí* agus *léigh*, ach sa Bhéarla is ionann fuaim an <l>in *lee* agus *lay*. Sa tslí chéanna, ní hionann fuaim an <r> in *deir* agus *fear*, ach is ionann an fhuaim in *dare* agus *far*.

6. Ag cuimhneamh ar an bplé níos luaithe (caibidil 4) ar na fóinéimí leathana agus caola /l/ agus /l′/ agus ar cé chomh héasca agus atá sé an dá fhoghar [l] agus [l'] a thuar sa Bhéarla, is féidir iniúchadh a dhéanamh ar an gcontrárthacht seo ag tarraingt ar na samplaí thuas: *luí/Lee, bhfuil/will, níl/kneel, eile/Ella, long/long*.

Gníomhaíochtaí eile ranga ag úsáid liostaí den chineál seo

a) Scaip na liostaí scríofa (nó liosta níos gairide, 3-5 fhocal san am, b'fhéidir) de phéirí focal Gaeilge agus Béarla. Fuaimnigh focal amháin ó gach liosta, agus iarr ar an rang 'Gaeilge' nó 'Béarla' a ghlaoch amach.

b) Léigh dhá fhocal amach ó gach péire, uaireanta sa teanga chéanna faoi dhó: caithfidh na páistí a aithint cé acu atá siad mar an gcéanna nó éagsúil, e.g., Doris, Doris; doras, Doris; doras, doras; Doris, doras.

c) Léigh trí fhocal amach, dhá cheann ó theanga amháin agus ceann ón teanga eile. Roghnaíonn na daltaí an ceann atá éagsúil agus cuireann siad ciorcal thart ar 1, 2, nó 3 ar bhileog oibre. Nó, aithníonn na daltaí an focal Gaeilge (nó Béarla) i ngach trí fhocal.

Ceacht 2. Focail iasachta

Tabhair faoi deara nach ionann fuaimniú na bpéirí thíos. Tháinig an chuid is mó de na focail seo isteach sa Ghaeilge mar iasachtaí ón mBéarla, ach tá roinnt focail Ghaeilge a chuaigh isteach sa Bhéarla mar iasachtaí. Cad a léiríonn litriú na bhfocal Gaeilge duit faoin ngaol idir fuaim agus litriú? Mar a rinne tú i gCeacht 1, d'fhéadfá roinnt de na focail seo a roghnú gach uair a dhéanann tú an ceacht seo, chun an fhoghlaim a neartú agus chun patrúin choitianta a fheiceáil arís is arís.

Ceacht 2

Béarla	**Gaeilge**	**Difríochtaí**
uncle	uncail	
match	meaits	
policy	polasaí	
action	aicsean	
jacket	seaicéad	
check	seic	
whiskey	fuisce	
belt	beilt	
brochure	bróisiúr	
bicycle	baidhsicil	
bar	beár	
telephone	teileafón	
price	praghas	
doubt	dabht	
breakfast	bricfeasta	
quilt	cuilt	
punch	puins	
colleen	cailín	
galore	go leor	
picture	pictiúr	
smithereens	smidiríní	
pill	piolla	
car	carr	

Plé agus gníomhaíochtaí

Is gá <i> a chur roimh /l′/ caol agus <e> ina dhiaidh. Is é <s> an litriú ar /s′/ caol, ach is gá <e> a chur ina dhiaidh agus/nó <i> roimhe. Léiríonn <rr> dúbailte /a:/ sa Ghaeilge. Maidir le litriú atá níos casta, tá <agh> nó <adh> in úsáid le haghaidh na fuaime /ai/ (an fhuaim a bhfuil an t-ainm "long <i>" air sa Bhéarla), tá <abh> ann le haghaidh /au/ an Bhéarla (<ow> nó <ou>). Tá an dá litir <fu> in úsáid le haghaidh <wh> an Bhéarla. Na ceachtanna céanna a d'úsáideamar thuas (Gaeilge nó Béarla? An ionann iad? Cé acu ceann nach meaitseálann?) is féidir iad a úsáid chun cleachtadh a thabhairt do chluasa na ndaltaí ar na difríochtaí córasacha idir an dá theanga.

Ceacht 3. Dá mbeadh litriú na Gaeilge ar fhuaimeanna an Bhéarla...

- cad a chluinfeá sna sleachta seo agus tú á léamh os ard? Cabhraíonn na cineálacha seo ceachtanna le foghlaimeoirí cleachtadh a fháil ar phatrúin litriú na Gaeilge agus tosú ar shealbhú na rialacha. Ceacht níos deacra is ea é seo atá dírithe ar dhaoine fásta atá tar éis tosú ar an léitheoireacht. (Tar éis staidéar 5 nó 6 seachtaine d'éirigh le foghlaimeoirí fásta é a thuiscint.) Is dócha go dtuigfidh múinteoirí ciall an greann go measartha tapa, ach is fiú aird a dhíriú ar an litriú mar atá sé chun dul i dtaithí ar na patrúin sa litriú agus ar na difríochtaí san fhuaimniú. Tabhair aird ar an gcruth atá ar litriú na bhfocal, agus ar an rud a léiríonn sin faoin tslí a bhfuaimníonn cainteoirí dúchais na Gaeilge iad. Cén litriú eile a chuirfeá féin ar roinnt de na focail?

Ceacht 3

Aigh nó a mean thú ios só léasaigh dat thí slíps in thios clós, bhéars a bíord, and dos nat smóc bíocos obh di trobal obh straighcein a meaits. It ios só lang suins thí did an anast déa's bhorc dat thí tincs 'meanúil léabar' ios de néim obh a Portúguís aiditéitear. [Lamhd Laftar]

Ó *The Best of Myles*

Chun na samplaí thíos a chruthú úsáideamar prionsabail den chineál céanna, ach tá na samplaí seo bunaithe ar rainn do pháistí agus ar cheoilíní eile atá níos oiriúnaí d'fhoghlaimeoirí óga, agus atá furasta a aithint chomh luath agus a thosaíonn siad ar dhíchódú an litrithe.

a. Bhon paitéiteo, tú paitéito, trí paitéiteo, fór;

fadhbh paitéiteo, suiocs paitéiteo, seibhin paitéiteo, mór.

b. Méirí thead a liotal leam, liotal leam, liotal leam;

Méiri thead a liotal leam, thios flíos bhos faight eas snó.

c. Turtaí daes heat soipteimbir, éipril, diúin, eand noibheimbir….

Déan iarracht rainn de do chuid féin a chruthú. Tosaigh ar na línte thíos a chríochnú. D'fhéadfadh daltaí níos sine a gceoilíní féin nó a bhfocail amhráin féin a roghnú agus iad a scríobh amach as Gaeilge.

1 Bhuí Bhuilí Bhuincí rean trú da tabhn....

2 Tbhuincil, tbhuincil, liotal stair….

3 Homptaí, domptaí, sait on a bhál…..

4 Ring a rabhnd da rósaí, a pacait ful obh pósaíos…

5 Aidhm leit aidhm leit fór a bheirí iompórtant deit

Ceacht 4. Ag imirt le comhghraif (agus le focal nach comhghraif iad).

Sa liosta thíos, is focail Ghaeilge iad roinnt díobh, agus is focail Bhéarla iad roinnt eile díobh, agus baineann roinnt díobh leis an dá theanga (i.e., comhghraif, focail a bhfuil an litriú céanna orthu sa dá theanga, ach nach ionann a bhfuaimniú sa dá theanga). Agus obair ar siúl ag na daltaí orthu seo, is féidir tuiscint a fhorbairt ar an litriú sa dá chóras agus ar an áit a bhfuil aontú agus easaontú sa litriú.

a. Iarr ar dhaltaí *Gaeilge* nó *Béarla* a scríobh in aice le focail ar liosta scríofa focal. Pléigh na focail a d'fhéadfadh a bheith i gceachtar den dá theanga. Cé mhéad dalta a thug an fhíric seo faoi deara?

b. Ag baint úsáid as roinnt de na focail atá go léir ina gcomhghraif (an litriú céanna sa dá theanga) léigh na focail os ard, uaireanta i dteanga amháin, agus uaireanta sa teanga eile, agus iarr ar na daltaí an teanga a aithint.

c. Abair *Gaeilge* nó *Béarla* agus iarr ar na daltaí an litriú a léamh os ard agus an fuaimniú cuí air. Cabhróidh seo leo tuiscint a bheith acu nach bhfuil an bhaint chéanna idir litriú agus fuaimeanna ó theanga go teanga. Ina áit sin, braitheann an fuaimniú ar an teanga. Is féidir focail Bhéarla fiú ar nós *near*, *sill*, *nice*, nó *seat* a fhuaimniú as Gaeilge, de bhrí go bhfuil na patrúin sin indéanta i litriú na Gaeilge. Ach ní fíor é i gcás *truck*, *year*, de bhrí nach bhfuil aon <k> nó <y> ann in ortagrafaíocht na Gaeilge. Mar an gcéanna, ní fhéadfadh *saor* bheith ina fhocal Béarla, de bhrí nach bhfuil an dá litir <ao> ann san ord sin sa Bhéarla, ach d'fhéadfadh *cead* nó *caith* bheith ina bhfocail Bhéarla (agus fuaimniú eile orthu ar ndóigh – mar a chloisfeá in *read* agus *faith*). Is féidir úsáid a bhaint as i bhfad níos mó samplaí de litriú a d'fhéadfadh a bheith sa dá theanga, nó de litriú nach bhféadfadh ach a bheith i dteanga amháin, ag tarraingt ar fhocail a bhfuil eolas maith ag na daltaí orthu sa dá theanga.

Ceacht 4

each	year
truck	lean
saint	seat
near	saor
cead	nice
sill	kid
chaith	bean

Gutaí: faoi bhéim agus gan bhéim

Sna ceachtanna thíos, tá aird á díriú ar an tslí chun fuaimniú gutaí a oibriú amach ó na foirmeacha scríofa i bhfocal agus i bhfrásaí. Mar a rinneadh roimhe seo, is féidir roinnt focal a roghnú ó na liostaí thíos chun ceachtanna níos gairide a chur ar fáil don seomra ranga. Níl sna focail seo (atá i measc na bhfocal is minice úsáid i litríocht do pháistí) ach moltaí. Is féidir aon fhocal a úsáid má tá patrún rialta béime aige.

Ceacht 5. Faigh an guta faoi bhéim

Cuir líne faoi (nó dath ar) na **gutaí faoi bhéim** sa bhosca (nó déan do liosta gairid féin de). Ansin *cuir ciorcal thart ar na gutaí gan bhéim* a fhuaimníonn cainteoirí le fuaim laghdaithe ('uh' nó 'ih'). (Tabhair faoi deara, seans go mbeidh difear beag sna freagraí ag brath ar an gcanúint réigiúnach atá á labhairt agus á múineadh).

Ceacht 5

cailín, baile, sagart, bláthanna, cosúil, máthair, cathaoir, feiceáil, timpeall, déanamh, éisteacht, féachaint, amadán, céilí, lámha, duine, leithéid, bhfolach, caitheamh, máistir, múinteoir, siopa, breathnú, sionnach, iarracht, bualadh, imirt, óige, foraois, tabharfaidh, rudaí, oscailt, chairde, theastaigh, cúramach, mbliana, iomaí, tagtha, captaen, dhúisigh, gairdín, aisteach, dearmad, fuinneog, thaitin, sneachta, marú, rompu, aisti, thiocfadh, coinneáil, deimhin, farraige, bóthar, buachaillí, abhainn, leigheas, beagán, leagan, tuairisc, córa, dochtúir, ceisteanna, buille, eatarthu, oileán, fadó, féidir, aimsir, maicín, eitleán, eitilt, íseal, liathróid, póilíní, iompar, buíochas, úsáid, Nollaig, soicind, cluiche, cloigeann, déanfaidh, sábhailte, carraig, agatsa, faitíos, bronntanas, tháinig, saighdiúirí, cathair, bosca, focail, foclóir, ospidéal, craiceann, móra, gabháil, cúramach, laethanta, sábháil

Plé

Den chuid is mó, sna focail thuas, is é an chéad ghuta atá faoi bhéim. Tá laghdú béime ar na gutaí sna siollaí ina dhiaidh sin ach amháin má tá siad fada (má tá síneadh fada nó ceann de dhélitreacha/dhéghraif na ngutaí fada le feiceáil). I roinnt canuintí, níl laghdú ar fhuaimniú foircinn briathartha ach tá fuaimniú guta soiléir le cloisteáil, de ghnáth /i:/ nó /u:/, e.g., *déanfaidh*, *caitheamh*. I nGaeilge na Mumhan, aistríonn béim go dtí na gutaí fada sa dara siolla (nó i siolla ina dhiaidh sin), agus seans go mbeidh laghdú ar an nguta roimhe nó seans nach ndéarfaidh cainteoir é ar chor ar bith. Mar sin, na gutaí a roghnaítear mar ghutaí faoi bhéim, braithfidh siad ar an gcineál Gaeilge atá á múineadh.

Ceacht 6. Béim neamhrialta

a. Sna focail thíos tá an bhéim, gan choinne, ar an dara siolla sna canúintí uile sa Ghaeilge. An bhfuil aon phatrúin i measc na bhfocal seo a chabhróidh le daltaí cuimhneamh orthu?

Ceacht 6a

amháin, atá, anseo, anois, amárach, anocht, aniar, aréir, anseo, ansin, ansiúd, inniu, inné, arís, aníos, anuas, anoir, istigh, amuigh, abhaile, anall, abhus, aduaidh, aneas, tráthnóna, tobac, coróin, arán

b. Níl aon bhéim ar aon cheann díobh seo i gcomhthéacs ar bith. Tá gutaí laghdaithe ar a lán díobh chomh maith. Cén chosúlacht eatarthu? Cé na cinn nach ndéanann laghdú ar a ngutaí? Cén chosúlacht eatarthu?

Ceacht 6b

an, na, go, mo, do, a, ar, ní, ár, ag, i, is, ba, in, dó, de, gur, den, don, sa, sna, le, dhá, faoi, trí, os, má, mé, tú, sí, sé, í, é, iad, siad, muid, sibh, ár, bhur, ab, roimh, dar, óna, lena, gurb, ina, nó, nár, nach, má

Plé

Ní hé gur focail an-ghairid (focail aon siolla) iad go léir, de bhrí go bhfuil cinn eile ann, atá chomh gairid agus a fhuaimníonn cainteoirí gan laghdú ar an nguta, e.g., *im, cú, tá, bhí, sin, seo, lá, rí, cé, te, tar, am, mac, lig, ea, tí, lán, lár, bí, beo, luí, gá.*

Leid

Smaoinigh ar an gciall a bhaineann le focal agus conas a úsáidtear é.

Ceacht 7. Bá

Nuair a thagann dhá ghuta le chéile trasna focal, agus nuair nach bhfuil ceann amháin díobh nó an dá cheann acu faoi bhéim, ritheann siad isteach ina chéile agus caillimid ceann de na gutaí. Mar shampla, *duine atá*... a fhuaimníonn cainteoirí mar /dinˈəta:/, gan ach schwa amháin á fhuaimniú le haghaidh an <e> in *duine* agus an <a> in *atá*. Mura bhfuil ach guta amháin gan bhéim, déanann an cainteoir bá air sin, mar a tharlaíonn in *duine óg:* /dinˈo:g/.

Cuir líne trí na gutaí a mbeadh bá orthu (nach bhfuaimneodh cainteoir) sa ghnáthchaint sna frásaí i gCeacht 7:

Ceacht 7

daoine eile	Donncha Ó Ceallaigh
Tá an lá go deas	Tá sé anseo
Níl sise ann	Tá mé ag caint
Cé a bhí anseo?	anseo anois
Úna atá anseo	oíche álainn
duine ar bith	mise agus tusa
seomra Áine	deireadh an cheoil
Tá sé ina fhear	Mol an óige agus tiocfaidh sí

Gutaí fada

Ceacht 8. Cad é an difríocht?

Is péirí focal iad péirí íosdifríochtaí agus níl ach fuaim amháin de dhifríocht eatarthu, rud a léiríonn go bhfuil an dá fhuaim (i.e., fóinéimí) shuaithinseacha sa teanga. Má thaispeánann múinteoirí péirí íosdifríochtaí do dhaltaí, is slí úsáideach í chun aird na ndaltaí a dhíriú ar dhifríochtaí a ndéanfadh siad neamhshuim díobh de ghnáth. Seo liosta de phéirí íosdifríochtaí le haghaidh gutaí fada agus gairide (nó i roinnt cásanna, péirí *neas*-difríochtaí, a bhfuil difríocht eile acu freisin, ach tá na focail measartha cosúil lena chéile go fóill).

Ceacht 8

Péirí Íosdifríochtaí	
solas	sólás
fear	féar
sean	Seán
arsa	ársa
te	té
ciste	císte
briste	bríste
cead	céad
paiste	páiste
mala	mála
foras	fórás
gaire	gáire

Péirí Neas-íosdifríochtaí	
pota	póca
post	pósta
clocha	clóca
lacha	lách
baisteadh	báisteach
feirm	féir
ola	úlla
mil	míle
muc	múch
cupán	cúpla

Plé

Is í an riail bhunúsach anseo, cibé uair a bhíonn síneadh fada ar ghuta i sraith litreacha, gurb é an guta sin a fhuaimneoidh an cainteoir. Na litreacha eile sa tsraith sin, níl siad ann ach chun eolas a thabhairt duit faoi na consain timpeall orthu.

Gníomhaíochtaí:

Ceist: Cad é an difríocht idir an dá cholún i ngach péire?

Bain úsáid as na péirí chun feidhm agus tábhacht an tsínidh fhada a léiriú.

Ceacht 9. Gutaí fada gan síneadh fada

Cé go gcinntíonn síneadh fada ar ghuta go bhfuil fuaimniú fada ar ghuta (taobh amuigh de Chúige Uladh), tá roinnt gutaí gan síneadh fada agus tá fuaimniú fada orthu freisin. Léiríonn litriú focail áirithe eile gutaí fada go rialta, cinn a bhfuil cosúil leis na cinn a bhfuil síneadh fada orthu.

Sa liosta thíos, tá sraith gutaí i gcló trom i ngach focal. Is ionann fuaim na sraithe sin agus fuaim guta fada. Meaitseáil an tsraith leis an nguta fada agus scríobh na focail sa cholún ceart i mbosca cheacht 9.

> **Aoi**ne, s**ao**l, l**ae**thanta, b**eo, ae**r, g**aoth,** eo**las,** d**ao**r, t**ae**, G**aei**lge,
> s**aoi**re, c**eo,** t**ao**bh, **aoi**bhinn, d**eo**ra, f**aoi**, tr**aei**n, c**ao**l, l**ae**, fuinn**eo**g,
> spr**aoi**, r**eoi**te, Iosr**ae**l, gh**eo**bhaidh, c**eo**l, cath**aoi**r, **ae**rfort, n**aoi**,
> str**ae,** **Eo**ghan, **aoi**bhinn , G**ae**ltacht, **ao**n, f**eoi**l, s**ao**r, C**aoi**mhín,
> **ae**rach, **Aoi**fe, s**eo**ladh, d**aoi**ne, s**eo**mra, **ae**, c**aoi,** feirm**eoi**r, tr**ae**

Ceacht 9

á	é	í	ó	ú

(Tabhair faoi deara go rachaidh roinnt focal i gcolúin éagsúla de réir na canúna atá á múineadh, de bhrí go bhfuil éagsúlacht san fhuaimniú ó réigiún go réigiún i roinnt cásanna)

Ceisteanna:

1 Cad iad na patrúin litrithe a fheiceann tú?

2 An bhfuil rialtacht ann maidir leis an gcineál litrithe a mheaitseálann le guta áirithe + síneadh fada (nó défhoghar)?

3 Cad iad na difríochtaí atá le feiceáil sna consain roimh litriú na ngutaí seo agus ina ndiaidh i gcomparáid le litriú simplí guta + síneadh fada?

4 An féidir leat smaoineamh ar aon fhocail eile a bhfuil an patrún litrithe/fuaime céanna acu?

5 An bhfuil aon eisceachtaí ann, áiteanna nach bhfuil fuaimniú fada ar na litreacha céanna seo? (*captaen* i roinnt canúintí, *seo, deoch, eochair)*

Ceacht 10. Níos mó gutaí fada

Abair os ard na focail i gCeacht 10a.

Ceacht 10a

carr, im, bord, tinn, poll, donn, ann, mall, ceann, geall, barr, ball, bann, ime, carranna, tinneas, banna, ceann, carr, fonn, am, cean, tinn, donn, bal, dall, mall, poll, crann, clann, fearr, gearr, barr, bonn, cionn, thall, cinn, fill, trom, amhras, timpiste, iontach, muintir, dar, fan, bun, gol, min, ama, mar, don, mil, buachaill, inneall, filleann, bainne, barraíocht, balla, dul, aidhm

*téigh go www.teanglann.ie chun focail faoi leith a chloisteáil mura bhfuil tú cinnte faoi fhuaimniú.

Bunaithe ar fhuaimniú na bhfocal, cuir na focail sna colúin i gCeacht 10b, faoin bhfuaim a meaitseálann siad léi. (Tabhair faoi deara go bhfuil focail áirithe ann a d'fhéadfadh dul isteach i gcolúin éagsúla, ag brath ar an gcanúint atá á labhairt nó á múineadh. Seans nach mbeidh focal ar bith ag cainteoirí roinnt canúintí i gcolúin áirithe, mura bhfuil an fuaimniú sin ar fáil le haghaidh litriú na bhfocal sin sa cheantar.)

Ceacht 10b

/a:/-<á>	**/e:/-<é>**	**/i:/-<í>**	**/o:/-<ó>**	**/u:/-<ú>**	**/ai/-e.g. <adh>**	**/au/-e.g., <amh>**

Sa chéad cheacht eile tá cur chuige rud beag éagsúil do na patrúin chéanna, agus úsáideann an ceacht na samplaí céanna (cé gur féidir níos mó samplaí a chur leis ó stór focal na ndaltaí).

Ceacht 11. Gairid nó fada?

I roinnt focal, braitheann fuaimniú guta mar ghuta fada nó mar ghuta gairid ar an gcomhthéacs ina bhfeicimid na litreacha.

1 Féach ar na liostaí thíos agus déan iarracht teacht ar an bpatrún a léiríonn cé acu gutaí atá fada agus cé acu atá gairid. (Má fhuaimníonn tú roinnt díobh seo mar /au/ nó /ai/, cuir san áireamh iad mar ghutaí fada, freisin.)

2 Cuir aon fhocail eile leo a bhfuil tú in ann smaoineamh orthu a oireann do na patrúin.

Ceacht 11

gairid	**fada**	**fada**	**fada**	**gairid**	**fada**
gar	gearr	donn	tinn	tinneas	garda
fear	fearr	fonn	cinn	coinneal	coinnle
bun	barr	bonn	roinn	roinneadh	cinnte
cur	carr	corr	cruinn	cara	cairde
mar	mall	poll	pinn	tharraing	timpeall
gol	thall	trom	im	ime	timpiste
mil	ball		mill	milleann	millteach
dul	dall		grinn	Nollaig	gairdín
	am			ama	
	ceann			ceannaire	iompair
	clann			bainne	iontach
	crann		rinn	rinne	muintir

D'fhéadfá an ceacht seo a chur in oiriúint do pháistí ag baint úsáid as 2 – 3 ghrúpa focal san am

Ceacht 12. Fada nó gairid?

Sna sraitheanna gutaí sna focail thíos cé acu díobh a léiríonn gutaí fada (cuimhnigh, seans nach mbeidh síneadh fada ar na gutaí fada uile)?

Cuir ciorcal (nó dath) ar na cinn a bhfuil gutaí fada acu.

Ceacht 12

raibh, mé, isteach, leithscéal, cailín, ceann, beo, díreach, ceist, Seán, faitíos Bríd, duine, daoine, fear, laethanta, dó, dúirt, chonaic, sean, léi, arís, seaicéad áit, amháin, mór, déanamh, faoi, oíche, thosaigh, scéal, mbeadh, clann, leor abhaile, máthair, bhíodh, deireadh, féidir, rá, athair, caoi, cinnte, páistí, féach lár, mo, fearr, cónaí, dúinn, feiceáil, mall, bord, dearg, céanna, nóiméad, slí airgead, cúig, barr, cheana, fiú, thuig, bán, tír, súil, deir, réir, im, dóigh, fadó, smaoineamh, cuid, míle, bhaint, múinteoir, díobh, fágtha, amárach, ól, póca fáilte, sionnach, scríobh, chóir, thall, fonn, áthas, inis, ainmhí, féin, iontas captaen, cúl, sílim, tús, doras, fuinneog, ainmhí, tinn, cathaoir, Gaeilge, cur gheobhaidh, snámh, imní, Dónall, trom, sráid, bocht, ciúnas, íseal, codladh, náire, baile

Is féidir focail a roghnú ón liosta seo chun gach litriú a bhfuil síneadh fada air a fhágáil as an áireamh, nó chun litriú eile na ngutaí fada a theorannú do chineál amháin má oireann sin níos fearr don cheacht.

Gutaí Gairide

Uaireanta tá sé níos deacra gutaí gairide a dhíchódú, toisc nach bhfuil aon siombail iontu, ar nós an tsínidh fhada, chun cabhrú le léitheoirí cinneadh a dhéanamh cé acu guta ba chóir a fhuaimniú nuair a thagann dhá cheann díobh le chéile. Sna ceachtanna sa rannóg seo is mian linn léitheoirí a chur ar an eolas faoi fheidhm shraith na ngutaí seo i litriú na Gaeilge agus faoin tslí a n-oibríonn siad chun na gutaí a fhuaimniú mar ghutaí gairide.

Ceacht 13. Ag féachaint ar na patrúin

Cuir na focail i ngrúpaí i gcolúin ina bhfuil an fuaimniú céanna ar na gutaí (faoi bhéim).

(I ngach ngrúpa tá litriú den chineál guta céanna ar na focail, seans go mbeidh fuaimniú na bhfocal éagsúil. Is féidir iad a thabhairt amach le chéile nó mar ghuta amháin san am).

Ceacht 13

maith, eochair, glas, dul, deis, minic, bean, daide, rud, eitilt, cluiche, siopa, airgead, dar, leat, cuid, lag, sagart, cat, deas, caith, cead, cailín, oileán, maime, uimhir, fios, scoil, uisce, soir, cliste, doras, fios, fada, teach, luch, deir, bosca, turas, bainne

cupán, dona, loch, coinnigh, luch, bith, tuirseach, agus, anois, chuir, duine, iomaí, minic, solas

bheith, chonaic, seisean, cur, te, mise, thosaigh, baile, imigh, breá, deireadh, bean, tús, tar, tháinig, carr, trom, im, gaoth, tirim

athair, freisin, leaba, sise, bocht, roimh, ceann, ocras, cuma, dearg, liom, fanacht, focal, máthair, cistin, duine

leag, solas, tuirseach, tabhairt, eagla, aisling, lorg, thuig, deara, sula, raibh, d'oscail, cuid, cailín

Ceacht 14. Aithin an difríocht (péirí íosdifríochtaí)

I ngach péire focal thíos, tá difríocht amháin sa litriú, agus difríocht amháin i bhfuaimniú na bhfocal. Sa chéad cholún, is beag nach bhfuaimníonn cainteoiri gach litir léi féin.

Sa dara colún, tá litreacha breise gutaí ag na focail, litreacha nach bhfuaimníonn cainteoirí mar ghutaí. Cuir ciorcal thart orthu seo.

Ansin fuaimnigh an dá fhocal ar gach líne. Cén difríocht san fhuaimniú?

Ceacht 14

fuar	fuair
bí	buí
masc	measc
min	mionn
línte	líonta
bád	báid
ní	naí
siúl	siúil
gan	gean
fál	fáil
scil	scoil
bó	beo

Plé:

Cluinimid an difríocht sa chonsan atá in aice leis an nguta breise scríofa.

Léiríonn an guta breise cé acu caol nó leathan atá an consan nuair a bhíonn an cháilíocht éagsúil ón nguta a fhuaimníonn cainteoirí.

Is féidir an téarma *marcóirí consan* a thabhairt orthu seo.

Ceacht 15. Gutaí agus Marcóirí

1. Sa cheacht roimhe seo léirigh sé gur fuaimeanna i ndáiríre iad roinnt de na litreacha guta, agus gur marcóirí consan iad cinn eile. Fuaimnigh na focail nó éist le múinteoir/taifeadadh ag fuaimniú na bhfocal atá scríofa sa tábla le haghaidh Cheacht 15 agus cuir ciorcal thart ar an nguta a ***chloiseann*** tú.

2. Ansin cuir líne faoin nguta ***nach gcloiseann*** tú agus faoin gconsan ina aice leis.

3. Cén fhuaim a bheidh ar an gconsan má bhaineann tú an guta sin de sa litriú? (Uaireanta nuair a bhainimid an guta a dhéanann an mharcáil, bíonn focal éagsúil Gaeilge againn, focal a bhfuil ciall éagsúil leis. Uaireanta, an méid atá fágtha, ní bheidh sé ina fhocal ceart ar chor ar bith, ach is féidir a oibriú amach cén fuaimniú a bheadh air dá mbeadh a leithéid d'fhocal ann).

Ceacht 15

bean	ceo	buí	cuid	baile	báid
lean	beo	suí	muid	maidin	náid
sean	deo	luí	druid	maith	sráid
plean	leo	guí	pluid	cailín	bráid
gean	treo	tuí	buidéal	caith	ócáid
sceana	teo	cuí	fuil	bainne	comparáid
ceannach	gleo	buíochas	bhfuil	faitíos	ócáid
beach	leor	suíochán	druil	craic	úsáid
teach	deora	cuíosach	tuil	ainm	láidir
teacht	ceol	fuíoll	duine	ais	fáil
seacht	beola		suim	airgead	dáil
seachtain	leon			aire	sáil
leaba	meon				cáil

Ceacht 16. Ag cur gach rud le chéile: focail gan bhrí

Ní focail chearta Ghaeilge iad aon cheann de na focail sa tábla le haghaidh Cheacht 16 (is focail gan bhrí iad), ach d'fhéadfadh siad bheith ina bhfocail sa Ghaeilge. Is é sin, tá litriú orthu, agus d'fhéadfá iad a fhuaimniú ar shlí a n-oireann do rialacha fhóineolaíocht agus ortagrafaíocht na Gaeilge.

Fuaimnigh os ard an tslí a bhféadfadh duine iad a fhuaimniú sa Ghaeilge.

Ceacht 16

beas	daog	gaoi	cean	ceán
bill	gíor	nall	craeil	graobh
prís	páil	súr	cuin	cúin
claeim	marr	seilt	daer	breo
dann	meol	stall	plaoi	brinnt
dasta	dásta	aoimh	nael	doll
creaib	blonn	fraoin	súilleog	suid

Consain: Athruithe

Ceacht 17. Séimhiú agus Urú

a) Cé acu de na consain thíos a bhféadfadh séimhiú dul i bhfeidhm orthu? Cuir ciorcal thart orthu.

b) Tarraing líne trí na consain a dtéann urú i bhfeidhm orthu freisin.

Ceacht 17

b c d f g h l

m n p r s t

c) Anois scríobh foirmeacha gach athraithe le haghaidh gach consain:

Consan	Foirm shéimhithe	Foirm uraithe
b	bh	mb
c		
d		
f		
g		
h		
l		
m		
n		
p		
r		
s		
t		

Ceacht 18. Séimhiú ar an aimsir chaite

Glac na horduithe sa chéad bhosca agus scríobh iad i bhfoirm na haimsire caite sa dara bosca. Cuir séimhiú ar an gcéad chonsan mar is cuí, agus cuir *mé* leis, le léiriú go ndearna tú an gníomh. Ansin abair na focail os ard.

Ceacht 18

Seas.	Bris an chailc.	Mínigh an freagra.
Scríobh litir.	Léigh an leabhar.	Dún an doras.
Ceannaigh bia.	Bain triail as.	Buail isteach.
Gearr an t-arán.	Póg Liam.	Lean an múinteoir.
Tosaigh ar ball.	Múch an tine.	Glan an teach.
Siúil abhaile.	Rith.	Caith é.
Dúisigh.	Tit a chodladh.	Nigh na héadaí.

Sheas mé.	Bhris mé an chailc.	

Ceacht 19.

Cuir na habairtí thíos sa leagan diúltach. Cad a thugann tú faoi deara faoin tslí a bhfuaimníonn tú na briathra?

Ceacht 19

Abairt	**Leagan Diúltach**
Feicim Seán.	Ní fheicim Seán
Baineann sé an féar.	
Imreoidh siad cartaí.	
Caitheann Bríd toitíní.	
Glanann sé tithe.	
Téann an bus ansin.	
Creidim é.	
Seasfaidh sí anseo.	
Léann siad filíocht.	
Posfaidh siad.	
Siúlann sé.	
Fiuchfaidh mé tae.	
Ritheann sí gach lá.	
Pléifimíd an cheist seo.	
Scríobhaim.	
Ceannóidh mé carr nua.	
Déanann sí go maith.	
Brisfidh tú é.	
Tiocfaidh tú.	
Díolann siad bláthanna.	

Ceacht 20. Seimhiú agus urú

Cuir na huimhreacha 3 (+ séimhiú) agus 9 (+ urú) roimh gach ceann de na focail thíos, agus athruithe leo mar is cuí. Ansin déan iarracht fuaimniú a dhéanamh ar na frásaí atá scríofa agat:

Ceacht 20

	3+ séimhiú	**9 + urú**
cat	3 chat	9 gcat
teach		
carr		
bord		
